2026/249

30.1.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/249 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Eanáir 2026

lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Chomhairle le bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha áirithe a bhfuil nasc feidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta sin, de réir mar is iomchuí. I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá deiseanna iascaireachta le socrú i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach in Airteagal 2(2) den Rialachán sin. Tá deiseanna iascaireachta le socrú freisin i gcomhréir le ceanglais Rialacháin (AE) 2018/973 ([2]) agus (AE) 2019/472 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear pleananna ilbhliantúla do stoic áirithe a ndéantar iascaireacht orthu sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair, agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin. De bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá deiseanna iascaireachta a chionroinntear i measc na mBallstát le cobhsaíocht choibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic éisc nó gach iascaigh a áirithiú.

(2) Ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, ar bhonn dearcadh fadtéarmach, agus sainiúlachtaí réigiúnacha á gcur san áireamh agus i bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara.

(3) De bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá na stoic uile a bhfuil teorainneacha gabhálacha ag gabháil leo faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ón 1 Eanáir 2019, ach tá feidhm ag díolúintí áirithe. Ar bhonn moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit agus i gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ghlac an Coimisiún Rialacháin Tharmligthe (AE) 2023/2459 ([4]) agus (AE) 2023/2623 ([5]) lena leagtar síos mionsonraí le haghaidh iascaigh áirithe maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/973/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/472/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2459 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a shonrú i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2024-2027 (IO L, 2023/2459, 6.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2459/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2623 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhionsonraí na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe in Uiscí an Iarthair a shonrú le haghaidh na tréimhse 2024-2027, (IO L, 2023/2623, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2623/oj).

(4) Ba cheart a chur san áireamh sna deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic speicis a chumhdaítear leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, nach gceadaítear a thuilleadh i bprionsabal ábhar muirí a aischur. Dá bhrí sin, ba cheart deiseanna iascaireachta a bheith bunaithe ar fhigiúr na comhairle eolaíche le haghaidh gabhálacha iomlána arna chur ar fáil ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), is gcás ina bhfuil sí ar fáil. Na cainníochtaí a bhféadfar, mar eisceacht ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, leanúint dá n-aischur, ba cheart iad a asbhaint ón bhfigiúr sin a mholtar le haghaidh gabhálacha iomlána. Ina theannta sin, i gcás deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic ar ina leith nach dtugann ICES ach comhairle maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, ba cheart iad a shocrú ar bhonn na comhairle sin.

(5) Sna Pleananna Ilbhliantúla a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 leagtar amach spriocanna agus bearta chun bainistiú fadtéarmach a dhéanamh ar na stoic a chumhdaítear leis na Pleananna Ilbhliantúla sin. Ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc a liostaítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2018/973 agus in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2019/472 ('spriocstoic') a shocrú i gcomhréir le raon luachanna na básmhaireachta iascaireachta as a n-eascraíonn an uastáirgeacht inbhuanaithe ('raonta F_{MSY}'), nó ba cheart iad a shocrú ar leibhéal níos ísle, agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis na coimircí bithmhaise dá bhforáiltear sna Rialacháin sin. Leagtar amach na raonta F_{MSY} sa chomhairle ábhartha ó ICES. Maidir le deiseanna iascaireachta do na spriocstoic nach féidir raonta F_{MSY} a chinneadh ina leith, agus do na stoic dá dtagraítear in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) 2018/973 agus in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) 2019/472 ('stoic foghabhála'), ba cheart iad a shocrú i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nó, i gcás nach bhfuil faisnéis eolaíoch leormhaith ar fáil, i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (8), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(6) De bhun Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2018/973 agus Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2019/472, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh spriocstoc a shocrú chun a áirithiú gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an bhithmhais faoi bhun an phointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais (B_{lim}) ([6]).

(7) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/973 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/472, i gcás ina léirítear leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite aon cheann de na spriocstoic faoi bhun an MSY $B_{trigger}$ ([7]), tá bearta ceartaitheacha le déanamh. Go háirithe, ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú ar leibhéal a chomhfhreagróidh don bhásmhaireacht iascaireachta a laghdaítear go comhréireach chun an laghdú ar an mbithmhais a chur san áireamh. I gcás ina léirítear leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite d'aon cheann de na spriocstoic faoi bhun B_{lim}, tá bearta ceartaitheacha breise le déanamh chun a áirithiú go ndéanfar an stoc a athbhunú go tapa chuig leibhéil os cionn na leibhéal sin a bhfuiltear in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh os a gcionn. Féadfar a áireamh ar na bearta ceartaitheacha sin go háirithe iascach spriocdhírithe ar an stoc atá i gceist a chur ar fionraí agus laghdú leordhóthanach deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc sin nó na stoc eile san iascach.

(8) Tá stoic áirithe ann a molann ICES gabhálacha nialasacha nó gabhálacha ísle ina leith, nó tuarann ICES, maidir le dóchúlacht níos lú ná 5 % a bheith ann go dtitfidh an bhithmhais faoi bhun B_{lim} nach bhféadfaí í a bhaint amach ach amháin le gabhálacha ísle; nach bhféadfaí í a bhaint amach ach amháin le gabhálacha nialasacha; nó nach mbainfí é sin amach fiú le gabhálacha nialasacha. Mar sin féin, i gcás ina mbunófaí na TACanna le haghaidh na stoc sin ar na leibhéil sin, d'fhéadfadh an oibleagáid gach gabháil a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin in iascaigh mheasctha, a chur faoi deara do shoitheach iascaireachta amháin nó níos mó stop a chur leis an iascaireacht fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hiascaigh áirithe a dhúnadh roimh am. De bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2018/973, Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/472 agus Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcomhar le hAirteagal 2(1) agus Airteagal 2(5), pointí (c) agus (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013agus chun cothromaíocht a bhaint amach idir iascach measctha a choinneáil ar bun, i bhfianaise na dtionchar tromchúiseach socheacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh, agus an gá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe, is iomchuí TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú ar leibhéil lena seachnaítear an baol go ndúnfaí iascaigh a bhfuil cuóta fós acu le haghaidh spriocspeicis roimh am mar gheall ar easpa cuótaí a bheith ag soithí iascaireachta le haghaidh stoic arna ngabháil mar fhoghabháil, i gcás ina bhféadfadh diantionchair shocheacnamaíocha a bheith ag gabháil le dúnadh roimh am mar sin sa ghearrthéarma. An tráth céanna, leis na TACanna foghabhála, ba cheart caomhnú na stoc lena mbaineann a áirithiú freisin, i gcás ina bhféadfadh tionchair thromchúiseacha fhadtéarmacha chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bheith ann má mhainnítear stoic a chaomhnú, chomh maith le tionchair shocheacnamaíocha ghearrthéarmacha ghaolmhara. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú freisin ar leibhéil atá bunaithe ar fhianaise shonrach, iontaofa agus infhíoraithe maidir le tréimhsí coiscthe roimh am a d'fhéadfadh a bheith ann agus tionchair shocheacnamaíocha ghearrthéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le tionchair fhadtéarmacha ar an gcomhshaol. Chun laghdú a dhéanamh ar ghabhálacha na stoc ar ina leith atá TACanna foghabhála socraithe, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach ina ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéil a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athbhunú go leibhéil inbhuanaithe.

([6]) Is éard atá in B_{lim} an bhithmhais ar féidir acmhainneacht síolraithe laghdaithe a bheith ann faoina bun.

([7]) Is éard atá in MSY $B_{trigger}$ an leibhéal bithmhaise faoina bhfuil gníomhaíocht bhainistíochta le déanamh chun ligean do stoc téarnamh os cionn an leibhéil ar a bhfuiltear in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh san fhadtéarma.

(9) Chun úsáid deiseanna iascaireachta in iascaigh mheasctha i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, a ráthú a mhéid is féidir, is iomchuí linn a bhunú le haghaidh malartuithe cuótaí le haghaidh na mBallstát. Chuirfeadh linn den sórt sin le haghaidh malartuithe cuótaí cuótaí nár úsáideadh le haghaidh foghabhálacha áirithe do na Ballstáit chun foghabhálacha dosheachanta a chumhdach i limistéir áirithe in imthosca nach mbeadh aon chuóta ag na Ballstáit sin murach sin.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, maidir le stoic nach gcumhdaítear le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, i gcás ina bhfuil faisnéis eolaíoch leordhóthanach ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir le luach an phointe F_{MSY} ([8]) agus, i gcás inarb ábhartha, iad a shocrú ar leibhéil lena n-athbhunaítear stoic go dtí leibhéil ar os a gcionn atáthar in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis eolaíoch sin ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh.

(11) I gcás stoic áirithe, tá comhairle ó ICES fós bailí ar feadh roinnt blianta agus is í an chomhairle sin an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil le haghaidh tréimhse iomlán na comhairle. Sna cásanna sin, ba cheart TACanna bliantúla a shocrú i bprionsabal lena gcumhdófar tréimhse iomlán na comhairle ('TACanna ilbhliantúla'). Má bhíonn comhairle nua ó ICES ar fáil le linn na tréimhse sin, ba cheart a áirithiú go leanfaidh na TACanna ilbhliantúla de bheith comhsheasmhach leis an gcomhairle nua, a luaithe is féidir tar éis comhairle nua mar sin ó ICES a fhoilsiú. Thairis sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh na hasbhaintí bliantúla ón bhfigiúr comhairle i gcás gabhálacha iomlána, chun díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh, comhsheasmhach leis na sonraí atá ar fáil. Mar sin féin, i gcás stoic áirithe, agus go háirithe i gcás stoic a léiríonn éagsúlachtaí suntasacha le déanaí i mbithmhais nó i mbásmhaireacht iascaireachta, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí leanúint de TACanna bliantúla a shocrú.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/472, ba cheart don Spáinn agus don Fhrainc a áirithiú go comhpháirteach, agus a gcuótaí le haghaidh iascach tráchtála le haghaidh doingin mhara Eorpacha (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 8a agus 8b ICES á gcinneadh acu, nach mó é suim na gcuótaí sin, an ábhair mhuirí aischurtha tráchtála, na ngabhálacha áineasa agus an ábhair mhuirí aischurtha mhairbh áineasa ná an luach is ísle laistigh den raon F_{MSY} ('MSY F_{lower}') le haghaidh na n-aistrithe iomlána i gcomhair an limistéir sin, i.e. 3 883 thona. Chun go mbeidh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na gcuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus i Rialachán (AE) 2019/472, ba cheart don Spáinn agus don Fhrainc faisnéis maidir lena gcuótaí faoi seach in iascaigh thráchtála le haghaidh doingin mhara Eorpacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(13) Ba cheart bearta breise maidir le hiascach áineasa doingean mara Eorpach i ranna 8a agus 8b ICES a choinneáil ar bun, i bhfianaise an tionchair shuntasaigh a bhíonn ag iascach áineasa ar an ráta básmhaireachta iascaireachta le haghaidh an stoic sin.

(14) Tá stoic áirithe ann a molann ICES gabhálacha os cionn leibhéal íseal ina leith. Mar sin féin, i gcás ina mbunófaí na TACanna le haghaidh na stoc sin ar na leibhéil sin, d'fhéadfadh an oibleagáid gach gabháil a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin in iascaigh mheasctha, a chur faoi deara do shoitheach iascaireachta amháin nó níos mó stop a chur leis an iascaireacht fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hiascaigh áirithe a dhúnadh roimh am. De bhun Airteagal 5(3) Rialachán (AE) 2018/973, Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/472 agus Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcomhar le hAirteagal 2(1) agus Airteagal 2(5), pointí (c) agus (f), den Rialachán sin agus chun cothromaíocht a bhaint amach idir iascach measctha a choinneáil ar bun, i bhfianaise na dtionchar tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh, agus an gá atá le stádas maith a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe, is iomchuí TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú ar leibhéil lena seachnaítear an baol go ndúnfaí iascaigh roimh am mar gheall ar easpa cuótaí a bheith ag soithí iascaireachta le haghaidh stoic arna ngabháil mar fhoghabháil, i gcás ina bhféadfadh diantionchair shocheacnamaíocha a bheith ag gabháil le dúnadh roimh am mar sin sa ghearrthéarma agus an tráth céanna lena n-áirithítear caomhnú na stoc lena mbaineann, i gcás ina bhféadfadh tionchair thromchúiseacha fhadtéarmacha chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bheith ann má mhainnítear stoic a chaomhnú, chomh maith le tionchair shocheacnamaíocha ghearrthéarmacha ghaolmhara. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú freisin bunaithe ar fhianaise shonrach, iontaofa agus infhíoraithe maidir le tréimhsí coiscthe roimh am a d'fhéadfadh a bheith ann agus tionchair shocheacnamaíocha ghearrthéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le tionchair fhadtéarmacha ar an gcomhshaol. Chun laghdú a dhéanamh ar ghabhálacha na stoc ar ina leith atá TACanna foghabhála socraithe, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach ina ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéil a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athbhunú go leibhéil inbhuanaithe.

([8]) Is é 'luach an phointe F_{MSY}' luach an ráta básmhaireachta iascaigh mheasta a thugann, le patrún iascaireachta ar leith agus faoi na meándálaí comhshaoil reatha, an MSY fadtéarmach.

(15) De réir na comhairle ábhartha ó ICES, tá gabhálacha áineasa mangach (*Pollachius pollachius*) i bhfolimistéar 8 agus roinn 9a ICES neamhdhiomaibhseach. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainneacha a bhunú le haghaidh gabhálacha áineasa mangach sa limistéar sin agus i limistéir chóngaracha, eadhon i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i limistéar 34.1.1 den Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF).

(16) I mí na Bealtaine 2022 chuir ICES in iúl nach ndearnadh aon dul chun cinn foriomlán, d'ainneoin iarrachtaí na mBallstát maidir le hathbhunú stoc na heascainne Eorpaí (*Anguilla anguilla*), maidir le baint amach an chuspóra ligean do 40 % de bhithmhais na n-eascann geal éalú ar fud an Aontais ina iomláine, mar a cheanglaítear le h Airteagal 2(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle ([9]), agus nár breathnaíodh aon phatrún soiléir maidir le básmhaireacht. I mí na Samhna 2025 mhol ICES arís gur cheart gan aon ghabháil eascann Eorpach a bheith ann i ngach gnáthóg agus ag gach céim den saol, ar fud a raoin nádúrtha, lena gcuimsítear an tAtlantach Thoir Thuaidh agus an Mheánmhuir, nuair a chuirtear an cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm. Baineann sé sin le gabhálacha áineasa agus tráchtála araon agus áiríodh leis gabhálacha eascann gloine le haghaidh athstocála agus dobharshaothrú.

(17) Le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle ([10]) cuireadh síneadh 6 mhí leis an tréimhse choiscthe le haghaidh aon ghníomhaíocht iascaireachta eascann tráchtála in uiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh. Cuireadh toirmeasc leis freisin ar gach iascach eascann áineasa sna huiscí sin. Measadh gurbh fhearr a chosnódh tréimhse choiscthe 6 mhí an stoc ná mar a chosnódh bearta an Aontais agus na bearta náisiúnta a cuireadh chun feidhme go dtí 2022. Measadh freisin leis an tréimhse choiscthe shínithe go gcuirfí le baint amach an chuspóra ligean do 40 % ar a laghad d'eascanna geala éalú. Le Rialacháin (AE) 2024/257 ([11]) agus (AE) 2025/202 ([12]) ón gComhairle, coinníodh na bearta sin ar bun agus na critéir á soiléiriú maidir leis an tréimhse choiscthe agus an maolú a d'fhéadfadh a bheith ann a shocrú i gcás iascach eascann teoranta leanúnach le linn thréimhse imirce na n-eascann. I bhfianaise stádas criticiúil leanúnach na heascainne Eorpaí, is iomchuí na bearta sin a choinneáil ar bun in 2026.

(18) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, is beart caomhnúcháin é eascanna gloine a athstocáil arna roghnú ag Ballstáit áirithe ina bpleananna bainistíochta eascann. Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit sin leanúint den bheart sin a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gabhálacha eascann gloine in uiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh ag an am iomchuí den bhliain agus b'fhéidir le linn a bpríomhthréimhse imirce. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit tuilleadh iascaireachta eascann gloine a cheadú go heisiach le haghaidh athstocála ar feadh 50 lá breise le linn phríomhthréimhse imirce nó na n-eascann gloine.

(19) De réir ICES, meastar go mbeidh bithmhais an tsóil (*Solea solea*) i bhforanna 20 go 24 ICES faoi bhun B_{lim} in 2026. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2018/973, ba cheart bearta feabhais a bhunú le haghaidh an stoic sin le haghaidh 2026, chun a áirithiú go bhfillfidh sé go tapa ar an leibhéal bithmhaise os cionn an leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ba cheart bearta ceartaitheacha den sórt sin a bhunú le haghaidh na n-iascach a dhéanann foghabhálacha substaintiúla sól, i.e. le haghaidh na n-iascach eangacha geolbhaigh measctha a dhíríonn ar an leathóg (*Pleuronectes platessa*) agus le haghaidh na n-iascach tráil mheasctha a dhíríonn ar ghliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*). Ós rud é nach bhfuil ach foghabháil íosta sól coiteann in iascaigh eangaí geolbhaigh i bhForoinn 24 agus in iascaigh chósta ar mhionscála i bhForoinn 22 laisteas de dhomhanleithead 55°T, ba cheart na limistéir sin a dhíolmhú ó na bearta sin.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athbhunú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1100/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/194/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194, (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj).

(20) Sa chomhairle ó ICES le haghaidh 2026 maidir le stoic áirithe ealásmabrainciach (eadhon sciataí, siorcanna agus roic), molann sé gabhálacha nialasacha, mar gheall ar dhrochstádas caomhantais ealásmabrainciach agus ós rud é go bhféadfadh fiú gníomhaíocht theoranta iascaireachta a bheith ina siocair le riosca tromchúiseach caomhnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar iascaireacht a dhéanamh ar na speicis sin. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 15(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, níl feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leis na speicis a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh orthu. Nuair a ghabhtar de thaisme iad, níor cheart dochar a dhéanamh do na speicis sin agus ba cheart iad a scaoileadh saor go pras. Nuair a aischuirtear na healásmabrainciaigh sin ní mheastar go n-ardaítear a ráta básmhaireachta iascaireachta go suntasach agus tacaíonn sé le caomhnú na stoc sin toisc go mbíonn rátaí arda marthanais acu nuair a aischuirtear iad.

(21) Chun an úsáid a bhaintear as deiseanna iascaireachta a uasmhéadú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le socrú solúbtha a chur chun feidhme idir limistéir áirithe TAC inarb é an stoc bitheolaíoch céanna atá i gceist.

(22) Déantar foráil le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle ([13]) maidir le solúbthacht ó bhliain go bliain i dtaca le cuótaí le haghaidh stoic atá faoi réir 'TACanna réamhchúraim' agus 'TACanna anailíseacha' araon. De bhun Airteagal 2 den Rialachán sin, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á socrú aici, cé na stoic nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 ná 4 den Rialachán sin maidir leo, ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc agus ar bhonn na ngealltanas a comhaontaíodh le tríú tíortha. Thairis sin, déantar foráil le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le solúbthacht bhreise ó bhliain go bliain le haghaidh na stoc uile atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de bhaint amach chuspóirí CBI, níor cheart feidhm charnach a bheith ag solúbthacht ó bhliain go bliain le haghaidh cuótaí de bhun Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) 1380/2013. Ba cheart solúbthacht ó bhliain go bliain faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a eisiamh, i gcás inarb ábhartha, ar bhonn stádas bitheolaíoch an stoic agus ar bhonn na ngealltanas a tugadh i gcrích le tríú tíortha.

(23) I gcás nach ndéanann ach aon Bhallstát amháin iascaireacht ar stoc, is iomchuí an Ballstát sin a chumhachtú le TAC a shocrú don stoc sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is iomchuí an cumhachtú sin, ar choinníoll, agus leibhéal an TAC á chinneadh, go gcomhlíonfaidh an Ballstát na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus i Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472. Chun go mbeidh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na gcuspóirí agus na rialacha sin, ba cheart do na Ballstáit faisnéis maidir leis na TACanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) measúnú a dhéanamh ar na TACanna sin, agus i gcás ina measfaidh CETEI nach gcomhlíonann na TACanna sin na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus i Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, ba cheart do na Ballstáit na TACanna a leasú ar bhonn na comhairle ó CETEI.

(24) Is gá teorainneacha na hiarrachta iascaireachta le haghaidh sól i Muir nIocht Thiar (roinn 7e ICES) a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/472.

(25) Is gá na huasteorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) a bhunú i gcuid de limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA), go sonrach san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, i gcomhréir le hAirteagail 6, 11, 13 agus 16 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/847/oj).

([14]) Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj).

(26) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([15]), agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 den Rialachán sin, maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta a thaifeadadh agus fógra a thabhairt faoi shonraí i ndáil le hídiú deiseanna iascaireachta. Is gá, dá bhrí sin, na cóid atá le húsáid ag na Ballstáit a shonrú agus sonraí á gcur chuig an gCoimisiún maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta le haghaidh stoic atá faoi réir an Rialacháin seo.

(27) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, níor ghlac an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) moladh lena socraítear an TAC le haghaidh péirsí domhainmhara (*Sebastes mentella*) in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2026. Go dtí glacadh féideartha an mholta ó NEAFC le haghaidh péirsí domhainmhara, ba cheart an TAC le haghaidh an stoic sin i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES a shocrú go sealadach ag nialas.

(28) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, níor ghlac NEAFC moladh maidir le haileabó Graonlannach (*Reinhardtius hippoglossoides*) i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2026. Dá bhrí sin, ba cheart cuóta an Aontais le haghaidh haileabónna Graonlannacha in uiscí idirnáisiúnta fholimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2026 a shocrú ag 1 711 tona. Comhfhreagraíonn an leibhéal sin do 9,25 % den leibhéal a mhol ICES ina chomhairle le haghaidh 2023 (18 494 thona), arb é an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil é maidir leis an stoc sin.

(29) Ronnaigh (*Scomber scombrus*), faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann (*Clupea harengus*) san Atlantach Thoir Thuaidh faoi réir dálaí cósta Comhairliúcháin na Stát maidir le bainistiú iascaigh do na stoic sin, agus ar stoic iad atá á mbainistiú ag NEAFC freisin. Glacann an tAontas páirt i gcomhairliúcháin na Stát cósta le haghaidh 2026 ar bhonn na seasamh a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 13 Deireadh Fómhair 2025. Maidir le scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann agus faoitíní gorma, rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú i dtaifid chomhaontaithe a síníodh an 21 agus an 23 Deireadh Fómhair 2025 faoi seach. Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, ghlac NEAFC moladh maidir le bearta caomhnaithe agus bainistíochta le haghaidh 2026 maidir le scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann ach ní maidir le faoitíní gorma. Is iomchuí, dá bhrí sin, an TAC le haghaidh scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann a shocrú bunaithe ar mholadh ábhartha NEAFC agus an TAC le haghaidh faoitíní gorma san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh 2026 ar leibhéal na ndeiseanna iascaireachta a comhaontaíodh i dTaifead Comhaontaithe ábhartha na Stát cósta. Maidir leis an ronnach, tá comhairliúcháin na Stát cósta fós ar siúl agus, ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige le haghaidh 2025, níor ghlac NEAFC aon mholadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, TAC sealadach le haghaidh ronnach a shocrú don chéad leath de 2026. I bhfianaise shéasúracht an iascaigh ronnach, is iomchuí an TAC sealadach a shocrú ag 156 921 tona, arb ionann é agus 90 % den TAC a mhol ICES.

(30) Tá an faoitín gorm (*Micromesistius poutassou*) agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann (*Clupea harengus*) san Atlantach Thoir Thuaidh faoi réir chomhairliúcháin na Stát cósta maidir le bainistiú iascaigh i gcás an stoic sin, agus is stoic é a bhainistíonn NEAFC freisin. Ghlac an tAontas páirt i gcomhairliúcháin na Stát cósta ar bhonn an tseasaimh a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 7 Deireadh Fómhair 2025. Rinneadh toradh chomhairliúcháin na Stát cósta a dhoiciméadú i dtaifead comhaontaithe a síníodh an 23 Deireadh Fómhair 2025. Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag NEAFC in 2025, níor ghlac sé moladh maidir le bearta caomhnúcháin agus bainistíochta le haghaidh an fhaoitín ghoirm le haghaidh 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, leibhéal an TAC le haghaidh an fhaoitín ghoirm le haghaidh 2026 a bhunú ar an leibhéal a leagtar amach sa taifead comhaontaithe sin an 23 Deireadh Fómhair 2025.

(31) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, choinnigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA) na bearta reatha ar bun le haghaidh stoic áirithe i limistéar Choinbhinsiún CICTA le haghaidh 2026. Ina theannta sin, mhéadaigh CICTA an leibhéal TAC le haghaidh tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus laghdaigh sé an liúntas coinneála le haghaidh mácónna biorshrónacha (*Isurus oxyrinchus*) san Atlantach Theas le haghaidh 2026 i gcomparáid le 2025. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

([15]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

(32) Rinneadh cuótaí an Aontais le haghaidh na stoc i limistéar Choinbhinsiún CICTA le haghaidh 2026 a choigeartú le linn chruinniú bliantúil CICTA in 2025 i gcomhréir le roinnt moltaí ó CICTA faoina bhféadfaidh an tAontas, arna iarraidh sin, céatadán socraithe dá chuóta deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh ó 2024 go dtí 2025 nó ó 2025 go dtí 2026. Go dtí go ndéanfar coigeartuithe féideartha mar sin ar chuótaí an Aontais, ba cheart cuótaí do Bhallstáit aonair a bhunú ar bhonn chuóta iomlán an Aontais le haghaidh 2026 mar a chomhaontaigh CICTA sula ndéanfar coigeartuithe mar sin.

(33) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, ghlac an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha (CCAMLR) teorainneacha gabhála le haghaidh na stoc i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(34) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, bhunaigh an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) na bearta seo a leanas ina Limistéar Inniúlachta le haghaidh 2026: choinnigh sé ar bun na bearta atá ann faoi láthair agus a glacadh le haghaidh tuinníní buí (*Thunnus albacares*), rinne sé athbhreithniú ar na teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*), agus ghlac sé teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) den chéad uair. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ba cheart cuóta an Aontais le haghaidh tuinníní aigéanacha i Limistéar Inniúlachta IOTC le haghaidh 2026 a chionnroinnt ar na Ballstáit lena mbaineann bunaithe ar mheánleibhéal coibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta na mBallstát sin le linn dhá thréimhse thagartha: na 5 bliana is fearr i ngach Ballstát sa tréimhse ó 2015 go 2024, agus sa tréimhse ó 2022 go 2024.

(35) Beidh cruinniú bliantúil na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san AigéanCiúin Theas (SPRFMO) ar siúl ón 2 go dtí an 6 Márta 2026. Ba cheart, dá réir sin, na bearta atá ann faoi láthair i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna a choinneáil ar bun go sealadach go dtí go mbeidh an cruinniú bliantúil ar siúl agus go dtí go mbunófar na TACanna le haghaidh 2026.

(36) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, d'athraigh an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) roinnt de na bearta a bhí ann cheana is infheidhme i limistéar Choinbhinsiún IATTC agus líon na sruthfheistí comhthiomsaithe éisc atá ann cheana le haghaidh 2026 á gcoinneáil ar bun. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(37) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag an gCoimisiún um Chaomhnú an Tuinnín Ghoirm Dheisceartaigh in 2023, ghlac sé an TAC don tuinnín gorm Deisceartach (*Thunnus maccoyii*) ar feadh tréimhse 3 bliana ó 2024 go 2026. Ba cheart an beart sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais le haghaidh 2026.

(38) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO) in 2025, choinnigh sí ar bun le haghaidh 2026 na TACanna atá ann cheana i limistéar Choinbhinsiún SEAFO. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(39) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, choinnigh an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) na bearta a glacadh le haghaidh 2025 ar bun le haghaidh 2026. Ina theannta sin, ghlac WCPFC teorainn foghabhála le haghaidh tuinníní gorma an Aigéin Chiúin (*Thunnus orientalis*) le haghaidh limistéar Choinbhinsiún WCPFC. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(40) Ag an 47ú cruinniú bliantúil a bhí ag Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) in 2025, ghlac sí deiseanna iascaireachta i gcás stoic áirithe i limistéar Choinbhinsiún NAFO le haghaidh 2026. Choinnigh sí le haghaidh 2026 freisin na bearta atá ann cheana a bhfuil nasc feidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh scuideanna gearreiteacha (*Illex illecebrosus*) i bhfolimistéir 3 agus 4 NAFO agus leitheanna earrbhuí (*Limanda ferruginea*) i ranna 3LNO NAFO, arb é is aidhm dóibh leibhéil fhoghabhálacha na speiceas sin nach spriocspeicis iad a íoslaghdú mar go gcaithfí, gan na bearta sin, na deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc sin a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(41) Ag an gcruinniú bliantúil in 2025, rinne Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) athbhreithniú ar na bearta atá ann cheana maidir le siorcanna domhainfharraige, lena n-áirítear an dúnadh atá ann faoi láthair i limistéir iascaireachta agus liosta na speiceas siorcanna a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht spriocdhírithe a dhéanamh orthu i limistéar Chomhaontú SIOFA. Ina theannta sin, le SIOFA glacadh beart nua maidir le hiascach beantach, lena n-áirítear limistéir áirithe a dhúnadh le haghaidh gach gníomhaíochta iascaireachta grinnill agus i limistéir áirithe gan ach iascaireacht spiléir ghrinnill a cheadú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(42) Faoi Airteagal 498(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([16]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin a reáchtáil go bliantúil, faoin 10 Nollaig gach bliain, chun na TACanna don bhliain dár gcionn a chomhaontú le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú sin.

(43) In 2025 reáchtáil an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir le líon mór TACanna a shocrú le haghaidh 2026 le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Rinneadh na comhairliúcháin sin de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, agus ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn an tseasaimh ón Aontais arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2025, agus i gcomhréir leis na páipéir neamhoifigiúla ón gCoimisiún arna bhformhuiniú ag an gComhairle an 21, an 23 agus an 31 Deireadh Fómhair agus an 11 agus an 25 Samhain 2025. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú i dtaifead i scríbhinn a shínigh Cinn na dToscaireachta an 10 Nollaig 2025. Ba cheart na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú, dá bhrí sin, ar na leibhéil a leagtar amach sa taifead i scríbhinn sin, agus ba cheart na bearta eile atá nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa taifead i scríbhinn sin freisin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(44) Tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le rochtain chómhalartach ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030, chun díriú ar 560 tona de thuinníní colgacha an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) i limistéir eacnamaíocha eisiacha na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe. Ní áirítear leis an gcomhaontú sin rochtain ar limistéir dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(45) Tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le bearta ceartaitheacha don trosc (*Gadus morhua*), don chadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), don fhaoitín (*Merlangius merlangus*), don sól agus don leathóg trasna na Mara Ceiltí, Mhuir Éireann agus Mhuir nIocht. Tá nasc feidhmiúil idir na bearta sin agus TAC na stoc lena mbaineann, ós rud é, in éagmais na mbeart sin, nach n-áiritheodh leibhéil TAC téarnamh leordhóthanach stoc. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí an Aontais *vis-à-vis* oibreoirí na Ríochta Aontaithe, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta sin ón 1 Meitheamh 2026.

(46) De réir na comhairle ábhartha ó ICES le haghaidh 2026, is sciar suntasach de ghabhálacha iomlána iad gabhálacha áineasa mangach i bhfolimistéir 6 agus 7 ICES. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainneacha a bhunú le haghaidh gabhálacha áineasa mangach sna limistéir sin.

(47) Ba cheart leanúint de thréimhsí coiscthe séasúracha le haghaidh iascaigh corr gainimh le trealamh tarraingthe áirithe i ranna 2a, 3a agus folimistéar 4 ICES ionas go mbeifear in ann láithreacha sceite a chosaint agus gabhálacha iasc óg a theorannú.

(48) In 2025, reáchtáil an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua comhairliúcháin thríthaobhacha maidir le sé stoc a chomhroinntear agus a bhainistítear go comhpháirteach a tharlaíonn laistigh de na limistéir atá faoina ndlínse faoi seach. Rinneadh na comhairliúcháin sin idir an 27 Deireadh Fómhair agus an 4 Nollaig 2025, ar bhonn sheasamh an Aontais a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 21 Deireadh Fómhair 2025, agus i gcomhréir leis na páipéir leathoifigiúla ó sheirbhísí an Choimisiúin a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 23 agus an 27 Deireadh Fómhair 2025. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú i dtaifead comhaontaithe a shínigh Cinn na dToscaireachta an 5 Nollaig 2025. Ba cheart na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú ag an leibhéal arna chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua, mar aon leis na forálacha eile sa taifead comhaontaithe sin.

(49) Ba cheart bearta tionlacain atá ann cheana le haghaidh throsc na Scairbhe Thuaidh a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart bearta ceartaitheacha a thabhairt isteach chun básmhaireacht iascaireachta a laghdú, agus chun cosaint trosc óg a mhéadú. Áirítear orthu sin dhá dhúnadh nua le haghaidh trosc in uiscí an Aontais i roinn 4b ICES, dhá dhúnadh shínte in uiscí an Aontais i roinn 3a agus 2), nuashonruithe ar na córais dúnta fíor-ama (RTC) ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2026 i Muir nIocht Thoir (roinn 7d ICES), i nDeisceart na Mara Thuaidh (roinn 4c ICES) agus i lár na Mara Thuaidh (roinn 4b agus 3 ICES), agus srianta ar dhíriú ar throsc i nDeisceart agus i lár na Mara Thuaidh (ranna 4c agus 4b ICES), trí theorainn a chur ar ghabháil iomlán trosc sa dá roinn sin.

([16]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

(50) Reáchtáil an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua maidir le seacht stoc a chomhroinntear agus a bhainistítear go comhpháirteach i limistéar Skagerrak: an trosc (*Gadus morhua*), an chadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), an scadán (*Clupea harengus*), an séacla Artach (*Pandalus borealis*), an leathóg (*Pleuronectes platessa*), an salán (*Sprattus sprattus*) agus an faoitín (*Merlangius merlangus*). Reachtáladh na comhairliúcháin sin d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le bainistiú na stoc sin agus na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh 2026, mar aon le malartú cuótaí agus socruithe rochtana i dtaobh na sé stoc a ndéantar comhbhainistiú orthu sa Mhuir Thuaidh. Tugadh na comhairliúcháin sin i gcrích an 16 agus an 18 Nollaig 2025 agus rinneadh an toradh a dhoiciméadú i dtrí cinn de thaifid chomhaontaithe. Shínigh na Cinn Toscaireachta an 16 Nollaig 2025 an comhaontú déthaobhach maidir le socruithe iascaigh in Skagerrak agus in Kattegat le haghaidh 2026 agus prótacal na gcomhairliúchán iascaigh idir an Iorua agus an tAontas Eorpach thar ceann na Sualainne le haghaidh 2026. Shínigh Cinn Toscaireachta an comhaontú maidir le malartuithe cuótaí agus rochtain ar uiscí don Mhuir Thuaidh maidir le stoic a ndéantar comhbhainistiú orthu an 18 Nollaig 2025. Ba cheart na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú ar an leibhéal arna chomhaontú leis an Iorua, agus ba cheart na forálacha eile sna taifid chomhaontaithe sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(51) Tá comhairliúcháin fós ar siúl idir an tAontas agus an Iorua maidir le rochtain ar a n-uiscí faoi seach do scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann (*Clupea harengus*) agus don fhaoitín gorm (*Micromesistius poutassou*). Go dtí go dtabharfar na comhairliúcháin sin i gcrích, ba cheart na leibhéil rochtana sin a mharcáil 'le bunú'.

(52) Maidir leis an bhfaoitín gorm (*Micromesistius poutassou*), aistrithe cuótaí ó WHB/8C3411 go WHB/1X14 le haghaidh 2025, ba cheart iad a cheadú chun gur féidir cuóta le haghaidh faoitíní gorma a aistriú ón Aontas go dtí an Iorua le haghaidh 2026. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do phrionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta. Ba cheart Rialachán (AE) 2025/202 a leasú dá réir sin.

(53) I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Dúchais na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile [17], agus an Prótacal Chur Chun Feidhme a ghabhann leis [18], tháinig na páirtithe ar chomhaontú ag an gcruinniú den Chomhchoiste a reáchtáladh an 19 agus an 20 Samhain 2025 maidir le leibhéal na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil le haghaidh an Aontais in uiscí na Graonlainne in 2026 bunaithe ag an gComhchoiste. Ba cheart, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú ar an leibhéal a leagtar amach sna miontuairiscí sínithe ó chruinniú an Chomhchoiste, agus na haistrithe ón Aontas chuig an Iorua sna taifid chomhaontaithe a shínigh na Cinn Toscaireachta an 16 Nollaig 2025 á gcur san áireamh.

(54) Deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) ('Conradh Pháras 1920') rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear i ndáil le hiascaireacht. Leagadh amach an seasamh ón Aontas maidir leis an rochtain sin i roinnt *notes verbales* chuig an Iorua, arbh iad cinn an 26 Feabhra 2021, an 28 Meitheamh 2021, an 1 Lúnasa 2022 agus an 26 Deireadh Fómhair 2023 na cinn is déanaí. A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh portáin sneachta (*Chionoecetes* spp.) timpeall ar Svalbard, is iomchuí teorainn a chur leis an líon soithí iascaireachta atá údaraithe leis na gníomhaíochtaí iascaireachta sin a dhéanamh rud a áiritheoidh go mbeidh saothrú portán sneachta timpeall ar Svalbard comhsheasmhach le rialacha bainistíochta neamh-idirdhealaitheacha a leag an Iorua amach, a bhfuil ceannasacht agus dlínse aici sa limistéar i gcomhréir le forálacha ábhartha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Chonradh Pháras 1920. Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta sin i measc na mBallstát teoranta do 2026. San Aontas, is ar na Ballstáit bhrataí atá an phríomhfhreagracht comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú.

[17] Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (IO L 175, 18.5.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/793/oj).

[18] Prótacal maidir le cur chun feidhme an Comhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (2025–2030) (IO L, 2024/3203, 30.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2024/3203/oj).

(55) A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc san Artach Thoir Thuaidh, agus i bhfianaise nach ann do TAC tagartha le haghaidh 2026, is iomchuí cuóta sealadach de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES, chun a áirithiú go leanfar de ghníomhaíochtaí iascaireachta chabhlach an Aontais le haghaidh 2026. Ba cheart cuóta sealadach an Aontais a bheith comhfhreagrach do leath de chuóta an Aontais arna bhunú le haghaidh 2025 agus ba cheart é a bheith teoranta don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2026. Ba cheart cuóta sealadach sin an Aontais a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle ([19]), faoi réir na n-oiriúnuithe is gá de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a bheith déanta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 36, tábla E, a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

(56) I gcomhréir le Dearbhú an Aontais chuig Poblacht Bholavarach Veiniséala maidir le deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais a dheonú do shoithí iascaireachta a mbeidh bratach Veiniséala ar foluain acu sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince, arna fhormheas thar ceann an Aontais le Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle ([20]), ní mór an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh sclamhairí a bheidh ar fáil do Veiniséala in uiscí an Aontais le haghaidh 2026 a shocrú.

(57) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun Ballstáit aonair a údarú le cionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavata-lae; chun laethanta breise ar muir a dheonú le haghaidh scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta agus le haghaidh cumhdach feabhsaithe breathnóra eolaíoch; agus chun formáidí scarbhileoige a bhunú chun faisnéis a bhailiú agus a tharchur maidir le haistrithe laethanta ar muir idir soithí iascaireachta a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]).

(58) Chun cur i bhfeidhm leanúnach a áirithiú agus éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint le linn na tréimhse idir deireadh na bliana agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana ina dhiaidh sin, ba cheart forálacha an Rialacháin seo maidir le toirmisc agus tréimhsí coiscthe a bheith fós infheidhme ag tús 2027, go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027 i bhfeidhm.

(59) Ar chúiseanna práinne agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar a luaithe is féidir, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

(60) Ionas nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus chun slí bheatha na n-iascairí a chosaint, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go cúlghabhálach le héifeacht ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(61) Thairis sin, ag deireadh 2025 ghlac na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh ábhartha (ERBInna) bearta idirnáisiúnta áirithe lena gcruthófar nó lena gcuirfear srian le deiseanna iascaireachta le haghaidh an Aontais agus bhí feidhm ag na bearta sin sular tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm. Chun an méid sin a léiriú, ba cheart, dá bhrí sin, feidhm chúlghabhálach a bheith ag na forálacha den Rialacháin seo lena gcuirtear na bearta sin chun feidhme i ndlí an Aontais, le héifeacht ón 1 Nollaig 2025. Go sonrach, ós rud é go maireann an séasúr iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain agus go leagtar síos deiseanna nó toirmisc áirithe iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR le haghaidh tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2025, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo ón dáta sin. Ina theannta sin, maireann an séasúr iascaireachta le haghaidh déadiasc i limistéar Chomhaontú SIOFA ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain, agus ós rud é go mbunaítear na TACanna don ghrúpa speiceas sin ar feadh tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2025, ba cheart feidhm a bheith ag na TACanna ón dáta sin. Ní dhéanann cur i bhfeidhm cúlghabhálach mar sin dochar do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh toisc go bhfuil cosc ar shoithí iascaireachta a bhfuil bratach an Pháirtí Chonarthaigh ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR agus i limistéar Chomhaontú SIOFA gan údarú.

([19]) Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1987 maidir le féidearthachtaí gabhála trosc i réigiún Spitsbergen agus Oileán na mBéar a chionroinnt agus i Roinn 3M mar a shainítear i gCoinbhinsiún NAFO (IO L 135,23.5.1987, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/277/oj).

([20]) Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar dheonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhratach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 19.9.2015, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1565/oj).

([21]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(62) Thairis sin, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag na forálacha lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 chun aistriú an chuóta le haghaidh faoitíní gorma ó WHB/8C3411 go WHB/1X14 le haghaidh 2025 a cheadú. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na n-ionchas dlisteanach, ós rud é nach bhfuil na cuótaí faoi na TACanna sin ídithe go fóill,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

2. Áirítear leis na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas:

(a) na teorainneacha gabhála le haghaidh 2026 agus, i gcás ina sonraítear amhlaidh sa Rialachán seo, le haghaidh 2027 agus 2028 freisin;

(b) na teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh na bliana 2026, cé is moite de na teorainneacha iarrachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, don tréimhse ón 1 Feabhra 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027;

(c) deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026 le haghaidh stoic áirithe i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR agus le haghaidh stoic áirithe i limistéar Chomhaontú SIOFA; agus

(d) deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027 i limistéar Choinbhinsiún Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC).

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na soithí iascaireachta seo a leanas:

(a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais; agus

(b) soithí iascaireachta tríú tír in uiscí an Aontais.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas freisin:

(a) iascach áineasa áirithe dá dtagraítear go sainráite sna forálacha ábhartha den Rialachán seo; agus

(b) an t-iascach tráchtála ón gcladach.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ina theannta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'soitheach tríú tír' soitheach iascaireachta a bhfuil bratach tríú tír ar foluain aici agus atá cláraithe i dtríú tír;

(b) ciallaíonn 'iascach áineasa' gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear acmhainní bitheolaíocha na mara i gcomhthéacs áineasa, turasóireachta nó spóirt;

(c) ciallaíonn 'uiscí idirnáisiúnta' uiscí atá lasmuigh de cheannasacht nó de dhlínse aon Stáit;

(d) ciallaíonn 'gabháil iomlán incheadaithe' (TAC):

(i) in iascaigh atá faoi réir na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15(4) go (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, an chainníocht éisc a fhéadfar a thabhairt i dtír maidir le gach stoc gach bliain;

(ii) i ngach iascach eile, an chainníocht éisc a fhéadfar a ghabháil maidir le gach stoc gach bliain;

(e) ciallaíonn 'cuóta' an cion de TAC a chionroinntear ar an Aontas, ar Bhallstát nó ar thríú tír;

(f) ciallaíonn 'measúnú anailíseach' meastóireacht chainníochtúil ar threochtaí i gcás stoc ar leith, bunaithe ar shonraí maidir le bitheolaíocht agus saothrú an stoic sin, lena n-áirítear meastóireacht atá bunaithe ar athróga, ar sonraíodh le hathbhreithniú eolaíoch na sonraí sin go raibh siad de cháilíocht leordhóthanach chun comhairle eolaíoch a sholáthar;

(g) ciallaíonn 'TAC anailíseach' TAC a bhfuil measúnú anailíseach ar fáil ina leith;

(h) ciallaíonn 'TAC réamhchúraim' TAC nach bhfuil measúnú anailíseach ar fáil ina leith ach ina ionad sin go bhfuil measúnú bunaithe ar an gcur chuige réamhchúraim ar fáil nó nach bhfuil aon mheasúnú ar fáil;

(i) ciallaíonn 'mogallmhéid' mogallmhéid líonta iascaireachta mar a shainítear in Airteagal (6), pointe (34), de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]);

(j) ciallaíonn 'clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais' an clár arna choimeád ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(k) ciallaíonn 'logleabhar iascaireachta' an logleabhar dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(l) ciallaíonn 'baoi gléasta' baoi atá marcáilte go soiléir le huimhir thagartha uathúil lenar féidir a úinéir a shainaithint agus atá feistithe le córas rianaithe satailíte chun faireachán a dhéanamh ar a shuíomh;

(m) ciallaíonn 'baoi oibríochtúil' aon bhaoi gléasta, a rinneadh a ghníomhachtú, a chasadh air agus a imscaradh roimhe sin ar muir ar shruthfheiste um chomhbhailiú éisc (FAD) nó ar loga le sruth, a tharchuireann suíomhanna agus faisnéis eile a bhíonn ar fáil, cuir i gcás meastacháin sondálaí fuaime.

Airteagal 4

Limistéir iascaireachta

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas maidir le limistéir iascaireachta:

(a) ciallaíonn 'limistéir ICES (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara)' na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]);

(b) ciallaíonn 'Skagerrak' an limistéar geografach a theorannaítear thiar le líne a théann ó theach solais Hanstholm go dtí teach solais Lindesnes agus ó dheas le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne;

(c) ciallaíonn 'Kattegat' an limistéar geografach a theorannaítear ó thuaidh le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne agus ó dheas le líne a théann ó Hasenøre go dtí Gnibens Spids, ó Korshage go dtí Spodsbjerg, agus ó Gilbjerg Hoved go dtí Kullen;

(d) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 16 d'fholimistéar 7 ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 53°30'T 15°00'I,

— 53°30'T 11°00'I,

([22]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

([23]) Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/218/oj).

— 51°30'T 11°00'I,

— 51°30'T 13°00'I,

— 51°00'T 13°00'I,

— 51°00'T 15°00'I;

(e) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 25 de roinn 8c ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 43°00'T, 9°00'I,

— 43°00'T, 10°00'I,

— 44°00'T, 10°00'I,

— 44°00'T, 9°00'I,

— 44°30'T 9°00'I,

— 44°30'T 8°00'I,

— 43°30'T 8°00'I;

(f) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 26 de roinn 9a ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 43°00'T 8°00'I,

— 43°00'T 10°00'I,

— 42°00'T 10°00'I,

— 42°00'T 8°00'I;

(g) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 27 de roinn 9a ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 42°00'T 8°00'I,

— 42°00'T 10°00'I,

— 38°30'T 10°00'I,

— 38°30'T 9°00'I,

— 40°00'T 9°00'I,

— 40°00'T 8°00'I;

(h) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 30 de roinn 9a ICES' an limistéar geografach faoi dhlínse na Spáinne i Murascaill Cádiz agus sna huiscí máguaird i roinn 9a ICES;

(i) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 31 de roinn 8c ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 43°30’T 8°00’I,

— 44°30’T 8°00’I,

— 44°30’T 2°00’I,

— 43°00’T, 2°00’I,

— 43°00’T, 6°00’I,

— 43°30’T 6°00’I;

(j) ciallaíonn ‘Murascaill Cádiz’ an limistéar geografach i roinn 9a ICES lastoir de dhomhanfhad 7 23’48” I;

(k) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún CCAMLR (an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le Beo-acmhainní Muirí san Antartach a chaomhnú ([24]);

(l) ciallaíonn ‘limistéir CECAF (an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir)’ na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]);

(m) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún IATTC (an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Neartú (Coinbhinsiún Antigua) ([26]);

(n) ciallaíonn ‘Limistéar Choinbhinsiún CICTA (an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ([27]);

(o) ciallaíonn ‘Limistéar Inniúlachta IOTC (an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Chomhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh ([28]);

([24]) IO L 252, 5.9.1981, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1981/691/oj. D’fhormheas an tAontas Coinbhinsiún CCAMLR trí Chinneadh 81/691/CEE ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 1981 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le beo-acmhainní muirí san Antartach a chaomhnú (IO L 252, 5.9.1981, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1981/691/oj).

([25]) Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/216/oj).

([26]) IO L 224, 16.8.2006, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2005/26/oj. D’fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún chun IATTC a Neartú trí Chinneadh 2006/539/CE ón gComhairle an 22 Bealtaine 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Neartú (IO L 224, 16.8.2006, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/539/oj).

([27]) IO L 162, 18.6.1986, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1986/238(1)/oj. D’aontaigh an tAontas do CICTA trí Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj).

([28]) IO L 236, 5.10.1995, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1995/399/oj. D’aontaigh an tAontas do IOTC trí Chinneadh 95/399/CE ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh (IO L 236, 5.10.1995, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1995/399/oj).

(p) Ciallaíonn 'limistéar Choinbhinsiún NAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh)' agus 'limistéir NAFO' na limistéir gheografacha a shainítear sa Coinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ([29]);

(q) ciallaíonn 'Limistéar Rialála NAFO' an chuid de Limistéar Choinbhinsiún NAFO atá taobh amuigh den dlínse náisiúnta;

(r) ciallaíonn 'limistéar Choinbhinsiún NPFC' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh ([30]);

(s) ciallaíonn 'limistéar Choinbhinsiún SEAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas)' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas ([31]);

(t) ciallaíonn 'Limistéar Chomhaontú SIOFA (Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas)' an limistéar geografach a shainítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas ([32]);

(u) ciallaíonn 'Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas)' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh na mórmhara san Aigéan Ciúin Theas ([33]);

(v) ciallaíonn 'Limistéar Choinbhinsiún WCPFC (an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir)' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le Stoic Mhórimirceacha Éisc san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú ([34]);

(w) ciallaíonn 'mórmhuir Mhuir Bheiring' limistéar geografach mhórmhuir Mhuir Bheiring thar 200 muirmhíle ó na bunlínte óna dtomhaistear leithead fharraige theorann Stáit chósta Mhuir Bheiring;

(x) ciallaíonn an 'limistéar forluí idir limistéir Choinbhinsiún IATTC agus WCPFC' an limistéar geografach a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

— domhanfhad 150°I,

— domhanfhad 130° I,

— domhanleithead 4°D,

— domhanleithead 50°D.

([29]) IO L 378, 30.12.1978, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1978/3179/oj. D'aontaigh an tAontas do Choinbhinsiún NAFO trí Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle an 28 Nollaig 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 378, 30.12.1978, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1978/3179/oj).

([30]) IO L 55, 28.2.2022, lch. 14. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh trí Chinneadh (AE) 2022/314 ón gComhairle an 15 Feabhra 2022 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (IO L 55, 28.2.2022, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/314/oj).

([31]) IO L 234, 31.8.2002, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2001/319/oj. D'fhormheas an tAontas Coinbhinsiún SEAFO trí Chinneadh 2002/738/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um chaomhnú agus bainistiú Acmhainní Iascaigh san Aigéan Atlantach Thoir Theas (IO L 234, 31.8.2002, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/738/oj).

([32]) IO L 196, 18.7.2006, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2006/496/oj. D'fhormheas an tAontas SIOFA trí Chinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 268, 9.10.2008, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/780/oj).

([33]) IO L 67, 6.3.2012, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2012/130/oj. D'fhormheas an tAontas Coinbhinsiún SPRFMO trí Chinneadh 2012/130/AE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas (IO L 67, 6.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/130(1)/oj).

([34]) IO L 32, 4.2.2005, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2005/75/oj. D'aontaigh an tAontas do WCPFC trí Chinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Mhórimirceacha Éisc san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/75(1)/oj).

TEIDEAL II

NA DEISEANNA IASCAIREACHTA DO SHOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 5

TACanna agus cionrannta

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I na TACanna do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach den Aontas iad, cionroinnt na TACanna sin i measc na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí na coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leis sin.

2. Féadfaidh an Stát cósta lena mbaineann soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí faoi dhlínse Oileáin Fharó, na Graonlainne agus na hIorua, agus sa limistéar iascaireachta mórthimpeall Jan Mayen faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 25 den Rialachán seo, i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus i Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([35]) agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

3. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí faoina dlínse iascaigh faoi réir na TACanna in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 25 den Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2017/2403 agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

Airteagal 6

TACanna a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit

1. Is é an Ballstát lena mbaineann a chinnfidh na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás ina sonraítear iad san Iarscríbhinn sin.

2. Maidir leis na TACanna a bheidh le cinneadh ag Ballstát dá dtagraítear i mír 1:

(a) beidh siad comhsheasmhach leis na cuspóirí agus leis na rialacha a leagtar amach i Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, go háirithe leis an gcuspóir maidir le saothrú inbhuanaithe an stoic; agus

(b) beidh saothrú ar an stoc mar thoradh orthu atá:

(i) i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY), má bhíonn measúnú anailíseach ar fáil, agus an dóchúlacht is airde is féidir ann gurb amhlaidh a bheidh; nó

(ii) comhsheasmhach leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh, mura mbeidh measúnú anailíseach ar fáil nó má bhíonn sé neamhiomlán.

3. Faoin 15 Márta cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) na TACanna a chinn sé;

(b) na sonraí a bailíodh, a ndearnadh measúnú orthu agus a úsáideadh mar bhonn leis na TACanna a chinneadh; agus

(c) sonraí maidir leis an gcaoi a ndéanann na TACanna arna gcinneadh na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 a chomhlíonadh.

4. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún comhairle a iarraidh ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI), maidir leis an méid seo a leanas:

(a) measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3, pointí (b) agus (c); agus

(b) a mheasúnú an ndéanann na TACanna arna gcinneadh ag na Ballstáit na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 a chomhlíonadh.

([35]) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2403/oj).

5. Más rud é, de réir na comhairle ó CETEI, nach leor an fhaisnéis a chuireann na Ballstáit isteach, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann faisnéis uasdhátaithe faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le boinn chirt don fhaisnéis uasdhátaithe sin i ndáil leis an gcomhairle ó CETEI, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis fhoilsiú na comhairle ó CETEI.

6. Más rud é, de réir na comhairle ó CETEI, nach gcomhlíonann na TACanna arna gcinneadh ag na Ballstáit na coinníollacha a leagtar síos i mír 2, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann TACanna nuashonraithe faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an údar cuí atá leis na TACanna nuashonraithe sin i ndáil leis an gcomhairle ó CETEI agus, i gcás inarb ábhartha, mar aon leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 5CETEICETEI, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis fhoilsiú na comhairle sin, i gcás inarb ábhartha.

Airteagal 7

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

1. Gabhálacha nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní choinneofar ar bord iad ná ní thabharfar i dtír iad ach amháin:

(a) má ghabh soithí iascaireachta iad a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu, a bhfuil cuóta acu agus nach bhfuil an cuóta sin ídithe; nó

(b) más cion de chuóta an Aontais iad nár cionroinneadh ar na Ballstáit agus nár ídíodh.

2. Sainaithnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo stoic na speiceas nach spriocspeicis iad laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte dá dtagraítear in Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun críocha an mhaolaithe ar an oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí ábhartha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

Airteagal 8

Sásra um malartuithe cuótaí do TACanna maidir le foghabhálacha dosheachanta

1. Tá feidhm ag an sásra um malartuithe cuótaí mar a leagtar amach i míreanna 2 go 5 maidir leis na TACanna a shainaithnítear in Iarscríbhinn IA.

2. Cuirfear ar fáil do linn le haghaidh malartuithe cuótaí ('an linn'), a osclófar an 1 Eanáir, 6 % de gach cuóta ó na TACanna le haghaidh trosc (*Gadus morhua*) sa Mhuir Cheilteach (COD/7XAD34), trosc in Iarthar na hAlban (COD/5BE6A), faoitíní (*Merlangius merlangus*) i Muir Éireann (WHG/07A.) agus leathóga ballacha (*Pleuronectes platessa*) i ranna 7h, 7j agus 7k ICES (PLE/7HJK.), agus 3 % de gach cuóta ón TAC le haghaidh faoitíní in Iarthar na hAlban (WHG/56-14), arna gcionroinnt ar gach Ballstát, . Beidh rochtain eisiach ag na Ballstáit gan chuóta ar an linn go dtí an 31 Márta.

3. Ní fhéadfar na cainníochtaí arna dtarraingt ón linn a mhalartú ná a aistriú go dtí an bhliain dár gcionn. Tar éis an 31 Márta, tabharfar aon chainníocht nár úsáideadh ar ais do na Ballstáit sin a rannchuidigh leis an linn i dtosach.

4. Na Ballstáit nach bhfuil cuóta acu, tabharfaidh siad cuótaí ar ais le haghaidh na stoc a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn IA, mura gcomhaontóidh an Ballstát nach bhfuil cuóta aige agus an Ballstát atá ag rannchuidiú leis an linn a mhalairt.

5. Na cuótaí a thabharfar ar ais dá dtagraítear i mír 4, beidh luach tráchtála coibhéiseach acu, arna chinneadh ar bhonn ráta malairte margaidh nó rátaí malairte eile atá inghlactha go frithpháirteach. In éagmais malairt roghanna, déanfar an luach tráchtála coibhéiseach a chinneadh ar bhonn mheánphraghsanna an Aontais ón mbliain roimhe sin, arna soláthar ag Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe.

6. I gcás nach gceadaítear leis an sásra um malartuithe cuótaí a leagtar amach i míreanna 2 go 5 thuas do na Ballstáit a bhfoghabhálacha dosheachanta a chumhdach go pointe comhchosúil, déanfaidh na Ballstáit iarracht teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus é á áirithiú acu go mbeidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí a mhalartaítear.

Airteagal 9

Teorainneacha iarrachta iascaireachta i roinn 7e ICES

1. Le haghaidh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (b), den Rialachán seo, leagtar amach teorainneacha le hiarracht iascaireachta le haghaidh sól (*Solea solea*) i roinn 7e ICES (Muir nIocht Thiar) in Iarscríbhinn II.

2. Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát i gcomhréir le pointe 7.4 d'Iarscríbhinn II, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcionroinntear ar an mBallstát sin líon breise laethanta ar muir, de bhreis ar na laethanta dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith údaraithe ag a Ballstát brataí le bheith i roinn 7e ICES agus aon trealamh rialáilte á iompar ar bord aici. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2) den Rialachán seo.

3. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh trína gcionroinnfidh sé ar an mBallstát sin 3 lá ar muir ar a mhéad idir an 1 Feabhra 2026 agus an 31 Eanáir 2027, de bhreis ar na laethanta sin dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, ar a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith i roinn 7e ICES ar bhonn clár feabhsaithe maidir le cumhdach breathnóra eolaíoch, dá dtagraítear i bpointe 8.1 d'Iarscríbhinn II. Déanfaidh an Coimisiún an cionroinnt sin ar bhonn na tuairisce a chuir an Ballstát sin isteach i gcomhréir le pointe 8.3 d'Iarscríbhinn II agus tar éis dul i gcomhairle le CETEI. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2) den Rialachán seo.

Airteagal 10

Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach i ranna 4b, 4c agus 6a ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES

1. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais, agus ar aon iascach tráchtála ón gcladach, iascaireacht a dhéanamh ar dhoingin mhara Eorpacha (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 4b agus 4c ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES nó ar dhoingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 maidir le foghabhálacha doingean mara Eorpach i ngníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh. Baineann an díolúine sin le líon stairiúil na líonta trá a socraíodh ar na leibhéil a bhí ann roimh 2017. Ní bheidh gníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh dírithe ar dhoingin mhara Eorpacha agus ní fhéadfar ach foghabhálacha dosheachanta doingean mara Eorpach a thabhairt i dtír.

3. De mhaolú ar mhír 1, i mí Eanáir 2026 agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2026 féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES an doingean mara Eorpach a ghabhfar sa limistéar sin leis an trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír:

(a) agus úsáid á baint as tráil ghrinnill ([36]), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 10,0 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus na bliana agus 20 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord a ghabhann an soitheach iascaireachta lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;

(b) agus úsáid á baint as saighní ([37]), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 10,0 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus na bliana agus 20 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord a ghabhann an soitheach iascaireachta lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;

(c) agus úsáid á baint as duáin agus doruithe ([38]), nach mó ná 8,0 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus in aghaidh na bliana;

(d) agus úsáid á baint as eangacha geolbhaigh seasta ([39]), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 5,4 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus in aghaidh na bliana.

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (c), maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha doingean mara Eorpach agus úsáid á baint as duáin agus doruithe le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

([36]) Na cineálacha tráil grinnill uile (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).
([37]) Na cineálacha saighne uile (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).
([38]) Gach iascach spiléir nó gach iascach cleithe agus dorú nó gach iascach slaite agus dorú (LHP, LHM, LLD, LL, LTL, LX agus LLS).
([39]) Gach líon gheolbhaigh sheasta agus gach gaiste (GTR, GNS, GNC, FYK, FPN agus FIX).

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (d), maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha doingean mara Eorpach agus úsáid á baint as eangacha geolbhaigh seasta le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

I gcás ina ndéanfar soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a ionadú, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go mbeidh feidhm ag na maoluithe sin maidir le soitheach iascaireachta eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar líon na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoi réir gach ceann de na maoluithe ná ar a n-acmhainneacht fhoriomlán iascaireachta.

4. Ní bheidh na teorainneacha gabhála a leagtar amach i mír 3 inaistrithe idir soithí iascaireachta.

5. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i ranna 4b, 4c, 6a, agus 7a go 7k ICES:

(a) ón 1 Feabhra go dtí an 31 Márta 2026:

(i) ní cheadófar ach iascaireacht gabh agus scaoil le slat nó le dorú láimhe ar an doingean mara Eorpach; agus

(ii) toirmiscfear na doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír;

(b) i mí Eanáir 2026 agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2026:

(i) ní fhéadfar níos mó ná trí eiseamal den doingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae;

(ii) is é 42 cm an t-íosmhéid do dhoingean mara Eorpach a choinneofar; agus

(iii) ní dhéanfar líonta seasmhacha a úsáid chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.

6. Beidh feidhm ag mír 5 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

Airteagal 11

Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach i ranna 8a agus 8b ICES

1. Le linn dóibh a gcuid deiseanna iascaireachta a chinneadh i ndáil le hiascach tráchtála le haghaidh doingin mhara Eorpacha i ranna 8a agus 8b ICES (Bá na Bioscáine), áiritheoidh an Spáinn agus an Fhrainc go comhpháirteach nach mó ná 3 883 thona suim a ndeiseanna iascaireachta faoi seach, an ábhair mhuirí aischurtha tráchtála, na ngabhálacha áineasa agus an ábhair mhuirí aischurtha mhairbh áineasa. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir leis na deiseanna iascaireachta sin.

2. Faoin 15 Márta, cuirfidh an Spáinn agus an Fhrainc an Coimisiún ar an eolas faoi na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus faoin gcaoi a gcomhlíonann na deiseanna na deiseanna iascaireachta sin an mhír sin.

3. Is iad an Spáinn agus an Fhrainc (BSS/8AB) a thuairisceoidh gabhálacha in iascaigh thráchtála faoi na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1.

4. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i ranna 8a agus 8b ICES:

(a) féadfaidh uasmhéid dhá eiseamal den doingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae; agus

(b) ní dhéanfar líonta seasmhacha a úsáid chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.

5. Beidh feidhm ag mír 4 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

Airteagal 12

Bearta maidir le hiascach áineasa mangaigh i ranna 6 agus 7 ICES

1. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i bhfolimistéir 6 agus 7 ICES, féadfaidh uasmhéid trí eiseamal den mhangach (*Pollachius pollachius*) a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae.

2. Beidh feidhm ag mír 1 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascaireacht áineasa.

Airteagal 13

Bearta maidir le mangach i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais in limistéar CECAF 34.1.1

1. Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 42 cm maidir le gabhálacha mangach (*Pollachius pollachius*) i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i limistéar CECAF 34.1.1.

2. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i limistéar CECAF 34.1.1:

(a) féadfaidh uasmhéid dhá eiseamal den mhangach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae; ach an uasteorainn sin a bheith bainte amach, féadfar iascach 'gabháil agus scaoileadh saor' a dhéanamh; agus

(b) ní fhéadfar aon eiseamal den mhangach a ghabháil ná a choinneáil ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán; mar sin féin, féadfar iascach 'gabháil agus scaoileadh saor' a dhéanamh le linn na tréimhse sin.

3. Tá feidhm ag mír 2 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascaireacht áineasa.

Airteagal 14

Bearta maidir le hiascaigh eascann Eorpach in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le huiscí muirí agus uiscí goirte i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES, agus maidir le huiscí goirte de chuid an Aontais atá cóngarach dóibh, lena n-áirítear inbhir, murlaigh chósta agus uiscí trasdultacha.

2. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta tráchtála ar chun críche imscrúduithe eolaíocha le soitheach iascaireachta nó gan soitheach iascaireachta iad, agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 agus go ndearbhóidh CETEI don Choimisiún agus do na Ballstáit lena mbaineann go bhfuil údar maith eolaíoch leis na himscrúduithe eolaíocha sin.

3. Cuirfear toirmeasc ar ghabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le haghaidh eascanna Eorpacha (*Anguilla anguilla*) ag gach céim dá saolré ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad idir an 1 Aibreán 2026 agus an 31 Márta 2027. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit agus na hiascairí gach iarracht réasúnach gabhálacha de thaisme ar an eascann Eorpach a íoslaghdú agus, i gcás inar féidir, a chosc ina n-iomláine. Eiseamail den eascann Eorpach a ghabhtar de thaisme, ní dhéanfar aon díobháil dóibh agus cuirfear ar ais i bhfarraige go pras iad. Chuige sin, cinnfidh an Ballstát lena mbaineann, cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt, tréimhse choiscthe amháin nó níos mó faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát nó laistigh de Bhallstát amháin ó limistéar iascaireachta amháin go limistéar iascaireachta eile chun patrún imirce geografaí agus aimseartha na heascainne Eorpaí a chur san áireamh ag na céimeanna difriúla dá saolré;

(b) mairfidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe ar feadh tréimhse ama 6 mhí ar a laghad a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta;

(c) beidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe i gcomhréir leis na cuspóirí caomhnaithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, agus le pleananna bainistíochta náisiúnta arna mbunú de bhun Airteagal 2 den Rialachán sin; agus

(d) cumhdóidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe príomhthréimhse imirce nó príomhthréimhsí imirce na heascainne Eorpaí, lena n-áirítear an bhuaic shonrach, ag an gcéim saoil shonrach sa Bhallstát lena mbaineann.

4. De mhaolú ar mhír 3, pointe (d), maidir le heascanna Eorpacha arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann gníomhaireachtaí iascaireachta ar feadh suas le 30 lá san iomlán, a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, a cheadú le linn na príomhthréimhse imirce, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta. Sa chás sin, cinnfidh na Ballstáit lena mbaineann cosc breise ar feadh tréimhse choibhéiseach ama le linn na príomhthréimhse imirce nó, ar bhonn coimhdeach, díreach roimhe nó ina diaidh. I gcás ina gceadóidh Ballstát iascaireacht a dhéanamh ar laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile, déanfar an trealamh iascaireachta a thógáil amach as an uisce le linn aon tréimhseidir na laethanta sin de ghníomhaíochtaí iascaireachta nach dtagann i ndiaidh a chéile.

5. De mhaolú ar mhír 3, pointe (d), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iascaireacht ar eascanna Eorpacha arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán agus iad ar imirce ó uiscí an Aontais go dtí a láithreacha sceite sa Mhuir Shargasach ('imirce le sruth') a cheadú ar feadh suas le 50 lá san iomlán ar laethanta iad a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile. Tá feidhm ag an maolú sin maidir leis na hiascairí uile lena mbaineann sa limistéar iascaireachta ábhartha, le linn na príomhthréimhse imirce, faoi na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) ní cheadófar an ghníomhaíocht iascaireachta ach amháin i gcás nach bhfuil rochtain ag eascanna Eorpacha ar uiscí mara ach trí uiscí goirte nach uiscí de chuid an Aontais iad;

(b) comhlíonfaidh na gabhálacha a ghabhtar i bhforanna 22 go 32 ICES an íosmhéid tagartha caomhnaithe 35 cm, i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241;

(c) ní dhéanfar dochar d'aon eascann Eorpach a ghabhtar a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach aici, iomprófar í gan moill mhíchuí agus scaoilfear saor í láithreach in uiscí mara an Aontais in aice láimhe in áit arna hainmniú ag an mBallstát lena mbaineann, rud a chuirfeadh ar a cumas di leanúint den imirce le sruth;

(d) ní dhéanfar dochar d'aon eascann Eorpach a fhoghabhtar go teagmhasach nach bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach aici agus scaoilfear saor í láithreach ar ais san uisce; agus

(e) déanfar an ghníomhaíocht iascaireachta i gcomhar le comhlacht eolaíoch náisiúnta.

6. Maidir le heascanna Eorpacha i bhfolimistéar 3 ICES arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán, comhaontóidh na Ballstáit uile lena mbaineann an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 3 agus an maolú orthu dá dtagraítear i mír 4 chun cosaint éifeachtach na heascainne Eorpaí a áirithiú ar a himirce ó Mhuir Bhailt isteach sa Mhuir Thuaidh. In éagmais comhaontú mar sin faoin 1 Aibreán 2026, is é an 15 Meán Fómhair 2026 go dtí an 15 Márta 2027 an tréimhse choiscthe sa Danmhairg, sa Ghearmáin, san Eastóin, san Fhionlainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn agus sa tSualainn, agus ní fhéadfaidh an maolú dá dtagraítear i mír 4 a bheith ann.

7. De mhaolú ar mhír 3, pointe (d), i gcás eascanna Eorpacha arb é níos lú ná 12 cm a bhfad foriomlán, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann gníomhaireachtaí iascaireachta ar feadh suas le 30 lá san iomlán, a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, a cheadú le linn na príomhthréimhse imirce, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann iascaireacht a cheadú go heisiach le haghaidh athstocála suas le 50 lá breise le linn na príomhthréimhse imirce. Sa dá chás, cinnfidh na Ballstáit lena mbaineann cosc breise ar feadh tréimhse choibhéiseach ama le linn na príomhthréimhse imirce nó, ar bhonn coimhdeach, díreach roimhe nó ina diaidh. I gcás ina gceadóidh Ballstát iascaireacht a dhéanamh ar laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile, déanfar an trealamh iascaireachta a thógáil amach as an uisce le linn aon tréimhse idir na laethanta de ghníomhaíochtaí iascaireachta sin nach dtagann i ndiaidh a chéile.

8. Toirmiscfear iascach áineasa na heascainne Eorpaí ag gach céim dá saolré.

9. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt, an Coimisiún ar an eolas:

(a) faoin 1 Bealtaine, maidir leis an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 7, mar aon leis an bhfaisnéis tacaíochta lena dtugtar bonn cirt don tréimhse nó do na tréimhsí a roghnaíodh;

(b) laistigh de 2 sheachtain tar éis a nglactha, maidir leis na bearta náisiúnta a bhaineann leis an tréimhse choiscthe nó leis na tréimhsí coiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 7;

(c) laistigh de 8 seachtaine roimh thús na tréimhse coiscthe nó na dtréimhsí coiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 7, maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar i gcomhréir le mír 5, eadhon:

(i) áit nó áiteanna agus dáta nó dátaí na ngníomhaíochtaí iascaireachta;

(ii) an líon agus an cineál oibreoirí a bhfuil coinne leo agus an comhlacht eolaíoch náisiúnta atá páirteach; agus

(iii) an áit nó na háiteanna ainmnithe lena scaoileadh saor; agus

(d) laistigh d'uastréimhse 8 seachtaine ó dheireadh na ngníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh i gcomhréir le mír 5:

(i) an líon agus an cineál oibreoirí;

(ii) an líon eascann Eorpach a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu agus a gabhadh le linn na ngníomhaíochtaí iascaireachta sin;

(iii) an líon eascann Eorpach nach bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu agus a gabhadh le linn na ngníomhaíochtaí iascaireachta sin; agus

(iv) an líon eascann Eorpach a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu a clibeáladh.

Airteagal 15

Forálacha speisialta maidir le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta

1. Beidh cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta i measc na mBallstát a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) malartuithe de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(b) asbhaintí agus breisithe de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(c) ath-chionrannta de bhun Airteagail 12 agus 47 de Rialachán (AE) 2017/2403;

(d) gabhálacha breise a thabharfar i dtír arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(e) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(f) asbhaintí agus coigeartuithe de bhun Airteagail 105, 106, 107 agus 107a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; agus

(g) aistrithe agus malartuithe cuótaí de bhun Airteagail 26 agus 55 den Rialachán seo.

2. Déantar na stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim nó anailíseacha chun na TACanna agus na cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96 a shainaithint in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TAC réamhchúraim, agus beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáideann Ballstát an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 16

Séasúir coiscthe iascaireachta le haghaidh corra gainimh

Toirmeascfar iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar spéirlintí (*Ammodytes* spp.) le trál grinnill, saighean nó trealaimh tharraingthe chomhchosúla ina bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2026 agus ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2026.

Airteagal 17

Bearta ceartaitheacha don trosc sa Mhuir Thuaidh

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV na limistéir atá coiscthe don iascaireacht seachas le trealamh peiligeach (peas-saighne agus tráil) agus na tréimhsí a mbeidh feidhm ag na tréimhsí coiscthe lena linn.

2. Soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill agus saighní ina bhfuil mogallmhéid íosta 70 mm i ranna 4a agus 4b ICES nó 90 mm i roinn 3a ICES, agus spiléir ([40]), cuirfear toirmeasc orthu iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais i roinn 4a ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 58°30'00"T agus laisteas de dhomhanleithead 61°30′00"T agus in uiscí an Aontais i ranna 3a.20 (Skagerrak), 4a agus 4b ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 57°00'00"T agus lastoir de dhomhanfhad 5°00'00"O.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh soithí iascaireachta dá dtagraítear sa mhír sin iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dá dtagraítear sa mhír sin ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) ní mó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána in aghaidh an turais iascaireachta; soithí iascaireachta nár mhó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána sa tréimhse 2017 go 2019, glactar leis go gcomhlíonann siad an critéar sin ar choinníoll go leanann siad de bheith ag úsáid an trealaimh chéanna a bhí á úsáid acu le linn na tréimhse sin; féadfar an toimhde sin a fhrisnéis;

(b) úsáidtear trál grinnill nó saighean atá rialáilte agus ardroghnaitheach, agus dá bharr sin, de réir staidéar eolaíoch, bíonn laghdú 30 % ar a laghad ar ghabhálacha trosc i gcomparáid le soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht leis an mogallmhéid íosta do threalaimh tharraingthe, mar a shonraítear i gCuid B, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241; féadfaidh CETEI meastóireacht a dhéanamh ar na staidéir sin; agus i gcás ina ndéanfaidh CETEI meastóireacht dhiúltach, ní mheasfar na trealaimh lena mbaineann a bheith bailí a thuilleadh lena n-úsáid sna limistéir dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;

(c) i gcás soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 100 mm nó níos mó ná sin (TR1), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:

(i) tráil bhoilg ina bhfuil mogallmhéid íosta 600 mm sa bholg;

(ii) líne iascaireachta ardaithe (0,6 m); nó

(iii) painéal deighilte cothrománach ina bhfuil painéal éalaithe mogaill mhóir;

(d) i gcás soithí a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 70 mm nó níos mó ná sin i roinn 4a ICES agus 90 mm i roinn 3a ICES, agus ar lú é ná 100 mm (TR2), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:

(i) greille shórtála chothrománach nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na leathóga ó na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;

(ii) painéal Seltra a bhfuil mogallmhéid cearnógach 300 mm ann; nó

(iii) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;

(e) tá soithí iascaireachta faoi réir plean náisiúnta seachanta trosc chun gabhálacha trosc a choinneáil i gcomhréir leis an mbásmhaireacht iascaireachta a chomhfhreagraíonn do na deiseanna iascaireachta arna socrú, bunaithe ar leibhéil na comhairle eolaíche, trí bhearta spásúla nó teicniúla, nó meascán díobh sin; déanfar na pleananna sin a mheasúnú tráth nach déanaí ná 2 mhí i ndiaidh a gcur chun feidhme, i gcás na mBallstát is é CETEI a dhéanfaidh measúnú agus i gcás tríú tíortha is é an comhlacht eolaíoch náisiúnta ábhartha a dhéanfaidh measúnú, agus, i gcás ina meastar gur gá, ba cheart na pleananna sin a athbhreithniú a thuilleadh má fhaightear amach de réir na measúnuithe sin nach mbainfear amach cuspóir an phlean náisiúnta seachanta trosc.

([40]) Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB, SDN, SSC, SX, LL, LLS.

4. Feabhsóidh na Ballstáit faireachán agus faireachas na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2 chun a áirithiú go ndéanfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 a chomhlíonadh.

5. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

Airteagal 18

Tréimhsí coiscthe fíor-ama maidir le hiascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh agus in Skagerrak

1. Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2026, i Muir nIocht Thoir (roinn 7d ICES), i nDeisceart na Mara Thuaidh (roinn 4c ICES) agus sa Mhuir Thuaidh Láir (roinn 4b ICES), más mó ná 25 % cainníocht na dtrosc sa sampla i gcomparáid le hiomlán na dtrosc, na gcadóg, na nglasán agus na bhfaoitíní, is é 7,5 % de réir meáchain na n-iasc óg an leibhéal spreagtha gabhála, dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 724/2010 ([41]) ón gCoimisiún, i gcomparáid le hiomlán na gceithre speiceas sin in aon dol amháin.

2. I gcás inar iadh an limistéar de bhun shampla amháin agus i gcás ina bhfuil sé suite lasmuigh de na huiscí suas le 12 mhíle ó bhonnlíne an Bhallstáit cósta, dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 724/2010 ón gCoimisiún, beidh méid na limistéar iata sin idir 50 nm2 suas go 225nm2, ach amháin in Skagerrak (roinn 3a ICES), i Muir nIocht Thoir (roinn 7d ICES) agus sa Mhuir Thuaidh Theas (roinn 4c ICES) ina mbeidh méid na limistéar iata idir 50 nm2 suas go 100 nm^2.

Airteagal 19

Bearta teicniúla don Mhuir Cheilteach, do Mhuir Éireann agus d'Iarthar na hAlban

1. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil otair agus le saighní i ranna 7f, 7g de ICES, sa chuid de 7h lastuaidh de dhomhanleithead 49 30′ ó Thuaidh agus sa chuid de 7j lastuaidh de dhomhanleithead 49 30′ ó Thuaidh agus thoir ó dhomhanfhad 11 Thiar:

(a) soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil otair nó le saighní, úsáidfidh siad trealamh ina bhfuil ceann de na mogallmhéideanna seo a leanas:

(i) soc-fhoirceann 110 mm le painéal de mhogall cearnógach 120 mm; nó

(ii) soc-fhoirceann 120 mm;

(b) Ina theannta sin, soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil otair agus ar cadóga (*Melanogrammus aeglefinus*) iad 20 % ar a laghad dá ngabhálacha arna meá roimh aon ábhar muirí aischurtha, úsáidfidh siad trealamh iascaireachta a tógadh le spás 1 mhéadair ar a laghad idir an líne iascaireachta agus an trealamh talún; Féadfaidh Ballstáit soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil otair, ar troisc iad níos lú ná 1,5 % dá ngabhálacha, arna meá roimh aon ábhar muirí aischurtha, a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm phointe (b), ar choinníoll go bhfuil na soithí sin faoi réir méadú forchéimnitheach ar chumhdach breathnóirí ar muir ar suas le 20 % ar a laghad dá dturais iascaireachta go léir é;

(c) soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil otair nó saighní, ar gliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*) iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 80 mm agus ceann amháin de na trealaimh seo a leanas:

(i) painéal de mhogaill 300 mm cearnógach;

(ii) bosca sórtála mogaill chearnógaigh Seltra 300 mm; nó

(iii) Greille shórtála Nordmøre a bhfuil spás 35 mm ar a mhéad idir a barraí nó líonghreille roghnaíochta chomhchosúil.

([41]) Rialachán ón gCoimisiún (AE) Uimh. 724/2010 an 12 Lúnasa 2010 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme thréimhsí coiscthe fíor-ama maidir le hiascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh agus in Skagerrak (IO L 213, 13.8.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/724/oj).

(d) soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil otair nó saighní, ar láimhínigh (*Lophiidae*), colmóirí (*Merluccius merluccius*) nó scoilteáin (*Lepidorhombus* spp.) le chéile iad níos mó ná 55 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh seo a leanas:

(i) soc-fhoirceann 100 mm le painéal de mhogaill 100 mm cearnógach; nó

(ii) soc-fhoirceann T90 100 mm agus síneadh.

2. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil otair nó saighní i ranna 6a agus 5b ICES laistigh d'uiscí an Aontais, lastoir ó 12° I (Iarthar na hAlban) in iascaigh ghliomach na hIorua:

(a) cuirfidh soithí iascaireachta painéal de mhogall cearnógach (suíomh arna choinneáil) 300 mm ar a laghad in úsáid i gcás soithí a úsáideann soc-fhoirceann ina bhfuil mogallmhéid is lú ná 100 mm; i gcás soithí ar lú ná 12 m a bhfad foriomlán nó ina bhfuil cumhacht innill 200 kW nó níos lú, féadfaidh an painéal a bheith 2 m ar fhad foriomlán agus 200 mm a bheith i mogallmhéid an phainéil;

(b) soithí iascaireachta ar gliomaigh na hIorua iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, cuirfidh siad painéal de mhogall (suíomh arna choinneáil) 160 mm cearnógach ar a laghad in úsáid i gcás soithí a úsáideann soc-fhoirceann ina bhfuil mogallmhéid 100-119 mm.

3. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil otair nó saighní i roinn 7a ICES (Muir Éireann):

(a) soithí a bhíonn ag iascaireacht le tráil otair nó saighní a bhfuil mogallmhéid a soc-fhoircinn comhionann le 70 mm nó níos mó ná sin agus ar lú é ná 100 mm agus ar gliomaigh na hIorua iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad ceann de na trealaimh seo a leanas:

(i) painéal de mhogaill 300 mm cearnógach; soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, féadfaidh siad painéal de mhogall cearnógach 200 mm a úsáid;

(ii) bosca sórtála mogaill chearnógaigh Seltra 300 mm; nó

(iii) Greille shórtála Nordmøre a bhfuil spás 35 mm ar a mhéad idir a barraí nó líonghreille roghnaíochta chomhchosúil.

(b) soithí iascaireachta is comhionann le 12 mhéadar ar fhad iomlán nó atá níos faide ná sin, a oibríonn le tráil otair nó saighní ar cadóga, troisc, sciataí agus roic (*Rajiformes*) le chéile iad níos mó ná 10 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 120 mm.

4. Ríomhfar na céatadáin ghabhála i míreanna 1 go 3 den Airteagal seo mar chion de bheomheáchan na n-acmhainní bitheolaíocha muirí uile a thabharfar i dtír tar éis gach turais iascaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2019/1241.

5. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1241, beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta iascaireacht a dhéanamh le tráil otair agus saighní sna limistéir seo a leanas:

(a) i ranna 7b agus 7c ICES;

(b) sa limistéar laistiar de dhomhanfhad 5°I i roinn 7e ICES; agus

(c) i ranna 7f go 7k ICES.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc seo maidir le soithí iascaireachta sna cásanna seo a leanas:

(a) má úsáideann siad soc-fhoirceann de mhogallmhéid 100 mm ar a laghad; nó

(b) mura mó ná 1,5 % a bhfoghabhálacha trosc, arna measúnú ag CETEI, agus iascaireacht á déanamh lasmuigh de na limistéir dá dtagraítear i mír 1.

6. Chun críche an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'tráil otair' tráil a bhíonn á gcoinneáil ar oscailt ag cláir otair a tharraingítear ar ghrinneall na farraige;

(b) ciallaíonn 'bosca sórtála mogaill chearnógaigh Seltra 300 mm' gaireas roghnaíochta ar fíor an méid a leanas ina leith:

(i) tá barrphainéal air le mogallmhéid (mogall cearnógach) 300 mm ar a laghad, agus é curtha i roinn bosca ceithre phainéal, sa chuid dhíreach de shoc-fhoirceann;

(ii) tá sé 3 mhéadar ar a laghad ar fhad;

(iii) tá sé suite laistigh de 4 mhéadar ar a mhéad ón soc-fhoirceann; agus

(iv) clúdaíonn sé leithead iomlán leathán uachtarach roinn bosca an tráil (i.e. ó dhlúthchiumhais go dlúthchiumhais).

(c) ciallaíonn 'greille shórtála Nordmøre' gaireas roghnaíochta ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) tá greille dhocht ann a bhfuil spás 35 mm ar a mhéad idir a barraí; agus

(ii) tá sé feistithe le painéal de mhogall cearnógach 120 mm de mhogallmhéid, suite idir 9 méadar agus 12 mhéadar ón soc-fhoirceann;

(d) ciallaíonn 'gaireas líonghreille' gaireas roghnaíochta ag a bhfuil roinn ceithre phainéal arna cur isteach i dtrál dhá phainéal ag a bhfuil leathán claonta de líontán mogaill muileatach ag a bhfuil mogallmhéid 200 mm ar a laghad, rud a fhágann go bhfuil poll éalaithe ar bharr an tráil.

Airteagal 20

Bearta teicniúla do Mhuir nIocht

1. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas i roinn 7e ICES:

(a) soithí iascaireachta a oibríonn le tráil otair nó saighní ar troisc, cadóga, faoitíní nó glasáin le chéile iad níos mó ná 25 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 100 mm; agus

(b) soithí iascaireachta a oibríonn le tráil otair, tráil bhíoma agus saighní ar troisc, cadóga, faoitíní agus glasáin le chéile iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha agus, i gcás tráil otair nó saighní le chéile, ar troisc, cadóga, faoitíní agus glasáin iad níos lú ná 25 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 90 mm.

2. Soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht i roinn 7d ICES le tráil otair, tráil bhíoma agus saighní ar sól nó leathóg le chéile iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 90 mm.

3. Ríomhfar na céatadáin ghabhála a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo mar chion de bheomheáchan na n-acmhainní bitheolaíocha muirí uile a thabharfar i dtír tar éis gach turais iascaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2019/1241.

Airteagal 21

Bearta teicniúla don séacla Artach in Skagerrak

1. Más mó ná 30 % de ghabháil fhoriomlán an speicis sin an cion iasc óg séacla Artaigh (*Pandalus borealis*), dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 ón gCoimisiún ([42]), féadfaidh na húdaráis rialaithe dúnadh fíor-ama a mholadh ar bhonn sampla amháin, dá dtagraítear san Airteagal sin.

2. Trálaeir a dhíríonn ar an séacla Artach le greille Nordmøre atá roghnaíoch ó thaobh méide, dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, beidh siad faoi réir an limistéir choiscthe, dá dtagraítear san Airteagal sin.

([42]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme iamh fíor-ama maidir le hiascaigh séacla Artaigh in Skagerrak (IO L 332, 23.12.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/2201/oj).

3. Ní rachaidh an limistéar coiscthe, dá dtagraítear in Airteagal 7(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, thar 100 muirmhíle chearnógach.

4. Beidh cosc ar iascach sa limistéar, dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, dúnta ar feadh 21 lá agus ina dhiaidh sin scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige go huathoibríoch ag meán oíche AUL.

5. Tráil ghrinnill ina bhfuil mogallmhéid 32 mm ar a laghad lena ndírítear ar shéacla Artacha, agus atá feistithe le greille shórtála Nordmøre nach mó ná 19 mm an spás idir na barraí inti agus gan gaireas coinneála éisc, dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, beidh siad faoi réir an limistéir choiscthe, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán sin.

Airteagal 22

Bearta ceartaitheacha don scól coiteann in Skagerrak, Kattegat agus i Muir Bhailt Thiar

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht i bhforanna 20-23 ICES ag a bhfuil eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe ([43]), ní úsáidfidh siad mogallmhéid idir 80 mm agus 119 mm.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

(a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhíríonn ar speicis neamhchuóta agus a bhfuil a bhfoghabhálacha sól coiteann (*Solea solea*) faoi bhun 1 % sa limistéar farraige laisteas de dhomhanleithead 55° 00′ T agus suas le dhá mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte; nó

(b) oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

Airteagal 23

Speicis atá faoi thoirmeasc

1. Maidir leis na speicis seo a leanas, ní dhéanfaidh soithí de chuid an Aontais iascaireacht orthu, iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír:

(a) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 agus roinn 7d ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus uiscí an Aontais i roinn 3a;

(b) an t-alfainsín taibhseach (*Beryx splendens*) i bhfolimistéar 6 NAFO;

(c) an siorc gainimh (*Carcharias taurus*) sna huiscí uile seachas sa Mheánmhuir;

(d) an sciata coiteann (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéir 4, 6, 7 agus 8 ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus folimistéar 5; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 9 agus 10;

(e) an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a, agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14;

(f) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a, uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 5, uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 6 go 8, agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 12 agus 14;

(g) an gainneachán flannbhuí (*Hoplostethus atlanticus*) in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 go 10, 12 agus 14 ICES;

(h) an craosaire (*Lamna nasus*) sna huiscí uile;

([43]) Cóid trealaimh: GTR, GTN, GNS, GNC.

(i) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;

(j) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 6 ICES; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 10 ICES;

(k) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) sna huiscí uile;

(l) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) sa Mheánmhuir; nó

(m) speicis domhainfharraige a liostaítear i gCuid D d'Iarscríbhinn IA in uiscí an Aontais, uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta sna limistéir ICES 1, 2 (seachas uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a), 5 go 10, 12 agus 14, agus limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF, agus in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus i folimistéar 4 ICES, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

Airteagal 24

Tarchur sonraí

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, nó faoi bhráid an chomhlachta atá ainmnithe aige, sonraí a bhaineann le gabhálacha agus le hiarracht iascaireachta, trí mheán leictreonach, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL II

Údaruithe iascaireachta in uiscí tríú tíortha

Airteagal 25

Údaruithe iascaireachta

1. I gcás inarb infheidhme, leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht in uiscí tríú tír.

2. I gcás ina n-aistreoidh Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tar éis dó fógra a thabhairt don Choimisiún, cuóta chuig Ballstát eile sna limistéir iascaireachta a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh aistriú iomchuí údaruithe iascaireachta ag gabháil leis an aistriú, i gcás inarb ábhartha. Ní rachfar thar an líon iomlán údaruithe le haghaidh gach limistéir iascaireachta, mar a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo. Tabharfaidh Ballstát an aistrithe fógra don Choimisiún faoi aistriú na n-údaruithe iascaireachta tráth a dtabharfar fógra don Choimisiún faoin aistriú cuótaí.

CAIBIDIL III

Deiseanna iascaireachta arna mbainistiú ag eagraíochtaí réigiúnacha um bainistiú iascaigh

Roinn 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 26

Aistrithe agus malartuithe cuótaí

1. I gcás ina gceadófar le rialacha eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh (ERBI) aistrithe nó malartuithe cuótaí idir na Páirtithe Conarthacha chuig an ERBI sin, féadfaidh Ballstát ('an Ballstát lena mbaineann') plé maidir le himlíne an aistrithe cuótaí nó an mhalartaithe cuótaí le Páirtí Conarthach san ERBI sin agus leagan amach féideartha a bhunú i dtaca le haistriú nó malartú cuótaí atá beartaithe, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach sin.

2. A luaithe a thabharfaidh fógra don Choimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Coimisiún leagan amach an aistrithe nó an mhalartaithe cuótaí atá beartaithe a fhormhuiniú. Má fhormhuiníonn an Coimisiún an achoimre, cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí sin. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht an ERBI ábhartha maidir leis an aistriú nó malartú cuótaí i gcomhréir le rialacha an ERBI sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí arna chomhaontú.

4. Na deiseanna iascaireachta a gheofar ón bpáirtí conarthach ábhartha san ERBI nó a aistreofar chuige faoin aistriú nó malartú cuótaí, measfar gur cuótaí iad a chuirfear le cionroinnt an Bhallstáit lena mbaineann nó a asbhainfear as an gcionroinnt sin, ón uair a bheidh feidhm leis an aistriú nó an malartú cuótaí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe leis an bPáirtí Conarthach ábhartha san ERBI nó i gcomhréir le rialacha ábhartha an ERBI, de réir mar is iomchuí. Leis na haistrithe agus na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don scála cionroinnte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

Roinn 2

limistéar choinbhinsiún cicta

Airteagal 27

Teorainneacha maidir le hacmhainneacht iascaireachta, feirmeoireachta agus ramhraithe

1. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI leis an líon bád baoite agus bád trollála de chuid an Aontais a údaraítear le hiascaireacht a dhéanamh go gníomhach ar thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm san Atlantach Thoir.

2. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta mionscála de chuid an Aontais a údaraítear le hiascaireacht a dhéanamh go gníomhach ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm sa Mheánmhuir.

3. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinníní gorma i Muir Aidriad chun críoch feirmeoireachta a údaraítear le hiascaireacht ghníomhach a dhéanamh ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm.

4. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma nó iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

5. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn VI leis an líon gaistí a úsáidfear in iascach tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

6. Beidh teorainn, mar a leagtar amach i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VI, le líon na bhfeirmeacha a údaraítear le tuinníní gorma a iascach agus leis an uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhtar go fiáin san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

7. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 7 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní colgacha an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) mar spriocspeiceas i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([44]).

8. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 8 d'Iarscríbhinn VI leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 20 m ar a laghad ar a bhfad agus a dhéanann iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) i limistéar Choinbhinsiún CICTA.

([44]) Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (CICTA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj).

Airteagal 28

Iascaigh áineasa

I gcás inarb iomchuí, cionroinnfidh na Ballstáit sciar sonrach óna gcuótaí cionroinnte ar an iascach áineasa, de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn ID.

Airteagal 29

Toirmisc a bhaineann le siorcanna súisteála agus mácó biorshrónach

1. I dteannta na dtoirmeasc a bhunaítear le hAirteagail 32 go 36 de Rialachán (AE) 2017/2107, toirmeascfar freisin iascaireacht dhíreach a dhéanamh ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*. Beidh an toirmeasc breise sin gan dochar don toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2017/2107 lena dtoirmisctear aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán den siorc súisteála mórshúileach (*Alopias superciliosus*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

2. Toirmeascfar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán den mhácó biorshrónach (*Isurus oxyrinchus*) a ghabhtar san iascach i limistéar Choinbhinsiún CICTA a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T.

Airteagal 30

FADanna le haghaidh Tuinníní Trópaiceacha

1. Toirmeascfar FADanna a úsáid i limistéar Choinbhinsiún CICTA ón 17 Márta go dtí an 30 Aibreán.

2. Ón 2 Márta go dtí an 16 Márta áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfidh a soithí iascaireachta feistí comhthiomsaithe éisc.

Roinn 3

Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR

Airteagal 31

Fógraí maidir le hiascaigh thaiscéalaíocha don déadiasc le haghaidh shéasúr iascaireachta 2026-2027

1. Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach in iascaigh spiléireachta thaiscéalaíocha déadiasc (*Dissostichus* spp.) i bhfolimistéir 48.6, 88.1 agus 88.2 de chuid Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus i ranna 58.4.1, 58.4.2 agus 58.4.3a FAO lasmuigh de limistéir faoi dhlínse náisiúnta sa tréimhse ón 1 Nollaig 2026 go dtí an 30 Samhain 2027, nó féadfaidh siad a soithí iascaireachta a údarú le bheith rannpháirteach iontu, i gcomhréir le h Airteagal 7(2) go (7) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle ([45]).

2. De mhaolú ar na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu a bheith rannpháirteach in iascach taiscéalaíoch dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó a bhfuil sé beartaithe acu a soithí iascaireachta a údarú le bheith rannpháirteach ann, tabharfaidh siad fógra do Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2026.

Airteagal 32

Iascach déadiasc le linn shéasúr iascaireachta 2025-2026

1. I dteannta na gceanglas speisialta maidir le hiascaigh thaiscéalaíocha a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, beidh iascaireacht ar dhéadéisc le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026 teoranta do na Ballstáit, do na folimistéir agus don líon soithí iascaireachta a leagtar amach i dTábla A in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo. Maidir leis an iascach sin, beidh feidhm ag na TACanna agus ag na teorainneacha foghabhála a leagtar amach i dTábla B san Iarscríbhinn sin.

([45]) Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 lena leagtar síos bearta rialaithe áirithe is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le beo-acmhainní muirí Antartacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 3943/90, (CE) Uimh. 66/98 agus (CE) Uimh. 1721/1999 (IO L 97, 1.4.2004, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/601/oj).

2. Toirmeascfar iascaireacht dhíreach ar speicis siorcanna chun críoch eile seachas taighde eolaíoch. Scaoilfear saor ina mbeatha aon fhoghabháil siorcanna, go háirithe siorcanna óga agus baineannaigh thorracha, a ghabhfar de thaisme san iascach déadéisc.

3. I gcás inarb infheidhme, scoirfear d'iascaireacht déadiasc in aon aonad taighde ar mionscála (ATMS) nuair a shroichfidh an ghabháil arna tuairisciú an TAC sonraithe, agus beidh cosc ar iascaireacht san ATMS don chuid eile den séasúr iascaireachta.

4. Déanfar an iascaireacht ar an raon geografach agus bataiméadrach is mó is féidir chun an fhaisnéis is gá a fháil chun an acmhainneacht iascaigh a chinneadh agus chun ró-chomhchruinniú gabhálacha agus iarrachta iascaireachta a sheachaint. Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh, áfach, in áiteanna i bhfolimistéir 48.6, 88.1 agus 88.2 FAO i ndoimhneachtaí is éadoimhne ná 550 m.

Airteagal 33

Iascach crille le linn shéasúr iascaireachta 2026-2027

1. Chun críocha Airteagal 5a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna (*Euphausia superba*) i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2026 go dtí an 30 Samhain 2027, tabharfaidh siad fógra maidir leis sin don Choimisiún faoin 1 Bealtaine 2026, agus úsáid á baint acu as an bhfoirm i gCuid B den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. De mhaolú ar na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit lena mbaineann, cuirfidh an Coimisiún na fógraí faoi bhráid Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha faoin 30 Bealtaine 2026.

3. Áireofar leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 lena n-údarófar gach soitheach chun a bheith rannpháirteach san iascach crilleanna.

4. Maidir le Ballstát a bhfuil rún aige iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR, ní thabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin rún sin ach i leith soithí iascaireachta údaraithe tráth an fhógra:

(a) a mbeidh a bhratach ar foluain acu; nó

(b) a mbeidh bratach comhalta eile den Choimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha ar foluain acu agus a mbeifí ag súil, tráth a tharlóidh an t-iascach, go mbeadh bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu.

5. I gcás ina gcoiscfear ar shoitheach iascaireacht údaraithe, a tugadh fógra fúithi do Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, a bheith rannpháirteach in iascach crilleanna de bharr cúiseanna dlisteanacha oibríochtúla nó de bharr *force majeure*, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann soitheach iascaireacht ionaid eile a údarú le bheith rannpháirteach san iascach sin. Sa chás sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha a chur ar an eolas láithreach agus an Coimisiún i gcóip agus soláthróidh sé an méid seo a leanas:

(a) sonraí iomlána an tsoithigh iascaireachta ionaid atá beartaithe nó na soithí iascaireachta ionaid atá beartaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004; agus

(b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna lena dtugtar údar leis an ionadú agus aon fhianaise thacaíochta nó tagairtí ábhartha.

Roinn 4

Limistéar Inniúlachta IOTC

Airteagal 34

Acmhainneacht iascaireachta soithí iascaireachta a theorannú

1. Is mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní trópaiceacha i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach san olltonnáiste.

2. Is mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar cholgáin (*Xiphias gladius*) agus tuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*) i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.

3. Féadfaidh na Ballstáit soithí iascaireachta a sannadh do cheann amháin de na hiascaigh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a ath-chionroinnt ar an iascach eile, ar choinníoll gur féidir leo a léiriú don Choimisiún nach dtiocfaidh méadú as an sannadh sin ar an iarracht iascaireachta i ndáil leis na stoic éisc lena mbaineann.

4. Áiritheoidh an Ballstát sin, i gcás ina mbeartófar acmhainneacht a aistriú chuig cabhlach an Bhallstáit, go mbeidh na soithí iascaireachta atá le haistriú ar chlár soithí iascaireachta údaraithe IOTC nó ar chlár soithí iascaireachta ERBInna eile a bhainistíonn iascaigh tuinníní. Ní fhéadfar soithí iascaireacht a aistriú a bheidh ar liosta aon ERBI de shoithí a bhí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN.

5. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a n-acmhainneacht iascaireachta a mhéadú os cionn na n-uasteorainneacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ach laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sna pleananna forbartha a cuireadh faoi bhráid IOTC.

Airteagal 35

Sruthfheistí comhthiomsaithe éisc agus soithí soláthair

1. Feisteofar FADanna le sruth le baoithe gléasta. Toirmeascfar aon bhaoi eile, mar shampla baoithe raidió, a úsáid.

2. Ní leanfaidh soitheach iascaireachta peas-saighne níos mó ná 250 baoi oibríochtúil tráth ar bith.

3. Gheofar 400 baoi gléasta ar a mhéad ar bhonn bliantúil le haghaidh gach soithigh iascaireachta peas-saighne.

4. Ní bheidh níos mó ná trí shoitheach soláthair mar thaca le líon nach lú ná 12 soitheach iascaireachta peas-saighne, agus bratach Bhallstáit ar foluain acu uile. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis na Ballstáit nach mbainfidh úsáid ach as an aon soitheach soláthair amháin.

5. Ní bheidh níos mó ná aon soitheach soláthair amháin, ar a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain, mar thaca ag soitheach iascaireachta peas-saighne tráth ar bith.

6. Ní chláróidh an tAontas soithí soláthair nua ná breise i gclár soithí iascaireachta údaraithe IOTC.

Roinn 5

Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO

Airteagal 36

Iascaigh pheiligeacha

1. Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit sin a d'fheidhmigh gníomhaíochtaí iascaigh peiligeach go gníomhach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in 2007, 2008 nó 2009 stoic peiligeach a iascach sa limistéar sin i gcomhréir leis na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IH.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 na deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IH a úsáid ach ar choinníoll go seolfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas chuig an gCoimisiún ar a dhéanaí faoin 15ú lá den mhí ina dhiaidh sin, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur in iúl do Rúnaíocht SPRFMO:

(a) liosta de na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach nó a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO; agus

(b) tuarascálacha míosúla maidir le gabhálacha.

Roinn 6

Limistéar Choinbhinsiún IATTC

Airteagal 37

Iascaigh pheas-saighne

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta peas-saighne iascaireacht ar thuinníní buí (*Thunnus albacares*), tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) ná tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*):

(a) ó 00.00 uair an chloig an 6 Lúnasa 2026 go dtí 24.00 uair an chloig an 8 Deireadh Fómhair 2026 nó ó 00.00 uair an chloig an 9 Samhain 2026 go dtí 24.00 uair an chloig an 11 Eanáir 2027 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

— imeallbhoird an Aigéin Chiúin de Chríocha Mheiriceá,

— domhanfhad 150°I,

— domhanleithead 40°T,

— domhanleithead 40°°D; agus

(b) ó 00.00 uair an chloig an 9 Deireadh Fómhair 2026 go dtí 24.00 uair an chloig an 8 Samhain 2026 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

— domhanfhad 96° I,

— domhanfhad 110° I,

— domhanleithead 4°T,

— domhanleithead 3°D.

2. Tabharfaidh an Ballstát brataí sin fógra don Choimisiún roimh an 15 Meitheamh 2026 maidir le cé acu tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a roghnaigh an soitheach iascaireachta i dtaca le gach ceann de na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain orthu.

3. Soithí iascaireachta peas-saighne a bheidh ag déanamh iascaireachta ar thuinníní i limistéar Choinbhinsiún IATTC, coinneoidh siad ar bord gach tuinnín buí, gach tuinnín mórshúileach agus gach tuinnín aigéanach a ghabhfaidh siad agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh siad iad a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) i gcás ina meastar go bhfuil an t-iasc mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine ar chúiseanna eile seachas méid; nó

(b) le linn an tacair deiridh de thuras, i gcás nach mbeidh dóthain spáis sa pholl taosctha do na tuinníní uile a gabhadh sa tacar sin.

5. Maidir le gach soitheach iascaireachta peas-saighne a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún IATTC agus atá faoi bhratach Bhallstáit, déanfaidh an Ballstát brataí sin sonraí maidir le gabhálacha bliantúla tuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún IATTC an bhliain roimhe sin a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 1 Feabhra. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur i dtoll a chéile agus a tharchur go pras chuig Rúnaíocht CICTA.

6. Cuirfear síneadh leis na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais, ar bhonn a ngabhálacha tuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún IATTC le linn na bliana roimhe sin, mar a leanas:

(a) i gcás soithí iascaireachta a ghabh idir 1 200 tona agus 1 499 dtona, cuirtear síneadh 10 lá leis an tréimhse choiscthe;

(b) i gcás soithí iascaireachta a ghabh idir 1 500 tona agus 1 799 dtona, cuirtear síneadh 13 lá leis an tréimhse choiscthe;

(c) i gcás soithí iascaireachta a ghabh idir 1 800 tona agus 2 099 dtona, cuirtear síneadh 16 lá leis an tréimhse choiscthe;

(d) i gcás soithí iascaireachta a ghabh idir 2 100 tona agus 2 399 dtona, cuirtear síneadh 19 lá leis an tréimhse choiscthe; agus

(e) i gcás soithí iascaireachta a ghabh 2 400 tona nó níos mó, cuirtear síneadh 22 lá leis an tréimhse choiscthe.

7. Beidh feidhm ag na síntí ar na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 6 mar a leanas:

(a) i gcás na tréimhse coiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), cuirtear isteach na laethanta breise roimh thús na tréimhse coiscthe sin; agus

(b) i gcás na tréimhse coiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), cuirtear isteach na laethanta breise tar éis dheireadh na tréimhse coiscthe sin.

8. I gcás gach ceann de na soithí iascaireachta lena mbaineann, cuirfidh an Ballstát brataí ábhartha an Coimisiún ar an eolas faoi na síntí maidir leis na tréimhsí coiscthe agus an Coimisiún á chur ar an eolas faoi na tréimhsí coiscthe roghnaithe de bhun mhír 2.

Airteagal 38

Sruthfheistí comhthiomsaithe éisc

1. Ní bheidh níos mó ná an líon FADanna a leagtar amach sa tábla thíos in úsáid ag aon am amháin ag soitheach iascaireachta peas-saighne i limistéar Choinbhinsiún IATTC. Measfar FAD a bheith gníomhach nuair a dhéanfar é a chur in úsáid ar muir, nuair a thosóidh sé ag tarchur a shuímh, agus nuair a bheidh sé á rianú ag an soitheach iascaireachta, ag a úinéir nó ag a oibreoir. Ní dhéanfar FAD a ghníomhachtú ach amháin ar bhord soithigh peas-saighne.

Soithí iascaireachta ina bhfuil toilleadh is lú ná 1 200 m^3	210 FAD
Soithí iascaireachta ina bhfuil toilleadh is comhionann le 1 200 m^3 nó is mó ná sin	340 FAD

2. Le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscthe a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37(1), pointe (a), den Rialachán seo déanfaidh soitheach iascaireachta peas-saighne an méid seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún IATTC:

(a) staonadh ó FADanna a imscaradh; agus

(b) an líon céanna FAD a aisghabháil agus a rinne sé a imscaradh sa chéad dul síos.

Airteagal 39

Teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha in iascaigh spléireachta

Leagtar amach in Iarscríbhinn IL na gabhálacha bliantúla iomlána le haghaidh tuinníní mórshúileacha ag soithí iascaireachta spléireachta gach Ballstáit i limistéar Choinbhinsiún IATTC.

Airteagal 40

Taifid ar scaoileadh siorcanna bána aigéanacha

Déanfaidh oibreoirí soithí iascaireachta an líon scaoiltí siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([46]) a thaifeadadh, lena dtabharfaidh siad léiriú ar stádas (marbh nó beo) agus déanfaidh siad an fhaisnéis sin a thuairisciú don Bhallstát ar náisiúnaigh de iad. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin a bailíodh le linn 2025 a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir 2026.

Roinn 7

Limistéar Choinbhinsiún SEAFO

Airteagal 41

Toirmeasc ar iascaireacht dhírithe ar shiorcanna domhain-fharraige

Toirmeascfar iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar na siorcanna domhain-fharraige seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún SEAFO:

(a) an catsúileach taibhsiúl (*Apristurus manis*);

(b) an lóchrannsiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*);

(c) an lóchrannsiorc earrghearr (*Etmopterus brachyurus*);

(d) an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*);

(e) an lóchrannsiorc mín (*Etmopterus pusillus*);

(f) sciata (*Rajidae*);

(g) an fíogach slim (*Scymnodon squamulosus*);

(h) siorcanna den sár-ord *Selachimorpha*;

(i) an fíogach gobach (*Squalus acanthias*).

Roinn 8

Limistéar Choinbhinsiún WCPFC

Airteagal 42

Bearta maidir le hiascaigh tuinníní mórshúileacha, tuinníní buí, tuinníní aigéanacha agus thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin Theas

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mó ná 403 an líon laethanta iascaireachta a chionroinnfear ar shoithí iascaireachta peas-saighne a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*), tuinníní buí (*Thunnus albacares*) agus tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) sa chuid de limistéar Choinbhinsiún WCPFC i limistéir na mórmhara idir 20° T agus 20° D.

2. Ní dhíreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin Theas (*Thunnus alalunga*) i limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20° D.

3. An líon uasta soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní trópaiceacha sa chuid de limistéar Choinbhinsiún WCPFC i limistéir na mórmhara idir 20° T agus 20° D, ní rachaidh sé thar na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, Tábla 2.

([46]) Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2021 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le Limistéar an Choinbhinsiúin Idir Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 24, 26.1.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/56/oj).

Airteagal 43

Bainistíocht na hiascaireachta le FADanna

1. Sa chuid sin de limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20° D, ní dhéanfaidh soithí iascaireachta peas-saighne, soithí tairisceana, agus aon soitheach eile a oibríonn mar thacaíocht do shoithí iascaireachta peas-saighne, FADanna a imscaradh, a sheirbhísiú nó eangacha a chur orthu idir 00.00 uair an chloig an 1 Iúil 2026 agus 24.00 uair an chloig an 15 Lúnasa 2026.

2. I dteannta an toirmisc a leagtar amach i mír 1, toirmeascfar eangacha a chur ar FADanna ar mórmhuir i limistéar Choinbhinsiún WCPFC atá suite idir 20° T agus 20° D ar feadh mí bhreise amháin, ó 00.00 uair an chloig an 1 Aibreán 2026 go 24.00 uair an chloig an 30 Aibreán 2026, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Bealtaine 2026 go 24.00 uair an chloig an 31 Bealtaine 2026, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Samhain 2026 go 24.00 uair an chloig an 30 Samhain 2026, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Nollaig 2026 go 24.00 uair an chloig an 31 Nollaig 2026.

3. Cinnfidh na Ballstáit lena mbaineann go comhpháirteach cé acu de na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 2 a mbeidh feidhm aici maidir le soithí iascaireachta peas-saighne a mbeidh a mbratach ar foluain acu. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go comhpháirteach faoin 15 Feabhra 2026 maidir leis an tréimhse choiscthe a roghnaíodh. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht WCPFC maidir leis an gcomhthréimhse choiscthe a roghnaigh na Ballstáit lena mbaineann roimh an 1 Márta 2026.

4. Áiritheoidh gach Ballstát nach mó ná 350 an líon FADanna a mbeidh baoithe gléasta gníomhachtaithe acu a dhéanfaidh soithí iascaireachta peas-saighne dá chuid a imscaradh ar muir ag aon am amháin. Ní dhéanfar na baoithe a ghníomhachtú ach amháin ar bord soithigh iascaireachta peas-saighne.

Airteagal 44

An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar cholgáin

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar cholgáin (*Xiphias gladius*) i limistéir de limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20° D.

Airteagal 45

Teorainneacha gabhála le haghaidh colgáin in iascaigh spiléireachta laisteas de 20° D

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na gabhálacha colgán laisteas de 20° D ag soithí spiléireachta in 2026 thar an teorainn a leagtar amach i dTábla 2, Iarscríbhinn IG. Áiritheoidh siad freisin nach n-aistreofar an iarracht iascaireachta le haghaidh colgán chuig an limistéar atá lastuaidh de 20° D dá bharr sin.

Roinn 9

Muir Bheiring

Airteagal 46

Toirmeasc ar mhangaigh a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring

Toirmeascfar mangaigh (*Gadus chalcogrammus*) a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring.

Roinn 10

Limistéar chomhaontú SIOFA

Airteagal 47

Teorainneacha le hiascaireacht ghrinnill

Maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a iascann i limistéar Chomhaontú SIOFA, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar a n-iarracht iascaireachta grinnill bhliantúil a theorannú go dtí na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn X;

(b) nach rachaidh siad i mbun iascaireacht ghrinnill ach i gcás ina n-úsáidtear spiléir ghrinnill;

(c) nach ndéanann siad iascaireacht sna limistéir choiscthe bheantacha in Gulden Draak, Rusky, Fools-Flat, East Broken Ridge, Mid-Indian Ridge, Atlantis Bank, Bridle, Banana agus Middle of What, mar a shainítear in Iarscríbhinn IK;

(d) nach ndéanfar iascaireacht sna limistéir choiscthe bheantacha de chuid Walter's Shoal, Coral agus Magneto, mar a shainítear in Iarscríbhinn IK, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear spiléir ghrinnill agus ar an gcoinníoll breathnóir eolaíoch a bheith ar bord acu i gcónaí le linn dóibh a bheith ag iascaireacht sna limistéir sin; agus

(e) nach ndéanfar iascaireacht le spiléir ghrinnill i bhfolimistéar 5, mar a shainítear in Iarscríbhinn IK.

Airteagal 48

Bearta iascaigh déadiasc

Maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a dhéanann iascaireachta ar dhéadéisc (*Dissostichus* spp.) i limistéar Chomhaontú SIOFA, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) nach ndéanann siad iascaireacht i ndoimhneacht is éadoimhne ná 500 méadar;

(b) go bhfuil ar a laghad breathnóir eolaíoch amháin ar bord acu i gcónaí le sprioc 25 % aige de na duáin a tharlaítear in aghaidh na líne a bhreathnú le linn na hiascaireachta; agus

(c) eiseamail déadéisc a chlibeáil agus a scaoileadh ar ráta cúig iasc ar a laghad in aghaidh an tona de mheáchan glas a ghabhtar; a luaithe a bheidh 30 déadiasc nó níos mó gafa, beidh feidhm ag staidreamh forluí íosta de 60 % ar a laghad le haghaidh scaoileadh clibeála.

Airteagal 49

Toirmeasc ar iascaireacht dhírithe ar shiorcanna domhain-fharraige

Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar na siorcanna domhain-fharraige seo a leanas i limistéar Chomhaontú SIOFA:

(a) an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*), seachas i gcomhthéacs an liúntais foghabhála mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IK;

(b) an fíogach éansocach (*Deania calceus*);

(c) an siorc slogach (*Centrophorus granulosus*);

(d) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*);

(e) catsúileach Bach (*Bythaelurus bachi*);

(f) ciméara an bhéil dhorcha (*Chimaera buccanigella*);

(g) ciméara Falkor (*Chimaera didierae*);

(h) siorc taibhsiúil an mhairnéalaigh (*Chimaera willwatchi*);

(i) an fíogach slim socfhada (*Centroselachus crepidater*);

(j) an fíogach slim mórspíne (*Scymnodon squamulosus*);

(k) an fíogach slim (*Zameus squamulosus*);

(l) an lóchrannsiorc bánleicneach (*Etmopterus alphus*);

(m) catsúileach an bhoilg bhig (*Apristurus indicus*);

(n) an ciméara socfhada (*Harriotta raleighana*);

(o) catsúileach an chinn chaoil (*Bythaelurus tenuicephalus*);

(p) an siorc rufach (*Chlamydoselachus anguineus*);

(q) an siorc bó mórshúileach (*Hexanchus nakamurai*);

(r) an lóchrannsiorc mín (*Etmopterus pusillus*);

(s) suansiorc an deiscirt (*Somniosus antarcticus*);

(t) an siorc gruagaigh (*Mitsukurina owstoni*);

(u) an lóchrannsiorc súilghorm (*Etmopterus viator*);

(v) an lóchrannsiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*);

(w) an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*);

(x) an siorc slogach beag (*Centrophorus uyato*);

(y) an fíogach gobach gearrspíne (*Squalus mitsukurii*);

(z) an fíogach socfhada (*Deania quadrispinosa*);

(za) an fíogach ceannbhiorach (*Deania profundorum*);

(zb) sciata Cristina (*Bathyraja tunae*);

(zc) an ciméara srónbhosach (*Rhinochimaera africana*);

(zd) catsúileach an tsoic bhreacdhorcha (*Bythaelurus naylori*).

Roinn 11

Limistéar Choinbhinsiún NPFC

Airteagal 50

Iascach ronnach Seapánach

1. I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC, tarchuirfidh na Ballstáit bhrataí na sonraí comhiomlánaithe seo a leanas chuig an gCoimisiún faoi na dátaí seo a leanas:

(a) gabhálacha míosúla faoi na teorainneacha gabhála le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) i gcomhair Pháirtithe Conarthacha uile NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IM i gcás ina bhfuil úsáid na dteorainneacha gabhála sin faoi bhun 60 %, faoin seachtú lá den mhí dár gcionn; agus

(b) gabhálacha seachtainiúla ronnach Seapánach faoi na teorainneacha gabhála dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), i gcás ina bhfuil úsáid na dteorainneacha gabhála sin os cionn 60 % agus faoi bhun 95 %, faoi Mháirt na seachtaine dár gcionn.

Déanfaidh an Coimisiún na sonraí sin a chur i dtoll a chéile agus a tharchur go pras chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NPFC.

2. Laistigh de 2 lá ó dháta eisiúna na bhfógraí ó Rúnaíocht Feidhmiúcháin NPFC lena dtabharfar le fios gur bhain úsáid na dteorainneacha gabhála dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), 95 % amach, dúnfaidh an Coimisiún na hiascaigh faoi na teorainneacha gabhála sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún gabhálacha bliantúla ronnach Seapánach i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chur i dtoll a chéile agus a tharchur chuig Rúnaíocht Feidhmiúcháin NPFC faoi dheireadh mhí Feabhra na bliana dár gcionn.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo sa bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe maidir le gabhálacha a leagtar amach in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 51

Toirmeasc ar iascaireacht ar shiorcanna

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC, ní dhéanfaidh siad iascaireacht ar shiorcanna ná ní dhéanfaidh siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír i limistéar Choinbhinsiún NPFC.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

Airteagal 52

Toirmeasc ar iascaireacht ar éisc anadromacha

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC iascaireacht ar bhradáin keta (*Oncorhynchus keta*), bradáin coho (*Oncorhynchus kisutch*), bradáin bhándearga (*Oncorhynchus gorbuscha*), bradáin dhearga (*Oncorhynchus nerka*), ríbhradáin (*Oncorhynchus tshawytscha*), bradáin masu (*Oncorhynchus masou*) agus bric dhea-dhathacha (*Oncorhynchus mykiss*) ná ní dhéanfaidh siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

TEIDEAL III

DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍR IN UISCÍ AN AONTAIS

Airteagal 53

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua nó bratach Oileáin Fharó ar foluain acu

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua nó bratach Oileáin Fharó ar foluain acu, féadfaidh an Coimisiún iad a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403 agus gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

Airteagal 54

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe, i mBáillcheantar Gheansaí, i mBáillcheantar Gheirsí nó in Oileán Mhanann, agus atá ceadúnaithe ag lucht riaracháin iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe, i mBáillcheantar Gheansaí, i mBáillcheantar Gheirsí nó in Oileán Mhanann, agus atá ceadúnaithe ag lucht riaracháin iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe, féadfaidh an Coimisiún iad a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2017/2403 agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

Airteagal 55

Aistrithe cuótaí nó malartuithe cuótaí leis an Ríocht Aontaithe

1. Déanfar aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cuótaí a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe, déanfaidh sé achoimre ar an aistriú cuótaí nó ar an malartú cuótaí a phlé leis an Ríocht Aontaithe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach sin.

3. I gcás ina bhformhuineoidh an Coimisiún imlíne an aistrithe cuótaí nó an mhalartaithe cuótaí dá dtagraítear i mír 2 ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith, cuirfidh sé in iúl, gan moill mhíchuí, a thoiliú a bheidh le ceangal den aistriú cuótaí nó den mhalartú cuótaí sin. Cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh.

4. Maidir leis na deiseanna iascaireachta a fhaightear ón Ríocht Aontaithe nó a aistrítear chuici faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh, measfar é a bheith ina chuóta arna chur le cionroinnt chearta an Bhallstáit lena mbaineann nó arna asbhaint ón gcionroinnt sin, ón nóiméad a thugtar fógra maidir leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí i gcomhréir le mír 3. Leis na haistrithe agus na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don scála cionroinnte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

Airteagal 56

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu, beidh siad faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403 agus gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

Airteagal 57

Údaruithe iascaireachta

Is mar a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a bheidh an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta tríú tír a oibríonn in uiscí an Aontais.

Airteagal 58

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7 maidir leis na gabhálacha agus na foghabhálacha a dhéanfaidh soithí iascaireachta tríú tír faoi na húdaruithe iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 57 den Rialachán seo, *mutatis mutandis*.

Airteagal 59

Speicis atá faoi thoirmeasc

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireacht tríú tír na speicis seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír in uiscí an Aontais:

(a) an siorc tíograch gainimh (*Carcharias taurus*) in uiscí uile an Aontais;

(b) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí an Aontais i ranna 3a agus 7d ICES; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES;

(c) an sciata coiteann (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4 agus 6 go 10 ICES;

(d) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 4, 6, 7 agus 8 ICES;

(e) an gainneachán flannbhuí (*Hoplostethus atlanticus*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4 agus 6 go 10 ICES;

(f) an craosaire (*Lamna nasus*) in uiscí uile an Aontais;

(g) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;

(h) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 6 agus 10 ICES;

(i) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) in uiscí an Aontais sa Mheánmhuir;

(j) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) in uiscí uile an Aontais; nó

(k) speiceas domhain-fharraige a liostaítear i gCuid D d'Iarscríbhinn IA, in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 6 go 10 ICES agus i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF agus in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 60

Leasú ar Rialachán (AE) 2025/202

Leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 mar a leanas:

(1) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'*Airteagal 19*

Bearta ceartaitheacha maidir le trosc in Kattegat in 2025';

(2) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 19a*

Bearta ceartaitheacha don trosc in Kattegat in 2026

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht in Kattegat le tráil ghrinnill agus saighní (*) ina bhfuil mogallmhéid íosta 70 mm, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh roghnaitheacha seo a leanas:

(a) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;

(b) greille shórtála nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na leathóga ó na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;

(c) painéal Seltra a bhfuil mogallmhéid cearnógach 300 mm ann; nó

(d) trealamh ardroghnaitheacha, a mbeidh sciar gabhálacha troisc níos lú ná 1,5 % de na gabhálacha foriomlána ann mar thoradh ar a shaintréithe teicniúla, de réir staidéar eolaíoch arna mheasúnú ag CETEI, i gcás soithí iascaireachta a bhfuil an trealamh sin á iompar acu ar bord go heisiach.

2. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá rannpháirteach i dtionscadal a reáchtálann Ballstát agus a mbeidh trealamh acu a fheidhmeoidh le haghaidh iascach lándoiciméadaithe, féadfaidh siad trealamh a úsáid a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, seachas an trealamh a chomhlíonann an ceanglas malartach a leagtar síos sa dara habairt de na fonótaí i bpointe 1.1 den Chuid sin. Faoin 31 Márta cuirfidh an Ballstát lena mbaineann liosta de na soithí sin in iúl don Choimisiún.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.';

(*) Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB, SDN, SSC, SX.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 63, pointe (e):

'(e) Beidh feidhm ag Airteagal 19 ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025';

(4) in Airteagal 63, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(ea) Beidh feidhm ag Airteagal 19a ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin maidir le bearta ceartaitheacha don trosc in Kattegat, cibé acu is túisce;';

(5) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 59:

'**Tábla 59**

Speiceas:	An faoitín gorm *Micromesistius poutassou*		Limistéar:	8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (WHB/8C3411)
An Spáinn	44 604	(2)	TAC anailíseach	
An Phortaingéil	11 151	(2)	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An tAontas	55 755	(1) (2)		
TAC	1 447 054			

(1) Coinníoll speisialta: ó chuótaí an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/*NZJM1) agus i limistéir 8c, 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (WHB/*NZJM2), féadfar an chainníocht seo a leanas a iascach i Limistéar Eacnamaíoch na hIorua nó sa limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen:
Le bunú

(2) Féadfar aistrithe an chuóta seo a dhéanamh chuig uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14. Tabharfar fógra, áfach, don Choimisiún roimh ré faoi aistrithe dá leithéid.'.

Airteagal 61

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 62

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026.

Mar sin féin:

(a) Beidh feidhm ag Airteagal 13(1) ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn VII, a ghabhann leis an Rialachán sin maidir leis an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i bhfolimistéir 8, 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i limistéar CECAF 34.1.1, cibé acu is túisce;

(b) Beidh feidhm ag Airteagal 14(1) go (8) ón 1 Aibreán 2026 go dtí an 31 Márta 2027;

(c) Beidh feidhm ag Airteagal 14(9) ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Márta 2027;

(d) Beidh feidhm ag Airteagail 19 agus 20 ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;

(e) Beidh feidhm ag Airteagal 21 ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027 nó go dtí an dáta a thiocfaidh Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún i bhfeidhm lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, cibé acu is túisce;

(f) Beidh feidhm ag Airteagal 22 ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15(2), pointe (m), de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin maidir le bearta ceartaitheacha don sól coiteann in Skagerrak, Kattegat agus i Muir Bhailt Thiar, cibé acu is túisce;

(g) Beidh feidhm ag Airteagal 26 ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027;

(h) Beidh feidhm ag Airteagal 29(2) ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó ón dáta a thiocfaidh leasú ar Rialachán (AE) 2017/2107 i bhfeidhm, leasú lena dtugtar isteach toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán den mhácó biorshrónach (*Isurus oxyrinchus*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T, a ghabhtar in iascaigh i limistéar Choinbhinsiún CICTA, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, cibé acu is túisce;

(i) Beidh feidhm ag Airteagail 32 agus ag Iarscríbhinn VII ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026;

(j) Beidh feidhm ag Airteagal 37(1), pointe (a), ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 11 Eanáir 2027;

(k) Beidh feidhm ag Airteagal 40(3) ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó ón dáta a thiocfaidh leasú ar Rialachán (AE) 2021/56 chun bheith infheidhme maidir le taifeadadh, arna dhéanamh ag oibreoirí soithí iascaireachta, an lín siorcanna bána aigéanacha a scaoiltear maille le léiriú ar a stádas agus an fhaisnéis sin a thuairisciú don Bhallstát ar náisiúnaigh de iad, cibé acu dáta is túisce;

(l) Beidh feidhm ag Roinn 11 ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027 nó go dtí an dáta a thiocfaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm lena leagfar síos bearta comhfhreagracha;

(m) Beidh feidhm freisin ag Iarscríbhinní IA go IJ, agus ag Iarscríbhinn IL, in 2027 agus 2028, i gcás ina sonrófar sin sna hIarscríbhinní sin;

(n) Beidh feidhm ag Airteagal 60(5) ón 1 Eanáir 2025;

(o) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn IK ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin;

(p) Beidh feidhm ag Iarscríbhinní IM agus XI ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027;

(q) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn II ón 1 Feabhra 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027;

(r) na teorainneacha gabhála agus iarrachta arna socrú leis an Rialachán seo le haghaidh 2026 agus, i gcás ina sonraítear amhlaidh sa Rialachán seo, le haghaidh 2027 agus 2028 freisin, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu in 2026, agus i gcás inarb ábhartha in 2027 agus in 2028, go heisiach chun na gcríoch seo a leanas:

(i) malartuithe de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(ii) asbhaintí agus breisithe de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(iii) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; agus

(iv) asbhaintí agus coigeartuithe de bhun Airteagail 105, 106, 107 agus 107a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, leanfaidh Airteagail 9 go 14, 16 go 23, 29, 40, 41, 47, 49, 51, 52 agus 59 d'fheidhm a bheith acu ón lá tar éis na ndátaí deiridh cur i bhfeidhm a leagtar amach sa mhír sin go dtí teacht i bhfeidhm an Rialacháin lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027. Ní bheidh feidhm ag an mír seo i gcás ina dtiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear i mír 2 mar thoradh ar thús chur i bhfeidhm na ngníomhartha dlí dá dtagraítear inti.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU

LIOSTA NA nIARSCRÍBHINNÍ

IARSCRÍBHINN I:	Na TACanna is infheidhme maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais i limistéir inarb ann do TACanna de réir speicis agus de réir limistéir
IARSCRÍBHINN IA:	Skagerrak, Kattegat, folimistéir 1 go 10, 12 agus 14 ICES, uiscí an Aontais in CECAF, uiscí Ghuáin na Fraince
IARSCRÍBHINN IB:	An tAtlantach Thoir Thuaidh agus an Ghraonlainn, folimistéir 1, 2, 5, 12 agus 14 ICES agus uiscí na Graonlainne in NAFO 1
IARSCRÍBHINN IC:	An tAtlantach Thiar Thuaidh – Limistéar Choinbhinsiún NAFO
IARSCRÍBHINN ID:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA
IARSCRÍBHINN IE:	Limistéar Choinbhinsiún SEAFO
IARSCRÍBHINN IF:	An tuinnín gorm deisceartach – limistéir dháileacháin
IARSCRÍBHINN IG:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC
IARSCRÍBHINN IH:	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO
IARSCRÍBHINN IJ:	Limistéar Inniúlachta IOTC
IARSCRÍBHINN IK:	Limistéar Chomhaontú SIOFA
IARSCRÍBHINN IL:	Limistéar Choinbhinsiún IATTC
IARSCRÍBHINN IM:	Limistéar Choinbhinsiún NPFC
IARSCRÍBHINN II:	Iarracht iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta i gcomhthéacs bhainistiú na stoc sól i Muir nIocht Thiar i roinn 7e ICES
IARSCRÍBHINN III:	Limistéir bhainistíochta le haghaidh corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES
IARSCRÍBHINN IV:	Tréimhsí coiscthe séasúracha chun troisc sceite a chosaint
IARSCRÍBHINN V:	Údaruithe iascaireachta
IARSCRÍBHINN VI:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA
IARSCRÍBHINN VII:	Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR
IARSCRÍBHINN VIII:	Limistéar Inniúlachta IOTC
IARSCRÍBHINN IX:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC
IARSCRÍBHINN X:	Limistéar Chomhaontú SIOFA
IARSCRÍBHINN XI:	Limistéar Choinbhinsiún NPFC

IARSCRÍBHINN I

NA TACanna IS INFHEIDHME MAIDIR LE SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS I LIMISTÉIR ARB ANN DO TACanna INA LEITH DE RÉIR SPEICIS AGUS DE RÉIR LIMISTÉIR

Déantar, sna táblaí sna hIarscríbhinní, na TACanna agus na cuótaí a leagan amach (ina dtonaí beomheáchain, seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt) de réir stoic agus, i gcás inarb iomchuí, de réir na gcoinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leo.

Beidh na deiseanna iascaireachta go léir a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo faoi réir na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus go háirithe in Airteagail 33 agus 34 de.

Sna hIarscríbhinní, is tagairtí do limistéir de chuid ICES iad na tagairtí do limistéir iascaireachta, mura sonraítear a mhalairt. Laistigh de gach limistéar, tagraítear do na stoic éisc de réir ord aibítre ainmneacha eolaíocha an speicis. Is le hainmneacha eolaíocha agus leo sin amháin a shainaithnítear speicis chun críoch rialála.

Chun críocha an Rialacháin seo, cuirtear tábla comparáideach d'ainmneacha eolaíocha agus de ghnáthainmneacha na speiceas a liostaítear sna hIarscríbhinní ar fáil thíos, ar mhaithe le tagairt dóibh a éascú. Is cuid iad Iarscríbhinní IA go IM d'Iarscríbhinn I.

Tábla comparáideach d'ainmneacha eolaíocha agus de ghnáthainmneacha na speiceas a liostaítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo

Ainm eolaíoch	Cód Alfa-3	Gnáthainm
Ammodytes spp.	SAN	Corra gainimh
Aphanopus carbo	BSF	An scabaird dhubh
Argentina silus	ARU	An t-airgintín mór
Beryx spp.	ALF	Alfainsíní
Brosme brosme	USK	An torsca
Caproidae	BOR	Torcéisc
Centroscymnus coelolepis	CYO	An fíogach Portaingéalach
Chaceon spp.	GER	Portáin dhearga domhainmhara
Chionoecetes spp.	PCR	Portáin sneachta
Clupea harengus	HER	An scadán
Coryphaenoides rupestris	RNG	An gránádóir cruinnsocach
Dissostichus eleginoides	TOP	An déadiasc Patagónach
Dissostichus mawsoni	TOA	An déadiasc Antartach
Dissostichus spp.	TOT	Déadéisc
Engraulis encrasicolus	ANE	An t-ainseabhaí

Ainm eolaíoch	Cód Alfa-3	Gnáthainm
Euphausia superba	KRI	An chrill
Gadus morhua	COD	An trosc
Glyptocephalus cynoglossus	WIT	An leathóg bhán
Hippoglossoides platessoides	PLA	An daba gorm
Hoplostethus atlanticus	ORY	An gainneachán flannbhuí
Illex illecebrosus	SQI	An scuid ghearreiteach
Katsuwonus pelamis	SKJ	An tuinnín aigéanach
Lepidorhombus spp.	LEZ	An méagram scoilteán
Leucoraja fullonica	RJF	An roc úcaire
Leucoraja naevus	RJN	Roc na súl dubh
Limanda ferruginea	YEL	An leith earrbhuí
Lophiidae	ANF	Láimhínigh
Macrourus spp.	GRV	Gránádóirí
Macrourus berglax	RHG	An gránádóir ceanngharbh
Makaira nigricans	BUM	An mairlín gorm Atlantach
Mallotus villosus	CAP	An caibeallán
Melanogrammus aeglefinus	HAD	An chadóg
Merlangius merlangus	WHG	An faoitín
Merluccius merluccius	HKE	An colmóir
Micromesistius poutassou	WHB	An faoitín gorm
Microstomus kitt	LEM	An leathóg mhín
Molva dypterygia	BLI	An langa gorm

Ainm eolaíoch	Cód Alfa-3	Gnáthainm
Molva molva	LIN	An langa
Nephrops norvegicus	NEP	Gliomach na hIorua
Pagellus bogaraveo	SBR	An deargán
Pandalus borealis	PRA	An séacla Artach
Penaeus spp.	PEN	Cloicheáin 'penaeus'
Pleuronectes platessa	PLE	An leathóg
Pleuronectiformes	FLX	Leathóga
Pollachius pollachius	POL	An mangach
Pollachius virens	POK	An glasán
Pseudopentaceros spp.	EDW	Cruachinn pheiligeacha
Raja brachyura	RJH	An roc fionn
Leucoraja circularis	RJI	An roc gainmheach
Raja clavata	RJC	An roc garbh
Raja microocellata	RJE	An roc mionsúileach
Raja montagui	RJM	An roc mín
Raja undulata	RJU	An roc dústríoctha
Rajiformes	SRX	Sciataí agus roic
Reinhardtius hippoglossoides	GHL	An haileabó Graonlannach
Rostroraja alba	RJA	An sciata bán
Scomber japonicus	MAS	An ronnach seapánach
Scomber scombrus	MAC	An ronnach
Scophthalmus maximus	TUR	An turbard
Scophthalmus rhombus	BLL	An bhroit

Ainm eolaíoch	Cód Alfa-3	Gnáthainm
Sebastes spp.	RED	Péirsí mara
Sebastes mentella	REB	An phéirse dhomhainmhara
Solea solea	SOL	An sól coiteann
Solea spp.	SOO	An sól
Sprattus sprattus	SPR	An salán
Squalus acanthias	DGS	An fíogach gobach
Tetrapturus albidus	WHM	An mairlín geal
Thunnus alalunga	ALB	An tuinnín colgach
Thunnus maccoyii	SBF	An tuinnín gorm deisceartach
Thunnus obesus	BET	An tuinnín mórshúileach
Thunnus thynnus	BFT	An Tuinnín gorm
Trachurus murphyi	CJM	An bolmán
Trachurus spp.	JAX	An bolmán
Trisopterus esmarkii	NOP	An trosc Ioruach
Urophycis tenuis	HKW	An colmóir bán
Xiphias gladius	SWO	An colgán

IARSCRÍBHINN IA

SKAGERRAK, KATTEGAT, FOLIMISTÉIR 1 GO 10, 12 AGUS 14 ICES, UISCÍ AN AONTAIS IN CECAF, UISCÍ GHUÁIN NA FRAINCE

CUID A

Stoic uathrialacha an Aontais

Tábla 1

Speiceas:	An t-ainseabhaí *Engraulis encrasicolus*	Limistéar:	8 (ANE/08.)
an Spáinn	29 700	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	3 300		
an tAontas	33 000		
TAC	33 000		

Tábla 2(1)

Speiceas:	An t-ainseabhaí *Engraulis encrasicolus*	Limistéar:	9W ([1]) agus 10 (ANE/9WX10)
an Spáinn	0 ([2])	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	0 ([2])		
an tAontas	0 ([2])		
TAC	0 ([2])		

([1]) Cuid d'fholimistéar 9 laistiar den líne a nascann na pointí a leanas:

Pointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	36°00'00"T	11°00'00"I
2	37°01'20"T	8°59'47"I

([2]) Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

Tábla 2(2)

Speiceas:	An t-ainseabhaí *Engraulis encrasicolus*	Limistéar:	9S ([1]) agus uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (ANE/9SX3411)
an Spáinn	10 938	TAC réamhchúraim	
an Phortaingéil	338		
an tAontas	11 276		
TAC	11 639		

([1]) Cuid d'fholimistéar 9 laisteas den líne a nascann na pointí a leanas:

Pointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	36°00'00"T	11°00'00"I
2	37°01'20"T	8°59'47"I

Tábla 4

Speiceas:	An méagram scoilteán *Lepidorhombus* spp.	Limistéar:	8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (LEZ/8C3411)
an Spáinn	4 375	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	219	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an Phortaingéil	146		
an tAontas	4 740		
TAC	4 986		

Tábla 5

Speiceas:	Láimhínigh *Lophiidae*	Limistéar:	8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (ANF/8C3411)
an Spáinn	4 293	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	4	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an Phortaingéil	854		
an tAontas	5 151		
TAC	5 381		

Tábla 6

Speiceas:	An faoitín *Merlangius merlangus*	Limistéar:	8 (WHG/08.)
Bliain	**2026 agus 2027 araon**		
an Spáinn	396	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	594		
an tAontas	990		
TAC	990		

Tábla 7

Speiceas:	An colmóir *Merluccius merluccius*	Limistéar:	8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (HKE/8C3411)
an Spáinn	10 982	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	1 054	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an Phortaingéil	5 125		
an tAontas	17 161		
TAC	17 445		

Tábla 8

Speiceas:	Gliomach na hIorua *Nephrops norvegicus*	Limistéar:	3a (NEP/03A.)
an Danmhairg	5 653	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	16		
an tSualainn	2 023		
an tAontas	7 692		
TAC	8 410		

Tábla 9

Speiceas:	Gliomach na hIorua *Nephrops norvegicus*	Limistéar:	8a, 8b, 8d agus 8e (NEP/8ABDE.)
an Spáinn	198	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	3 098		
an tAontas	3 296		
TAC	4 014		

Tábla 10

Speiceas:	Gliomach na hIorua *Nephrops norvegicus*	Limistéar:	8c, aonad feidhmiúil 25 (NEP/8CU25)
Bliain	**2026, 2027 agus 2028**		
an Spáinn	0	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	0		

Tábla 11

Speiceas:	Gliomach na hIorua *Nephrops norvegicus*	Limistéar:	8c, aonad feidhmiúil 31 (NEP/8CU31)
Bliain	**2026 agus 2027 araon**		
an Spáinn	31	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	1		
an tAontas	32		
TAC	35		

Tábla 12

Speiceas:	Gliomach na hIorua *Nephrops norvegicus*	Limistéar:	9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (NEP/9/3411)
an Spáinn	46 (1)	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	139 (1)	Beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, mura sonraítear a mhalairt i bhfonótaí 1 agus 2.	
an tAontas	185 (1) (2)		
TAC	185 (1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, mura sonraítear a mhalairt i bhfonótaí 1 agus 2.	

(1) Ní ghabhfar é in aonaid fheidhmiúla 26 ná 27 de roinn 9a.
Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le haonaid fheidhmiúla 26 agus 27.
Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le haonaid fheidhmiúla 26 agus 27.

(2) Laistigh de theorainn an TAC seo, ní fhéadfar níos mó ná an méid seo a leanas a ghabháil maidir le haonad feidhmiúil 30 de roinn 9a (NEP/*9U30):

15

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le haonad feidhmiúil 30.
Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le haonad feidhmiúil 30.

Tábla 13

Speiceas:	Cloicheáin 'penaeus' *Penaeus* spp.	Limistéar:	uiscí Ghuáin na Fraince (PEN/FGU.)
an Fhrainc	Le bunú (1)	TAC réamhchúraim	
an tAontas	Le bunú (1) (2)	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo	
TAC	Le bunú (1) (2)		

(1) Toirmisctear iascaireacht a dhéanamh ar chloicheáin *Penaeus subtilis* agus *Penaeus brasiliensis* in uiscí atá níos lú ná 30 méadar ar doimhneacht.
(2) Socraithe ag an gcainníocht chéanna agus atá i gcuóta na Fraince.

Tábla 14

Speiceas:	An leathóg *Pleuronectes platessa*	Limistéar:	Kattegat (PLE/03AS.)
an Danmhairg	1 388	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	16	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an tSualainn	156		
an tAontas	1 560		
TAC	2 349		

Tábla 16

Speiceas:	An leathóg *Pleuronectes platessa*	Limistéar:	8, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (PLE/8/3411)
Bliain	**2026, 2027 agus 2028**		
an Spáinn	17	TAC réamhchúraim	
an Fhrainc	65		
an Phortaingéil	17		
an tAontas	99		
TAC	99		

Tábla 17

Speiceas:	An mangach *Pollachius pollachius*	Limistéar:	8a, 8b, 8d agus 8e (POL/8ABDE.)
Bliain	**2026 agus 2027 araon**		
an Spáinn	142 [1]	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	692 [1]		
an tAontas	834 [1]		
TAC	834 [1]		

[1] Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

Tábla 18

Speiceas:	An mangach *Pollachius pollachius*	Limistéar:	8c (POL/08C.)
Bliain	**2026 agus 2027 araon**		
an Spáinn	85 (1)	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	9 (1)		
an tAontas	94 (1)		
TAC	94 (1)		

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

Tábla 19

Speiceas:	An mangach *Pollachius pollachius*	Limistéar:	9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (POL/9/3411)
Bliain	**2026 agus 2027 araon**		
an Spáinn	111 (1) (2)	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	4 (1) (2) (3)		
an tAontas	115 (1) (2)		
TAC	115 (1) (2)		

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.
(2) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 100 % de a iascach in 8c (POL/*08C.).
(3) Sa bhreis ar an TAC seo, féadfaidh an Phortaingéil cainníochtaí mangach nach rachaidh thar an méid seo a leanas a iascach (POL/93411P). Go heisiach le haghaidh foghabhálacha agus ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

38

Tábla 20

Speiceas:	An sól coiteann *Solea solea*	Limistéar:	3a; uiscí an Aontais i bhforanna 22-24 (SOL/3ABC24)
an Danmhairg	96 (1)	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	6 (1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Ísiltír	9 (1) (2)		
an tSualainn	4 (1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an tAontas	115 (1)		
TAC	115 (1)		

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.
(2) Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach in uiscí an Aontais in 3a agus i bhforanna 22-24.

Tábla 22

Speiceas:	An sól coiteann *Solea solea*	Limistéar:	8a agus 8b (SOL/8AB.)
an Bheilg	30	TAC Anailíseach	
an Spáinn	5		
an Fhrainc	2 195		
an Ísiltír	164		
an tAontas	2 394		
TAC	2 482		

Tábla 23

Speiceas:	An sól *Solea* spp.	Limistéar:	8c, 8d, 8e, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (SOO/8CDE34)
Bliain	**2026 agus 2027 araon**		
an Spáinn	185	TAC réamhchúraim	
an Phortaingéil	307		
an tAontas	492 [1]		
TAC	492 [1]		

[1] Laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas sól coiteann (*Solea solea*) a ghabháil (SOL/8CDE34): 190

Tábla 24

Speiceas:	An bolmán *Trachurus* spp.	Limistéar:	9 (JAX/09.)
an Spáinn	13 988 [1]	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	40 079 [1]	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an tAontas	54 067		
TAC	56 520		

[1] Coinníoll speisialta: féadfar suas le 0 % den chuóta seo a iascach in 8c (JAX/*08C.).

Tábla 25

Speiceas:	An bolmán *Trachurus* spp.	Limistéar:	10; uiscí an Aontais in CECAF (1) (JAX/X34PRT)
an Phortaingéil	Le bunú	TAC réamhchúraim	
an tAontas	Le bunú (2)	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo	
TAC	Le bunú (2)		

(1) uiscí atá cóngarach do na hAsóir.
(2) Arna socrú ag an gcainníocht chéanna agus atá i gcuóta na Portaingéile.

Tábla 26

Speiceas:	An bolmán *Trachurus* spp.	Limistéar:	uiscí an Aontais in CECAF (1) (JAX/341PRT)
an Phortaingéil	Le bunú	TAC réamhchúraim	
an tAontas	Le bunú (2)	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo	
TAC	Le bunú (2)		

(1) uiscí atá cóngarach do Mhaidéara.
(2) Arna socrú ag an gcainníocht chéanna agus atá i gcuóta na Portaingéile.

Tábla 27

Speiceas:	An bolmán *Trachurus* spp.	Limistéar:	uiscí an Aontais in CECAF (1) (JAX/341SPN)
an Spáinn	Le bunú	TAC réamhchúraim	
an tAontas	Le bunú (2)	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo	
TAC	Le bunú (2)		

(1) uiscí atá cóngarach do na hOileáin Chanáracha.
(2) Arna socrú ag an gcainníocht chéanna agus atá i gcuóta na Spáinne.

CUID B

Stoic chomhroinnte

Tábla 1

Speiceas:	An chorr ghainimh agus foghabhálacha gaolmhara *Ammodytes* spp.	Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a SAN/2A3A4. [1]
an Danmhairg	Le bunú [1] [2]	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	Le bunú [1] [2]	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, mura sonraítear a mhalairt i bhfonóta 3.	
an tSualainn	Le bunú [1] [2]		
an tAontas	Le bunú [1] [2]	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, mura sonraítear a mhalairt i bhfonóta 3.	
an Ríocht Aontaithe	Le bunú		
TAC	Le bunú		

([1]) Déanfar gabhálacha sna limistéir bhainistíochta éagsúla le haghaidh corra gainimh a leagtar amach thíos a thuairisciú ar leithligh.
([2]) Féadfaidh foghabhálacha faoitíní (OT1/*2A3A4X) a bheith i suas le 2 % den chuóta. Foghabhálacha faoitíní arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí sin, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil sna limistéir bainistíochta seo a leanas le haghaidh corr ghainimh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III:
Limistéar: uiscí an Aontais ina bhfuil limistéir bainistithe corr gainimh

	1r	2r	3r	4	5r	6	7r
	(SAN/234_1R) ([3])	(SAN/234_2R) ([3])	(SAN/234_3R)	(SAN/234_4)	(SAN/234_5R)	(SAN/234_6) ([3])	(SAN/234_7R)
an Danmhairg	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú
an Ghearmáin	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú
an tSualainn	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú
an tAontas	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú
an Ríocht Aontaithe	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú
Iomlán	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú	Le bunú

([3]) Beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96

Tábla 2

Speiceas:	An t-airgintín mór *Argentina silus*		Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1 agus 2 (ARU/1/2.)
an Ghearmáin		26	TAC Anailíseach	
an Fhrainc		8		
an Ísiltír		20		
an tAontas		54		
an Ríocht Aontaithe		41		
TAC		95		

Tábla 3

Speiceas:	An t-airgintín mór *Argentina silus*		Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí an Aontais in 3a (ARU/3A4-C)
an Danmhairg		1 163	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin		12		
an Fhrainc		8		
Éire		8		
an Ísiltír		54		
an tSualainn		45		
an tAontas		1 290		
an Ríocht Aontaithe		21		
TAC		1 311		

Tábla 4

Speiceas:	An t-airgintín mór *Argentina silus*		Limistéar:	6 agus 7; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i limistéar 5 (ARU/567.)
an Ghearmáin		666	TAC Anailíseach	
an Fhrainc		14		
Éire		617		
an Ísiltír		6 953		
an tAontas		8 250		
an Ríocht Aontaithe		488		
TAC		8 738		

Tábla 5

Speiceas:	An torsca *Brosme brosme*		Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2 agus 14 (USK/1214EI)
an Ghearmáin	5	(1)	TAC réamhchúraim	
an Fhrainc	5	(1)		
Eile	2	(1) (2)		
an tAontas	12	(1)		
an Ríocht Aontaithe	5	(1)		
TAC	17	(1)		

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.
(2) Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/1214EI_AMS).

Tábla 6

Speiceas:	An torsca *Brosme brosme*		Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4 (USK/04-C.)
an Danmhairg	42	(1)	TAC réamhchúraim	
an Ghearmáin	13	(1)		
an Fhrainc	29	(1)		
an tSualainn	4	(1)		
Eile	4	(2)		
an tAontas	92	(1)		
an Ríocht Aontaithe	63	(1)		
TAC	155			

(1) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 25 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58°30'T (POK/*6AN58).
(2) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/04-C_AMS).

Tábla 7

Speiceas:	An torsca *Brosme brosme*		Limistéar:	6 agus 7; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i limistéar 5 (USK/567EI.)
an Ghearmáin	74	(1)	TAC réamhchúraim	
an Spáinn	260	(1)		
an Fhrainc	3 078	(1)		
Éire	297	(1)		
Eile	74	(2)		
an tAontas	3 783	(1)		
an Iorua	0	(3) (4) (5)		
an Ríocht Aontaithe	1 622	(1)		
TAC	5 405			

(1) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4 (USK/*04-C.).

(2) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/567EI_AMS).

(3) Coinníoll speisialta: lena n-údaraítear gabháil de thaisme 25 % in aghaidh an tsoithigh de speicis eile, tráth ar bith, in 6 agus 7, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5. Mar sin féin, féadfar dul thar an gcéatadán sin sna chéad 24 uair an chloig tar éis thús na hiascaireachta ar mheá ar leith. Ní rachaidh méid iomlán na speiceas eile a ghabhtar de thaisme i limistéir 6 agus 7 agus in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i limistéar 5 thar an méid thíos (OTH/*5B67-). Ní fhéadfaidh foghabháil trosc faoin bhforáil seo dul thar 5 % in 6a.

0

(4) Lena n-áirítear langaí. Ní dhéanfar na cuótaí seo a leanas le haghaidh na hIorua a iascach ach le spiléir in 6 agus 7 agus in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5:

An langa (LIN/*5B67-)	0
An torsca (USK/*5B67-)	0

(5) Tá na cuótaí le haghaidh torscaí agus langaí le haghaidh na hIorua idirmhalartaithe suas leis an méid seo a leanas:

0

Tábla 8

Speiceas:	An torsca *Brosme brosme*	Limistéar:	uiscí na hIorua in 4 (USK/04-N.)
an Bheilg	0	TAC réamhchúraim	
an Danmhairg	25	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ghearmáin	0		
an Fhrainc	0		
an Ísiltír	0		
an tAontas	25		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Tábla 9

Speiceas:	Torcéisc *Caproidae*	Limistéar:	6, 7 agus 8 (BOR/678-)
an Danmhairg	7 293	TAC Anailíseach	
Éire	20 537		
an tAontas	27 830		
an Ríocht Aontaithe	1 890		
TAC	29 720		

Tábla 10

Speiceas:	An scadán (1) *Clupea harengus*		Limistéar:	3a (HER/03A.)
an Danmhairg	7 344	(1) (2) (3)	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	117	(1) (2) (3)		
an tSualainn	7 682	(1) (2) (3)		
an tAontas	15 143	(1) (2) (3)		
an Iorua	Ní bhaineann le hábhar	(2)		
TAC	328 566			

(1) Gabhálacha scadán a ghabhtar in iascaigh a úsáideann líonta ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.

(2) Ní fhéadfar ach na méideanna seo a leanas amháin de na stoic scadán HER/03A. (HER/*03A.) agus HER/03A-BC (HER/*03A-BC) a iascach in 3a:

an Danmhairg	554
an Ghearmáin	8
an tSualainn	407
an tAontas	969
an Iorua	250

(3) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den mhéid sin a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe in 4 (HER/*4-UK), agus féadfar suas le 50 % a iascach in uiscí an Aontais in 4b (HER/*4B-EU).

Tábla 11

Speiceas:	An scadán [1]	Limistéar:	uiscí an Aontais, uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53°30′T
	Clupea harengus		(HER/4AB.)
an Danmhairg	38 730	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	25 421	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an Fhrainc	15 874		
an Ísiltír	37 108		
an tSualainn	2 731		
an tAontas	119 864		
an Iorua	91 013 [2]		
an Ríocht Aontaithe	59 156		
TAC	328 566		

[1] Gabhálacha scadán a ghabhtar in iascaigh a úsáideann líonta ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.
[2] Gabhálacha a ghabhfar laistigh den chuóta sin, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC. Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a leanas a ghabháil in uiscí an Aontais in 4b (HER/*04B-C):

2 700

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a thugtar thíos a thógáil sa limistéar seo a leanas: uiscí na hIorua laisteas de 62°T (HER/*4N-S62)

an tAontas	2 700

Tábla 12

Speiceas:	An scadán	Limistéar:	uiscí na hIorua laisteas de 62°T
	Clupea harengus		(HER/4N-S62)
an tSualainn	846 [1]	TAC Anailíseach	
an tAontas	846	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

[1] Ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas sin.

Tábla 13

Speiceas:	An scadán *Clupea harengus*		Limistéar:	3a (HER/03A-BC)
an Danmhairg	3 818	(1) (2) (3)	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	34	(1) (2) (3)	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an tSualainn	615	(1) (2) (3)		
an tAontas	4 467	(1) (2) (3)		
TAC	328 566	(2)		

(1) Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a ghabhtar mar fhoghabháil in iascaigh a úsáideann líonta inar lú ná 32 mm a mogallmhéid.

(2) Ní fhéadfar ach na méideanna seo a leanas amháin de na stoic scadán HER/03A. (HER/*03A) agus HER/03A-BC (HER/*03A-BC) a iascach in 3a:

an Danmhairg	554
an Ghearmáin	8
an tSualainn	407
an tAontas	969

(3) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 100 % den mhéid seo a iascach in uiscí an Aontais in 4 (HER/*4-EU-BC).

Tábla 14

Speiceas:	An scadán (1) *Clupea harengus*	Limistéar:	4 agus 7d; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (HER/2A47DX)
an Bheilg	34	TAC Anailíseach	
an Danmhairg	6 597	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an Ghearmáin	34		
an Fhrainc	34		
an Ísiltír	34		
an tSualainn	32		
an tAontas	6 765		
an Ríocht Aontaithe	101		
TAC	328 566		

(1) Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a ghabhtar mar fhoghabháil in iascaigh a úsáideann líonta inar lú ná 32 mm a mogallmhéid.

Tábla 15

Speiceas:	An scadán [1] *Clupea harengus*	Limistéar:	4c agus 7d [2] (HER/4CXB7D)
an Bheilg	7 500 [3]	TAC Anailíseach	
an Danmhairg	507 [3]	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an Ghearmáin	333 [3]		
an Fhrainc	7 569 [3]		
an Ísiltír	12 552 [3]		
an tAontas	28 461 [3]		
an Ríocht Aontaithe	4 156 [3]		
TAC	328 566		

(1) Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a ghabhtar in iascaigh a úsáideann líonta ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.
(2) Cé is moite de stoc Blackwater, i.e. an stoc scadán i réigiún muirí inbhear na Tamaise laistigh de limistéar atá teorannaithe le rumlíne a théann ó dheas díreach ó Landguard Point (51°56'T, 1°19.1'O) go domhanleithead 51°33'T agus as sin siar díreach go pointe ar chósta na Ríochta Aontaithe.
(3) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den chuóta seo a thógáil in 4b (HER/*04B.).

Tábla 16

Speiceas:	An scadán *Clupea harengus*	Limistéar:	6b agus 6aN; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b [1] (HER/5B6ANB)
an Ghearmáin	142 [2]	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	27 [2]		
Éire	192 [2]		
an Ísiltír	142 [2]		
an tAontas	503 [2]		
an Ríocht Aontaithe	998 [2]		
TAC	1 501		

(1) Táthar ag tagairt don stoc scadán sa chuid sin de roinn 6a atá lastoir de 7°I agus lastuaidh de 55°T, nó laistiar de 7°I agus lastuaidh de 56°T, cé is moite de Chaolas Chluaidh.
(2) Toirmiscfear díriú ar aon scadán sa chuid sin de na ranna a bheidh faoi réir an TAC sin atá idir 56°T agus 57°30'T, cé is moite de limistéar 6 mhuirmhíle arna thomhas ó bhonnlíne fharraige chríochach na Ríochta Aontaithe.

Tábla 17

Speiceas:	An scadán *Clupea harengus*	Limistéar:	6aS ([1]), 7b, 7c (HER/6AS7BC)
Éire	2 972	TAC réamhchúraim	
an Ísiltír	297	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an tAontas	3 269		
TAC	3 269		

([1]) Táthar ag tagairt don stoc scadán in 6a laisteas de 56°00′T agus laistiar de 07°00′I.

Tábla 18

Speiceas:	An scadán *Clupea harengus*	Limistéar:	7a ([1]) (HER/07A/MM)
Éire	41	TAC Anailíseach	
an tAontas	41		
an Ríocht Aontaithe	4 137		
TAC	4 178		

([1]) Laghdaítear an limistéar sin tríd an limistéar lena bhfuil na teorainneacha seo a leanas a bhaint:
— ó thuaidh le domhanleithead 52°30′T,
— ó dheas, le domhanleithead 52°00′T,
— cósta na hÉireann ar an taobh thiar,
— cósta na Ríochta Aontaithe ar an taobh thoir.

Tábla 19

Speiceas:	An scadán *Clupea harengus*	Limistéar:	7e agus 7f (HER/7EF.)
an Fhrainc	77	TAC réamhchúraim	
an tAontas	77		
an Ríocht Aontaithe	77		
TAC	154		

Tábla 20

Speiceas:	An scadán *Clupea harengus*		Limistéar:	7a laisteas de 52°30′T; 7g ([1]), 7h ([1]), 7j ([1]) agus 7k ([1]) (HER/7G-K.)
an Ghearmáin	10	([2])	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	54	([2])		
Éire	750	([2])		
an Ísiltír	54	([2])		
an tAontas	868	([2])		
an Ríocht Aontaithe	1	([3])		
TAC	869			

([1]) Méadaítear an limistéar seo tríd an limistéar lena bhfuil na teorainneacha seo a leanas a chur leis:
— ó thuaidh le domhanleithead 52°30′T,
— ó dheas, le domhanleithead 52°00′T,
— cósta na hÉireann ar an taobh thiar,
— cósta na Ríochta Aontaithe ar an taobh thoir.

([2]) Ní fhéadfar an cuóta sin a chionroinnt ach ar shoithí a bheidh rannpháirteach san iascach faire chun bailiú sonraí iascachbhunaithe a cheadú arna mheasúnú ag ICES. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann ainmneacha na soithí in iúl don Choimisiún sula gceadófar aon ghabháil.

([3]) Ní fhéadfar an cuóta sin a chionroinnt ach ar shoithí a bheidh rannpháirteach san iascach faire chun bailiú sonraí iascachbhunaithe a cheadú arna mheasúnú ag ICES.

Tábla 21

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*	Limistéar:	Skagerrak (COD/03AN.)
an Bheilg	4	TAC Anailíseach	
an Danmhairg	1 277	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Ghearmáin	32	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ísiltír	8		
an tSualainn	223		
an tAontas	1 544		
TAC	1 596		

Tábla 22

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; an chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat (COD/2A3AX4)
an Bheilg	267	(1)	TAC Anailíseach	
an Danmhairg	1 536		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Ghearmáin	973	(1)		
an Fhrainc	330	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ísiltír	868			
an tSualainn	10			
an tAontas	3 984	(4)		
an Iorua	1 898	(2)		
an Ríocht Aontaithe	5 282	(1) (3)		
TAC	11 164			

(1) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58°30 ”T (COD/*6AN58).

(2) Nach bhféadfar níos mó ná an chainníocht seo a leanas de a ghabháil in uiscí an Aontais (COD/*3AX4-EU). Gabhálacha a ghabhfar laistigh den chuóta sin, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC:

1 579

(3) A bhféadfar suas leis na cainníochtaí trosc seo a leanas a iascach (COD/*4BC) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4b agus 4c:

250

(4) A bhféadfar suas leis na cainníochtaí trosc seo a leanas a iascach (COD/*4BC) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4b agus 4c:

an Bheilg	101
an Danmhairg	577
an Ghearmáin	367
an Fhrainc	124
an Ísiltír	327
an tSualainn	4
an tAontas	1 500

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a thugtar thíos a thógáil sa limistéar seo a leanas: uiscí na hIorua in 4 (COD/*04N-)

an tAontas	2 883

Tábla 23

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	uiscí na hIorua laisteas de 62°T (COD/4N-S62)
an tSualainn	382	(1)	TAC Anailíseach	
an tAontas	382		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
TAC	Ní bhaineann le hábhar			
			Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní mór foghabhálacha cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas seo.

Tábla 24

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	6b; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b laistiar de 12°00'I agus in 12 agus 14 (COD/5W6-14)
an Bheilg	0	(1)	TAC réamhchúraim	
an Ghearmáin	2	(1)		
an Fhrainc	11	(1)		
Éire	5	(1)		
an tAontas	18	(1)		
an Ríocht Aontaithe	56	(1)		
TAC	74	(1)		

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

Tábla 25

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*	Limistéar:	6a; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b lastoir de 12°00'I (COD/5BE6A)
an Bheilg	1	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	7	Tá feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán seo	
an Fhrainc	78	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
Éire	31		
an tAontas	117	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ríocht Aontaithe	508		
TAC	625		

Tábla 26

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	7a (COD/07A.)
an Bheilg	4	(1)	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	12	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
Éire	74	(1)		
an Ísiltír	1	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an tAontas	91	(1)		
an Ríocht Aontaithe	74	(1)		
TAC	165	(1)		

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

Tábla 27

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	7b, 7c, 7e-k, 8, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (COD/7XAD34)
an Bheilg	8	(1)	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	136	(1)	Tá feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán seo	
Éire	27	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Ísiltír	0	(1)		
an tAontas	171	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ríocht Aontaithe	20	(1)		
TAC	191	(1)		

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

Tábla 28

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	7d (COD/07D.)
an Bheilg	28	(1) (2)	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	546	(1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Ísiltír	16	(1) (2)		
an tAontas	590	(1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ríocht Aontaithe	60	(1) (3)		
TAC	650			

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe ar throisc faoin gcuóta seo.
(2) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in 4, sa chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (COD/*2A3X4).
(3) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4, sa chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (COD/*2A3X4X).

Tábla 29

Speiceas:	An leathóg bhán *Glyptocephalus cynoglossus*		Limistéar:	uiscí an Aontais in 3a (WIT/03A-C.)
an Danmhairg	802	(1)	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	1	(1)		
an Ísiltír	1	(1)		

([1]) Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Tábla 5

Speiceas:	An leathóg bhán *Glyptocephalus cynoglossus*	Limistéar:	NAFO 3NO (WIT/N3NO.)
an Eastóin	64,7	TAC Anailíseach	
an Laitvia	64,6	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Liotuáin	64,6		
an tAontas	193,9	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	1 461		

Tábla 6

Speiceas:	An daba gorm *Hippoglossoides platessoides*	Limistéar:	NAFO 3M (PLA/N3M.)
an tAontas	0 (1)	TAC Anailíseach	
TAC	0 (1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Tábla 7

Speiceas:	An daba gorm *Hippoglossoides platessoides*	Limistéar:	NAFO 3LNO (PLA/N3LNO.)
an tAontas	0 (1)	TAC Anailíseach	
TAC	0 (1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Tábla 8

Speiceas:	An scuid ghearreiteach *Illex illecebrosus*	Limistéar:	Folimistéir 3 agus 4 NAFO (SQI/N34.)
an Eastóin	128 (1) (2)	TAC Anailíseach	
an Laitvia	128 (1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Liotuáin	128 (1) (2)		
an Pholainn	227 (1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
Eile	29 467 (1) (2) (3)		
an tAontas	30 078 (1) (4)		
TAC	34 000		

(1) Ní fhéadfaidh aon soitheach iascaireachta a dhéanamh ar scuideanna idir 00:00 AUL an 1 Eanáir agus 24:00 AUL an 30 Meitheamh.
(2) Idir an 1 Iúil agus an 31 Nollaig, le linn uastréimhse díolúine dar fad 2 sheachtain, ní mheasfar gur iascach spriocdhírithe atá in iascach ina ndéantar suas le trí dhol san iomlán ina bhfuil aon speiceas eile a mbunaítear deiseanna iascaireachta ina leith leis an Rialachán seo i limistéar Choinbhinsiún NAFO, agus cé is moite de scuideanna, ar an gcéatadán is mó de réir meáchain sa ghabháil iomlán sa dol, ar choinníoll go bhfuil breathnóir rialaithe ar bord an tsoithigh iascaireachta, go n-úsáideann sí mogallmhéid nach lú ná 60 mm agus go gcomhlíonann sí ceanglais NAFO maidir le fógra a thabhairt agus tuairisciú chun úsáid a bhaint as an tréimhse dhíolúine 2 sheachtain sin. Tar éis gach dol den chineál sin, bogfaidh agus fanfaidh an soitheach iascaireachta 10 míle farraige ar a laghad ó aon suíomh ina raibh sí agus an dol deiridh á tharraingt aici.
(3) Tá an chainníocht seo ar fáil do Cheanada agus do na Ballstáit cé is moite den Eastóin, den Laitvia, den Liotuáin agus den Pholainn. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SQI/N34_AMS).
(4) Comhfhreagraíonn sé do shuim chuótaí na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine agus na Polainne agus sciar neamhshonraithe an Aontais atá ar fáil do Cheanada agus do na Ballstáit cé is moite den Eastóin, den Laitvia, den Liotuáin agus den Pholainn.

Tábla 9

Speiceas:	An leith earrbhuí *Limanda ferruginea*		Limistéar:	NAFO 3LNO (YEL/N3LNO.)
an tAontas		0 (1)	TAC Anailíseach	
Eile		121,4 (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
TAC		24 290	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 2 500 kg nó 10 % ar a mhéad, cibé acu is mó. Más rud é, áfach, go ndéantar iascach spriocdhírithe tar éis cuótaí a aistriú nó a mhalartú nó tar éis cairtfhostaithe, tuairisceofar gabhálacha ar leithligh (YEL/N3LNO-DIR) agus beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
(a) ceadófar foghabháil 15 % dabaí gorma. Mar sin féin, má tá breathnóir á iompar ag soitheach iascaireachta:
(i) 2 900 kg de dhabaí gorma nó 15 % a bheidh san uasmhéid sin, cibé acu is mó; agus
(ii) féadfaidh soitheach dul thar an uasmhéid dá dtagraítear i bpointe (i) i gcás foghabhálacha dabaí gorma a choinnítear ar bord le linn na chéad 9 lá iascaireachta i limistéar rialála NAFO, ar choinníoll, faoi dheireadh na tréimhse sin nó faoin am a fhágfaidh an soitheach limistéar rialála NAFO, gurb é 15 % nó níos lú méid na foghabhála dabaí gorma;
(b) an chéad dá uair inarb é atá sa chéatadán is mó de réir meáchain den ghabháil iomlán i ndol gabhálacha dabaí gorma, measfar gur gabhálacha teagmhasacha iad na gabhálacha sin, ach bogfaidh an soitheach láithreach bonn agus ar feadh ré an dola ina dhiaidh sin fanfaidh sí 10 míle farraige ar a laghad ó aon suíomh ina raibh sí le linn an dola deiridh.

(2) Tá an chainníocht sin ar fáil do Pháirtithe Conarthacha NAFO nár sannadh cuóta dóibh le haghaidh an stoic sin, lena n-áirítear an tAontas, agus i gcomhréir le bearta infheidhme NAFO. Má shanntar cuóta 'Eile' don Aontas, tuairisceofar gabhálacha faoin gcuóta comhroinnte seo ar leithligh (YEL/N3LNO-OTH). 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó, a bheidh sna teorainneacha foghabhála a luaithe a ídeofar an cuóta 'Eile'.

Tábla 10

Speiceas:	An caibeallán *Mallotus villosus*		Limistéar:	NAFO 3NO (CAP/N3NO.)
an tAontas		0 (1)	TAC Anailíseach	
TAC		0 (1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
			Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Tábla 11

Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*	Limistéar:	NAFO 3LNO ([1]) ([2]) (PRA/N3LNOX)
an Eastóin	0 ([3])	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Laitvia	0 ([3])		
an Liotuáin	0 ([3])		
an Pholainn	0 ([3])		
an Spáinn	0 ([3])		
an Phortaingéil	0 ([3])		
an tAontas	0 ([3])		
TAC	0 ([3])		

([1]) Gan an bosca a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas a áireamh:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	47°20'00"T	46°40'00"I
2	47°20'00"T	46°30'00"I
3	46°00'00"T	46°30'00"I
4	46°00'00"T	46°40'00"I

([2]) Toirmeasctar iascaireacht a dhéanamh ag doimhneacht is lú ná 200 méadar sa limistéar laistiar de líne a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	46°00'00"T	47°49'00"W
2	46°25'00"T	47°27'00"I
3	46°42'00"T	47°25'00"W
4	46°48'00"T	47°25'50"I
5	47°16'50"T	47°43'50"W

([3]) Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Tábla 12

Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*	Limistéar:	NAFO 3M ([1]) (PRA/*N3M.)
TAC	Ní bhaineann le hábhar ([2])	TAC Anailíseach	

([1]) Féadfaidh soithí an stoc sin i roinn 3L a iascach sa bhosca a theorannaíonn na comhordanáidí seo a leanas:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	47°20'00"T	46°40'00"I
2	47°20'00"T	46°30'00"I
3	46°00'00"T	46°30'00"I
4	46°00'00"T	46°40'00"I

Thairis sin, toirmeasctar iascaireacht a dhéanamh ar shéaclaí ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig sa limistéar a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	47°55'00"T	45°00'00"I
2	47°30'00"T	44°15'00"I
3	46°55'00"T	44°15'00"I
4	46°35'00"T	44°30'00"I
5	46°35'00"T	45°40'00"I
6	47°30'00"T	45°40'00"I
7	47°55'00"T	45°00'00"I

([2]) Ní bhaineann le hábhar. Iascach a bhainistítear trí bhíthin teorainneacha leis an iarracht iascaireachta (EFF/*N3M.). Eiseoidh na Ballstáit lena mbaineann údaruithe iascaireachta le haghaidh a soithí iascaireachta a bhíonn i mbun an iascaigh seo agus tabharfaidh siad fógra faoi na húdaruithe sin don Choimisiún sula gcuirfear tús le gníomhaíocht an tsoithigh, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Ballstát	An líon uasta laethanta iascaireachta
an Danmhairg	0
an Eastóin	0
an Spáinn	0
an Laitvia	0
an Liotuáin	0
an Pholainn	0
an Phortaingéil	0

Tábla 13

Speiceas:	An haileabó Graonlannach *Reinhardtius hippoglossoides*	Limistéar:	NAFO 3LMNO (GHL/N3LMNO)
an Eastóin	295,6	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ghearmáin	302,0		
an Laitvia	41,6		
an Liotuáin	21,1		
an Spáinn	4 046,7		
an Phortaingéil	1 691,9		
an tAontas	6 398,9		
TAC	10 914		

Tábla 14

Speiceas:	Sciataí *Rajidae*	Limistéar:	NAFO 3LNO (SKA/N3LNO.)
an Eastóin	283	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Liotuáin	62		
an Spáinn	3 403		
an Phortaingéil	660		
an tAontas	4 408		
TAC	7 000		

Tábla 15

Speiceas:	Péirsí mara *Sebastes* spp.	Limistéar:	NAFO 3LN (RED/N3LN.)
an Eastóin	296,6	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ghearmáin	204,0		
an Laitvia	296,6		
an Liotuáin	296,6		
an tAontas	1 093,8		
TAC	6 000		

Tábla 16

Speiceas:	Péirsí mara *Sebastes* spp.		Limistéar:	NAFO 3M (RED/N3M.)
an Eastóin	1 571	(1)	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	513	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Laitvia	1 571	(1)		
an Liotuáin	1 571	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Spáinn	233	(1)		
an Phortaingéil	2 354	(1)		
an tAontas	7 813	(1)		
TAC	15 636	(1)		

(1) Tá an cuóta seo faoi réir chomhlíonadh an TAC a bhunaítear le haghaidh an stoic sin i gcomhair gach Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO. Laistigh den TAC seo, ní fhéadfar níos mó ná an teorainn leath-théarma seo a leanas a iascach roimh an 1 Iúil:
7 818

Tábla 17

Speiceas:	Péirsí mara *Sebastes* spp.	Limistéar:	NAFO 3O (RED/N3O.)
an Spáinn	708	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	2 092	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	2 800		
TAC	8 000	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

Tábla 18

Speiceas:	Péirsí mara *Sebastes* spp.		Limistéar:	Folimistéar 2 NAFO, ranna 1F agus 3K (RED/N1F3K.)
an Laitvia	0	(1)	TAC Anailíseach	
an Liotuáin	0	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	0	(1)		
TAC	0	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Tábla 19

Speiceas:	An colmóir bán *Urophycis tenuis*	Limistéar:	NAFO 3NO (HKW/N3NO.)
an Spáinn	255	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	333	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	588 ([1])	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	1 000		

([1]) I gcás ina ndeimhneoidh vóta dearfach ó Pháirtithe Conarthacha NAFO gur 2 000 tona atá sa TAC, i gcomhréir le rialacha NAFO, is iad na cuótaí seo a leanas cuótaí comhfhreagracha an Aontais agus na mBallstát:

an Spáinn	255
an Phortaingéil	333
an tAontas	588

IARSCRÍBHINN ID

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN CICTA

Tábla 1

Speiceas:	Colgán na ndealg *Istiophorus albicans*		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastoir de 45°I (SAI/ICAE45W)
TAC		1 271,00	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

Tábla 2

Speiceas:	Colgán na ndealg *Istiophorus albicans*		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, laistiar de 45°I (SAI/ICAW45W)
TAC		1 030,00	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

Tábla 3

Speiceas:	An mairlín gorm Atlantach *Makaira nigricans*		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA (BUM/CICTA)
an Spáinn		22,77	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Fhrainc		332,82		
an Phortaingéil		46,21		
an tAontas		401,80		
TAC		1 670,00		

Tábla 4

Speiceas:	An siorc gorm *Prionace glauca*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastuaidh de 5°T (BSH/ICAN05N)
Éire	0,72	TAC Anailíseach	
an Spáinn	20 309,50	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Fhrainc	113,96		
an Phortaingéil	4 024,82	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an tAontas	24 449,00		
TAC	30 000,00		

Tábla 5

Speiceas:	An siorc gorm *Prionace glauca*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA laisteas de 5°T (BSH/ICAS05N)
an Spáinn	12 498,27	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	4 906,73	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	17 405,00		
TAC	27 711,00	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

Tábla 6

Speiceas:	An mairlín geal *Tetrapturus albidus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA (WHM/CICTA)
an Spáinn	30,50	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	19,50	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	50,00		
TAC	355,00	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

Tábla 7

Speiceas:	Tuinnín colgach an Tuaiscirt *Thunnus alalunga*		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastuaidh de 5°T, cé is moite den Mheánmhuir (ALB/ICAN05NXM)
Éire	3 967,52		TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Spáinn	22 362,40			
an Fhrainc	7 033,33			
an Phortaingéil	2 452,65			
an tAontas	35 815,90	[1] [2]		
an Ríocht Aontaithe	552,80	[3]		
TAC	47 251,00			

[1] Is é seo a leanas an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní colgacha an Tuaiscirt mar spriocspeiceas: 1 241.

[2] Coinníoll speisialta: Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas a ghabháil in uiscí na Ríochta Aontaithe (ALB/*ICAN05NXM-UK):

Éire	62,03
an Spáinn	349,65
an Fhrainc	109,97
an Phortaingéil	38,35
an tAontas	560,00

[3] Coinníoll speisialta: Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a leanas a ghabháil in uiscí an Aontais in 4b (ALB/*ICAN05NXM-EU):

560,00

Tábla 8

Speiceas:	Tuinnín colgach an Deiscirt *Thunnus alalunga*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA laisteas de 5°T (ALB/ICAS05N)
an Spáinn	870,12	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Fhrainc	285,95		
an Phortaingéil	608,93		
an tAontas	1 765,00		
TAC	28 000,00		

Tábla 9

Speiceas:	Tuinnín colgach na Meánmhara *Thunnus alalunga*	Limistéar:	An Mheánmhuir (ALB/MED)
an Ghréig	385,30	TAC Anailíseach	
an Spáinn	99,46	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Fhrainc	14,45		
an Chróit	6,74	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Iodáil	1 128,24		
an Chipir	416,06		
Málta	39,68		
an tAontas	2 089,93		
TAC	2 500,00 [1] [2] [3]		

[1] Chun colgáin óga a chosaint, beidh feidhm ag tréimhse choiscthe freisin maidir le soithí spléir a bhíonn ag díriú ar thuinníní colgacha na Meánmhara ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain. Ina theannta sin, ní dhéanfar tuinníní colgacha na Meánmhara, mar spriocspeiceas nó mar fhoghabháil, a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír le linn na dtréimhsí seo a leanas:
— an Ghréig, an Chróit, an Iodáil agus an Chipir: an 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain agus an 1 go dtí an 31 Márta;
— an Spáinn, an Fhrainc agus Málta: An 1 Eanáir go dtí an 31 Márta.

[2] Déanfaidh gach Ballstát an líon soithí iascaireachta dá chuid atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní colgacha na Meánmhara a theorannú don líon soithí iascaireachta a bhí údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar an speiceas sin in 2017. Féadfaidh na Ballstáit lamháltas 10 % a chur i bhfeidhm ar an teorainn acmhainne sin.

[3] Coinníoll speisialta: ní mór foghabhálacha tuinníní colgacha a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo ach déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (ALB/MED-BC). Tá foghabhálacha marbha tuinníní colgacha ó iascaigh spóirt agus áineasa le comhaireamh in aghaidh an chuóta seo, ach déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (ALB/MED-SR).

Tábla 10

Speiceas:	An tuinnín buí *Thunnus albacares*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA (YFT/CICTA)
TAC	110 000,00 [1]	TAC Anailíseach	
		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

[1] Gabhálacha tuinníní buí a dhéanann soithí peas-saighne (YFT/*CICTAPS) agus báid spléireachta dar fad iomlán 20 méadar nó níos mó (YFT/*CICTALL), déanfar iad a thuairisciú ar leithligh.

Tábla 11

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach *Thunnus obesus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA (BET/CICTA)
an Spáinn	7 523,98 [1]	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	3 195,86 [1]	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Phortaingéil	2 856,45 [1]		
an tAontas	13 576,29 [1]	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	73 000,00 [1]		

[1] Gabhálacha tuinníní mórshúileacha a dhéanann soithí peas-saighne (BET/*CICTAPS) agus báid spléireachta dar fad iomlán 20 méadar nó níos mó (BET/*CICTALL), déanfar iad a thuairisciú ar leithligh. Ó mhí an Mheithimh ar aghaidh, nuair a shroichfidh gabhálacha 80 % den chuóta, beidh sé de cheangal ar na Ballstáit gabhálacha na soithí iascaireachta sin a tharchur ar bhonn seachtainiúil.

Tábla 12(1)

Speiceas:	An Tuinnín gorm *Thunnus thynnus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastoir de 45°I (BFT/ICAE45W)
an Chipir	220,12 [4]	TAC Anailíseach	
an Ghréig	409,14	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Spáinn	7 938,81 [2] [4]		
an Fhrainc	7 833,53 [2] [3] [4]	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Chróit	1 238,13 [6]		
an Iodáil	6 182,61 [4] [5]		
Málta	507,24 [4]		
an Phortaingéil	746,51		
Eile	88,53 [1]		
an tAontas	25 164,62 [2] [3] [4] [5] [6]		
TAC	48 403,00 [1]		

[1] Cé is moite den Chipir, den Ghréig, den Spáinn, den Fhrainc, den Chróit, den Iodáil, de Mhálta agus den Phortaingéil, agus mar fhoghabháil amháin. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (BFT/ICAE45W_AMS).

[2] Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*E45W8301):

an Spáinn	1 202,76
an Fhrainc	558,76
an tAontas	1 761,52

[3] Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma nach lú ná 6,4 kg a meáchan nó nach lú ná 70 cm a bhfad ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*E45W641):

an Fhrainc	100,00
an tAontas	100,00

[4] Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*E45W641):

an Spáinn	158,78
an Fhrainc	313,34 [1]
an Iodáil	123,65
an Chipir	4,40
Málta	10,14
an tAontas	610,31

[1] A bhféadfar 50 % de a iascach i Murascaill an Leoin amháin.

[5] Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*E45W643):

an Iodáil	123,65
an tAontas	123,65

[6] Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI chun críoch feirmeoireachta (BFT/*E45W8303F):

an Chróit	1 114,32
an tAontas	1 114,32

Tábla 12(2)

Speiceas:	An Tuinnín gorm *Thunnus thynnus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, laistiar de 45°I (BFT/ICAW45W)
an tAontas	0	TAC Anailíseach	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

Tábla 13

Speiceas:	An mácó biorshrónach *Isurus oxyrinchus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA laisteas de 5°T (SMA/ICAS05N)
an tAontas	257,27 (1)	TAC Anailíseach	
TAC	1 000,00 (1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Cuóta arna shocrú chun liúntas coinneála de chuid an Aontais a chur chun feidhme le haghaidh an stoic sin.
(2) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha.

Tábla 14

Speiceas:	An colgán *Xiphias gladius*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastuaidh de 5°T, cé is moite den Mheánmhuir (SWO/ICAN05NXM)
an Spáinn	6 097,29 (2)	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	1 108,20 (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
Eile	162,84 (1) (2)		
an tAontas	7 368,33		
TAC	14 769,00		

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SWO/ICAN05NXM_AMS).
(2) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 2,39 % den chainníocht seo a iascach san Aigéan Atlantach, laisteas de 5°T (SWO/*ICAS05N). Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh choinníoll speisialta an chuóta chomhroinnte, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SWO/*ICAS05N_AMS).

Tábla 15

Speiceas:	An colgán *Xiphias gladius*		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA laisteas de 5°T (SWO/ICAS05N)
an Spáinn	4 525,88	(1)	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	298,12	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	4 824,00			
TAC	10 000,00		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 3,51 % den chainníocht seo a iascach san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T (SWO/*ICAN05N).

Tábla 16

Speiceas:	An colgán *Xiphias gladius*		Limistéar:	An Mheánmhuir (SWO/MED)
an Chróit	13,74	(1) (2)	TAC Anailíseach	
an Chipir	50,67	(1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Spáinn	1 565,04	(1) (2)		
an Fhrainc	109,08	(1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Ghréig	1 036,02	(1) (2)		
an Iodáil	3 208,44	(1) (2)		
Málta	380,64	(1) (2)		
an tAontas	6 363,63	(1) (2)		
TAC	9 017,00			

(1) Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig.
(2) Coinníoll speisialta: tá foghabhálacha colgán Meánmhuirí le comhaireamh in aghaidh an chuóta seo ach déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SWO/MED-BC). Tá foghabhálacha marbha colgán Meánmhuirí ó iascaigh spóirt agus áineasa le comhaireamh in aghaidh an chuóta seo, ach déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SWO/MED-SR).

IARSCRÍBHINN IE

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SEAFO

Ní chionroinntear na TACanna a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ar Pháirtithe Conarthacha SEAFO agus, dá bhrí sin, tá sciar an Aontais neamhchinntithe. Is í Rúnaíocht SEAFO, a thabharfaidh fógra do Pháirtithe Conarthacha SEAFO nuair a bheidh an iascaireacht le scor toisc gur ídíodh an TAC, a dhéanann faireachán ar ghabhálacha.

Tábla 1

Speiceas:	Alfainsíní *Beryx* spp.	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SEAFO (ALF/SEAFO)
TAC	200 (1)	TAC réamhchúraim	

(1) Ní fhéadfar níos mó ná 132 thona a thógáil i bhforoinn B1 (ALF/*F47NA).

Tábla 2

Speiceas:	Portáin dhearga domhainmhara *Chaceon* spp.	Limistéar:	Foroinn B1 (1) SEAFO (GER/F47NAM)
TAC	162 (1)	TAC réamhchúraim	

(1) Chun críoch an TAC seo, is mar a leanas a shainítear an limistéar atá oscailte don iascach:
— tá a theorainn thiar ar an domhanfhad 0°O aige,
— tá a theorainn thuaidh ar an domhanleithead 20°D aige,
— tá a theorainn theas ar an domhanleithead 28°D aige, agus
— tá a theorainn thoir ar feadh theorainneacha forimeallacha limistéar eacnamaíoch eisiach na Namaibe aige.

Tábla 3

Speiceas:	Portáin dhearga domhainmhara *Chaceon* spp.	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SEAFO, cé is moite d'fhoroinn B1 (GER/F47X)
TAC	200	TAC réamhchúraim	

Tábla 4

Speiceas:	An déadiasc Patagónach *Dissostichus eleginoides*	Limistéar:	Folimistéar D SEAFO (TOP/F47D)
TAC	274	TAC réamhchúraim	

Tábla 5

Speiceas:	An déadiasc Patagónach *Dissostichus eleginoides*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SEAFO, cé is moite d'fholimistéar D (TOP/F47-D)
TAC	0	TAC réamhchúraim	

Tábla 6

Speiceas:	An gainneachán flannbhuí *Hoplostethus atlanticus*	Limistéar:	Foroinn B1 ([1]) SEAFO (ORY/F47NAM)
TAC	0 ([2])	TAC réamhchúraim	

([1]) Chun críoch an TAC seo, is mar a leanas a shainítear an limistéar atá oscailte don iascach:
— tá a theorainn thiar ar an domhanfhad 0°O aige,
— tá a theorainn thuaidh ar an domhanleithead 20°D aige,
— tá a theorainn theas ar an domhanleithead 28°D aige, agus
— tá a theorainn thoir ar feadh theorainneacha forimeallacha limistéar eacnamaíoch eisiach na Namaibe aige.
([2]) Ach amháin i gcás liúntas foghabhála 4 thona (ORY/*F47NA).

Tábla 7

Speiceas:	An gainneachán flannbhuí *Hoplostethus atlanticus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SEAFO, cé is moite d'fhoroinn B1 (ORY/F47X)
TAC	50	TAC réamhchúraim	

Tábla 8

Speiceas:	Cruachinn pheiligeacha *Pseudopentaceros* spp.	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SEAFO (EDW/SEAFO)
TAC	135	TAC réamhchúraim	

IARSCRÍBHINN IF

AN TUINNÍN GORM DEISCEARTACH – LIMISTÉIR DHÁILEACHÁIN

Speiceas:	An tuinnín gorm deisceartach *Thunnus maccoyii*		Limistéar:	Na limistéir uile dháileacháin (SBF/F41-81)
an tAontas		13 (1)	TAC Anailíseach	
TAC		13	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
			Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

IARSCRÍBHINN IG

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN WCPFC

Tábla 1(1)

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach *Thunnus obesus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC (BET/WCPFC)
an tAontas	2 000,00 (1)	TAC réamhchúraim	
TAC	Ní bhaineann le hábhar (1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní fhéadfaidh ach soithí a úsáideann spiléir an cuóta seo a iascach.

Tábla 1(2)

Speiceas:	Tuinnín gorm an Aigéin Chiúin *Thunnus orientalis*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC (BFT/WCPFC)
an tAontas	10,00 (1)	TAC réamhchúraim	
TAC	Ní bhaineann le hábhar (1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.
Beidh feidhm aige maidir le heiseamail dar méid 30 kg nó níos mó. Eiseamail bheaga a ghabhtar de thaisme, ní dhéanfar aon díobháil dóibh agus cuirfear ar ais i bhfarraige go pras iad.

Tábla 2

Speiceas:	An colgán *Xiphias gladius*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20°D (SWO/F7120S)
an tAontas	3 170,36	TAC réamhchúraim	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

IARSCRÍBHINN IH

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SPRFMO

Tábla 1

Speiceas:	Déadéisc *Dissostichus* spp.	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, bloic thaighde A agus B [1] (TOT/SPR-AB)
TAC	0 [2] [3] [4]	TAC réamhchúraim Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

[1] Bloc taighde A:

TT:	50°30'S, 136°E
OT:	50°30'S, 140°30'E
OD:	54°50'S, 140°30'E
TD:	54°50'S, 136°E

Bloc taighde B:

TT:	52°45'S, 140°30'E
OT:	52°45'S, 145°30'E
OD:	54°50'S, 145°30'E
TD:	54°50'S, 140°30'E

[2] Is le haghaidh iascach taiscéalaíoch amháin an TAC bliantúil seo, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe 11, de Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Beidh an iascaireacht teoranta do dhoimhneacht idir 600 m agus 2 500 m. Beidh an iascaireacht teoranta d'aon turas amháin nach faide ná 60 lá as a chéile agus a d'fhéadfadh tarlú aon am idir an 1 Bealtaine agus an 15 Samhain. Cuirfear deireadh leis an iascaireacht uile láithreach má fhaigheann an méid seo a leanas bás:

(a) aon cheann de na speicis seo a leanas: an t-albatras fáin (*Diomedea exulans*), an t-albatras ceannliath (*Thalassarche chrysostoma*), an t-albatras dú-mhalach (*Thalassarche melanophris*), an guairdeall liath (*Procellaria cinerea*), an guairdeall clúmhach (*Pterodroma mollis*); nó

(b) trí cinn d'aon cheann de na speicis seo a leanas: an t-albatras éadrombhratach (*Phoebetria palpebrata*), an guairdeall mór deisceartach (*Macronectes giganteus*) agus an guairdeall mór tuaisceartach (*Macronectes halli*).

Beidh an iascaireacht teoranta freisin do 5 000 duán ar a mhéad in aghaidh an tacair, agus 100 tacar ar a mhéad. Socrófar spiléir 3 mhuirmhíle ar a laghad óna chéile, agus ní shocrófar iad ag suíomhanna spiléar inar socraíodh línte roimhe sin laistigh d'aon bhliain féilire amháin ó shin. Scoirfear den iascaireacht nuair a shroichfear an TAC nó má cuireadh agus má tarlaíodh 100 tacar le linn an turais, cibé acu is túisce.

* Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) (IO L 179, 16.7.2018, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/975/oj).

[3] A bhféadfar suas le 0 tona de a iascach i mbloc taighde A. Ós rud é go bhfuiltear nach mór ag an teorainn ghabhála le haghaidh bhloc taighde A, socrófar línte níos giorra chun a áirithiú nach sárófar an teorainn ghabhála. Déanfar gabhálacha déadiasc i mbloc taighde A a thuairisciú ar leithligh (TOT/SPR-A).

[4] A bhféadfar suas le 0 tona de a iascach i mbloc taighde B. Ós rud é go bhfuiltear nach mór ag an teorainn ghabhála le haghaidh bhloc taighde B, socrófar línte níos giorra chun a áirithiú nach sárófar an teorainn ghabhála. Déanfar gabhálacha déadiasc i mbloc taighde B a thuairisciú ar leithligh (TOT/SPR-B).

Tábla 2

Speiceas:	An bolmán *Trachurus murphyi*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (CJM/SPRFMO)
an Ghearmáin	0	TAC Anailíseach	
an Ísiltír	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Liotuáin	0		
an Pholainn	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an tAontas	0		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

IARSCRÍBHINN IJ

LIMISTÉAR INNIÚLACHTA IOTC

Tábla 1

Speiceas:	An tuinnín aigéanach *Katsuwonus pelamis*	Limistéar:	Limistéar Inniúlachta IOTC (SKJ/IOTC)
an Spáinn	84 616	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	36 845	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Iodáil	3 539		
an tAontas	125 000	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Tábla 2

Speiceas:	An tuinnín buí *Thunnus albacares*	Limistéar:	Limistéar Inniúlachta IOTC (YFT/IOTC)
an Spáinn	42 903	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	27 710	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Iodáil	2 365		
an Phortaingéil	100 [1]	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	73 078		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

[1] Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

Tábla 3

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach *Thunnus obesus*	Limistéar:	Limistéar Inniúlachta IOTC (BET/IOTC)
an Spáinn	14 792	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	4 255	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an Iodáil	472		
an Phortaingéil	44 [1]	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
an tAontas	19 562		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

[1] Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

IARSCRÍBHINN IK

LIMISTÉAR CHOMHAONTÚ SIOFA

Tábla 1

Speiceas:	An fíogach Portaingéalach *Centroscymnus coelolepis*	Limistéar:	Folimistéar 2 (1) SIOFA (CYO/F517S2)
TAC	767,6 (2) (3)	TAC réamhchúraim	

(1) Limistéar a theorannaítear:
— ó dheas, le domhanleithead 36°00'D,
— ar an taobh thoir, le domhanfhad 49°00'O,
— ar an taobh thiar, le domhanfhad 40°00'O,
— ó thuaidh, leis na limistéir eacnamaíocha eisiacha chóngaracha.

(2) Ní chionroinntear an teorainn foghabhála a leagtar amach thuas i measc chomhaltaí SEAFO agus, dá bhrí sin, tá sciar an Aontais neamhchinntithe.

(3) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach spriocdhírithe faoin teorainn foghabhála seo. A luaithe a bheidh an teorainn foghabhála ídithe, tabharfaidh Rúnaíocht SIOFA fógra do Pháirtithe Conarthacha SIOFA. Tar éis dóibh an fógra sin a fháil go bhfuil an teorainn foghabhála ídithe, áiritheoidh na Ballstáit nach gcoinneoidh a soithí a bhíonn ag iascaireacht i bhfolimistéar 2 SIOFA aon fhíogach Portaingéalach ar feadh an chuid eile den bhliain. Beidh feidhm ag an toirmeasc coinneála sin maidir le haon líne san uisce tar éis fógra a fháil ó Rúnaíocht SIOFA go bhfuil an teorainn foghabhála ídithe. Soithí a bhfuil línte acu san uisce tráth a fhaightear an fógra, féadfaidh siad fíogaigh Phortaingéalacha atá marbh tráth an dola a choinneáil agus scaoilfidh siad na fíogaigh Phortaingéalacha bheo uile ar na línte sin.

Tábla 2

Speiceas:	Déadéisc *Dissostichus* spp.	Limistéar:	Limistéar Del Cano (1) (TOT/F517DC)
an tAontas	14,66 (2)	TAC réamhchúraim	
TAC	44 (2)		

(1) Limistéar a theorannaítear:
— le domhanleithead 44°00'D ó thuaidh nuair a bhítear laistiar de 44°09'O agus le domhanleithead 43°30'D nuair a bhítear lastoir de 44°09'O,
— ó dheas, le domhanleithead 45°00'D,
— thiar agus thoir, leis na limistéir eacnamaíocha eisiacha chóngaracha.

(2) Ní fhéadfaidh ach soithí iascaireachta a mbeidh breathnóirí ar bord orthu agus a mbeidh spiléir á n-úsáid acu é sin a iascach le linn an tséasúir iascaireachta ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026. Ní rachaidh spiléir thar 3 000 duán in aghaidh na líne agus socrófar iad 3 mhuirmhíle ar a laghad óna chéile.
Gabhálacha ag soithí nach ndíríonn ar an speiceas sin, ní sháróidh siad 0,5 tona de *Dissostichus* spp. in aghaidh an tséasúir iascaireachta. Nuair a bhainfidh soitheach an teorainn sin amach, ní fhéadfaidh sí iascaireacht a dhéanamh i Limistéar Del Cano a thuilleadh.

Tábla 3

Speiceas:	Déadéisc *Dissostichus* spp.	Limistéar:	Williams Ridge ([1]) (TOT/F574WR)
TAC	140 ([2])	TAC réamhchúraim	

([1]) An limistéar a theorannaíonn na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	52°50'00"S	80°00'00"E
2	55°00'00"S	80°00'00"E
3	55°00'00"S	85°00'00"E
4	52°50'00"S	85°00'00"E

([2]) Ní chionroinntear an TAC a leagtar amach thuas i measc chomhaltaí SEAFO agus, dá bhrí sin, tá sciar an Aontais neamhchinntithe. Ní fhéadfaidh ach soithí iascaireachta a bhfuil breathnóirí ar bord orthu é sin a iascach le linn an tséasúir iascaireachta ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026. Ní shocrófar níos mó ná dhá spiléar nach rachaidh thar 6 250 duán in aghaidh na cille greille arna bunú ag SIOFA agus cuirfear tréimhse 30 lá ar a laghad i bhfeidhm idir turais iascaireachta de réir na gcoinníollacha rochtana arna mbunú ag SIOFA.
Gabhálacha ag soithí nach ndíríonn ar an speiceas sin, ní sháróidh siad 0,5 tona de *Dissostichus* spp. in aghaidh an tséasúir iascaireachta. Nuair a bhainfidh soitheach iascaireachta an teorainn sin amach, ní dhéanfaidh sí iascaireacht in Williams Ridge a thuilleadh.

Iaimh iascaigh bheantaigh

Gulden Draak

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	28°00'	98°00'
2	29°00'	98°00'
3	28°00'	99°00'
4	29°00'	99°00'

Rusky

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	31°20'	94°55'
2	31°30'	94°55'
3	31°20'	95°00'
4	31°30'	95°00'

Fools-Flat

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	31°30’	94°40’
2	31°40’	94°40’
3	31°30’	95°00’
4	31°40’	95°00’

East Broken Ridge

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	32°50’	100°50’
2	33°25’	100°50’
3	32°50’	101°40’
4	33°25’	101°40’

Mid-Indian Ridge

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	13°00’	64°00’
2	15°50’	64°00’
3	15°50’	66°48’
4	15°02’	68°00’
5	15°50’	68°00’

Atlantis Bank

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	32°00’	57°00’
2	32°50’	57°00’
3	32°00’	58°00’
4	32°50’	58°00’

Bridle

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	38°03’	49°00’
2	38°45’	49°00’
3	38°03’	50°00’
4	38°45’	50°00’

Banana

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	30°20’	45°40’
2	30°30’	45°40’
3	30°20’	46°00’
4	30°30’	46°00’

Middle of What

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	37°54’	50°23’
2	37°56’30”	50°23’
3	37°54’	50°27’
4	37°56’30”	50°27’

Walters Shoal

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	33°00’	43°10’
2	33°20’	43°10’
3	33°00’	44°10’
4	33°20’	44°10’

Coral

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	41°00’	42°00’
2	41°40’	42°00’
3	41°00’	44°00’
4	41°40’	44°00’

Magneto (South Indian Ridge go foirmiúil)

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	44°00’	40°52’40,8”
2	45°00’	42°07’26,4”
3	44°00’	46°32’38,4”
4	45°00’	45°42’39,6”

Folimistéar 5

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	25°00’	90°00’
2	36°00’	90°00’
3	25°00’	105°00’
4	36°00’	105°00’

IARSCRÍBHINN IL

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN IATTC

Tábla 1

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach *Thunnus obesus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún IATTC (BET/IATTC)
an tAontas	500 (1)	TAC réamhchúraim	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

(1) Ní fhéadfaidh ach soithí a úsáideann spiléir an cuóta seo a iascach.

IARSCRÍBHINN IM

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NPFC

Tábla 1

Speiceas:	An ronnach Seapánach *Scomber japonicus*		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún NPFC
an tAontas	0	(1) (3) (4) (5)	TAC réamhchúraim	
Páirtithe Conarthacha NPFC, lena n-áirítear an tAontas	0	(1) (2) (3) (4)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Ní fhéadfar é a iascach ach ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

(2) Coinníoll speisialta: faoin teorainn ghabhála seo, ní fhéadfaidh na soithí seo a leanas níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil:

Trálaeir (*) (MAS/NPFC-TR)	Soithí peas-saighne (*) (MAS/NPFC-PS)
0	0

(*) Dúnfaidh Páirtithe Conarthacha NPFC an t-iascach faoi na teorainneacha gabhála sin, agus déanfaidh an Coimisiún amhlaidh i gcás an Aontais, laistigh de 2 lá ó dháta eisiúna an fhógra ó Rúnaí Feidhmiúcháin NPFC lena dtabharfar le fios gur bhain úsáid na dteorainneacha gabhála sin 95 % amach.

(3) Ní údarófar ach trálaer amháin atá faoi bhratach Bhallstáit le hiascaireacht a dhéanamh ar ronnaigh Sheapánacha tráth ar bith. Tá feidhm aige sin gan dochar d'aon chionroinnt deiseanna iascaireachta a dhéanfaidh an tAontas amach anseo i limistéar Choinbhinsiún NPFC, go háirithe ar an mBallstát atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh sa tréimhse ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

(4) Ní údarófar soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar mó a n-olltonnáiste ná 10 000 le hiascaireacht a dhéanamh ar ronnaigh Sheapánacha.

(5) Déanfar gabhálacha faoin gcuóta seo a thuairisciú ar leithligh (MAS/NPFC-EU).

IARSCRÍBHINN II

IARRACHT IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA I gCOMHTHÉACS BHAINISTIÚ NA STOC SÓL I MUIR nIOCHT THIAR I ROINN 7E ICES

Caibidil I

Forálacha ginearálta

1. RAON FEIDHME

1.1. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 10 méadar nó níos mó ar a bhfad iomlán agus atá i láthair i Muir nIocht (roinn 7e ICES) agus a bhfuil tráil bhíoma arb é 80 mm nó níos mó a mogallmhéid á n-iompar ar bord acu nó á gcur in úsáid, chomh maith le líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, arb é 220 mm nó níos lú a mogallmhéid, i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/472.

1.2. Soithí iascaireachta a iascann le líonta éighníomhacha ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 120 mm nó níos mó ná sin, agus a bhfuil cuntais teiste acu is lú ná 300 kg beomheáchain de shóil in aghaidh na bliana le linn na 3 bliana roimhe sin, de réir a dtaifead iascaireachta, díolmhófar iad ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) is lú ná 300 kg beomheáchan sól a ghabh na soithí iascaireachta sin le linn thréimhse bhainistíochta 2024;

(b) ní dhéanann na soithí iascaireachta sin trasloingsiú ar aon iasc ar muir chuig soitheach eile; agus

(c) faoin 31 Iúil 2026, cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le gabhálacha sól na soithí iascaireachta sin sna 3 bliana roimhe sin sin agus faoin 31 Eanáir 2027, cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le gabhálacha sól na soithí iascaireachta sin in 2026.

I gcás neamhchomhlíonadh aon cheann de na coinníollacha sin, scoirfidh na soithí iascaireachta lena mbaineann de bheith díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo, le héifeacht láithreach.

2. SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'grúpáil trealaimh' an ghrúpáil ina bhfuil an dá chatagóir trealaimh seo a leanas:

(i) tráil bhíoma ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 80 mm nó níos mó ná sin; agus

(ii) líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 220 mm nó níos mó ná sin;

(b) ciallaíonn 'trealamh rialáilte' aon cheann den dá chatagóir trealaimh atá sa ghrúpáil trealaimh;

(c) ciallaíonn 'an limistéar' roinn 7e ICES;

(d) ciallaíonn 'an tréimhse reatha bhainistíochta' an tréimhse ón 1 Feabhra 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027.

3. SRIAN AR GHNÍOMHAÍOCHT

Gan dochar d'Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh gach Ballstát maidir leis na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoina bhratach agus atá cláraithe san Aontas, i gcás trealamh rialáilte a bheith á iompar ar bord acu, nach mbeidh na soithí sin laistigh den limistéar níos mó ná an líon laethanta a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo.

Caibidil II

Údaruithe

4. SOITHÍ IASCAIREACHTA ÚDARAITHE

4.1. Ní údaróidh Ballstát aon soitheach iascaireachta atá faoina bhratach le hiascaireacht a dhéanamh le trealamh rialáilte sa limistéar mura bhfuil aon taifead aici ar ghníomhaíocht iascaireachta den sórt sin sa limistéar le linn na tréimhse ó 2003 go 2024, cé is moite de thaifead ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a d'eascair as aistriú laethanta idir soithí iascaireachta, mura n-áiritheoidh an Ballstát go gcuirfear cosc ar an acmhainneacht choibhéiseach iascaireachta, arna tomhas ina cileavatanna, a dhéanamh sa limistéar.

4.2. Mar sin féin, soitheach iascaireachta a mbeidh cuntas teiste aici maidir le trealamh rialáilte a úsáid, féadfar í a údarú le trealamh iascaireachta eile a úsáid, ar choinníoll gur cothrom an líon laethanta arna chionroinnt i leith an tsoithigh sin agus an trealaimh iascaireachta eile sin leis an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealaimh rialáilte nó gur mó ná sin é.

4.3. I gcás soitheach iascaireachta a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain aici nach mbeidh aon chuóta aici sa limistéar, ní údarófar í le hiascaireacht a dhéanamh le trealamh rialáilte sa limistéar mura gcionroinnfear cuóta ar an soitheach iascaireachta tar éis aistriú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mura gcionroinnfear laethanta ar muir uirthi i gcomhréir le pointí 10 nó 11 den Iarscríbhinn seo.

Caibidil III

An líon laethanta laistigh den limistéar a chionroinntear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais

5. AN LÍON UASTA LAETHANTA

Leagtar amach i dTábla I an líon uasta laethanta ar muir le linn na tréimhse reatha bainistíochta a fhéadfaidh Ballstát soitheach a údarú, a mbeidh a bhratach ar foluain aici, le bheith laistigh den limistéar agus aon trealamh rialáilte á iompar ar bord aici.

Tábla I

An líon uasta laethanta a fhéadfaidh soitheach iascaireachta a bheith laistigh den limistéar de réir chatagóir an trealaimh rialáilte le linn na tréimhse reatha bainistíochta

Trealamh rialáilte	An líon uasta laethanta	
Tráil bhíoma ina bhfuil mogallmhéid ≥ 80 mm	an Bheilg	176
	an Fhrainc	188
Líonta éighníomhacha a bhfuil ≤ 220 mm ina mogallmhéid	an Bheilg	176
	an Fhrainc	191

6. CÓRAS CILEAVAT-LAE

6.1. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát a chionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavat-lae. Tríd an gcóras sin, féadfaidh an Ballstát aon soitheach iascaireachta a mbaineann aon trealamh rialáilte a leagtar amach i dTábla I léi a údarú le bheith laistigh den limistéar ar feadh líon uasta laethanta atá éagsúil leis an líon laethanta a leagtar amach sa tábla sin, ar choinníoll go n-urramaítear an líon iomlán cileavat-laethanta a chomhfhreagraíonn don trealamh rialáilte.

6.2. Is é méid foriomlán na gcileavat-laethanta sin suim gach iarrachta iascaireachta aonair a chionroinnfear ar na soithí iascaireachta faoi bhratach an Bhallstáit lena mbaineann agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealaimh rialáilte. Ríomhfar na hiarrachtaí iascaireachta aonair sin ina gcileavata-laethanta trí chumhacht innill gach soithigh iascaireachta a iolrú faoin líon laethanta ar muir a dheonófaí di, de réir Thábla I, dá mba rud é nach gcuirfí pointe 6.1 i bhfeidhm.

6.3. I gcás aon Bhallstát ar mian leis leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i bpointe 6.1, cuirfidh sé iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh, ar an trealamh rialáilte a leagtar amach i dTábla I, sonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) liosta de na soithí atá údaraithe le bheith ag iascaireacht agus a n-uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) agus cumhacht an innill atá acu; agus

(b) an líon laethanta ar muir a n-údarófaí gach soitheach iascaireachta i dtús báire iascaireacht a dhéanamh de réir Thábla I agus, agus pointe 6.1 á chur i bhfeidhm, an líon laethanta ar muir a mbainfeadh gach soitheach iascaireachta tairbhe as.

6.4. Ar bhonn na hiarrata sin, measfaidh an Coimisiún cé acu a chomhlíonfar nó nach gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe 6 agus, i gcás inarb amhlaidh an cás, féadfaidh sé an Ballstát lena mbaineann a údarú le leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i bpointe 6.1.

7. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE hAGHAIDH SCOR BUAN GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA

7.1. Féadfaidh an Coimisiún líon breise laethanta ar muir ina bhféadfaidh Ballstát brataí soitheach iascaireachta dá chuid a údarú le bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici a chionroinnt ar Bhallstát ar bhonn scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a rinneadh le linn na tréimhse bainistíochta roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Féadfaidh an Coimisiún scor buan a eascróidh as aon imthosca eile a mheas ar bhonn cás ar chás, tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe i scríbhinn a fháil ón mBallstát lena mbaineann. In iarraidh mar sin, sainaithneofar na soithí iascaireachta lena mbaineann agus dearbhófar, i gcás gach soithigh acu, nach bhfillfidh siad ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh choíche.

7.2. An iarracht a rinneadh in 2003 arna tomhas ina cileavata-laethanta a rinne na soithí iascaireachta aistarraingthe a raibh grúpáil trealaimh ar leith á húsáid acu, déanfar í a roinnt ar an iarracht a rinne na soithí iascaireachta in 2003 agus an ghrúpáil trealaimh sin á húsáid acu. Déanfar an líon breise laethanta ar muir a ríomh tríd an gcóimheas a gheofar amhlaidh a iolrú faoin líon laethanta a chionroinnfí de réir Thábla I. Déanfar aon chuid de lá a eascróidh as an ríomh sin a shlánú go dtí an lá iomlán is gaire.

7.3. Ní bheidh feidhm ag pointí 7.1 ná 7.2 i gcás ina ndearnadh soitheach iascaireachta a ionadú i gcomhréir le pointe 4.2, nó i gcás inar baineadh úsáid as an tarraingt siar sin cheana féin sna blianta roimhe sin chun laethanta breise ar muir a fháil.

7.4. I gcás Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 7.1, cuirfidh sé iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 15 Meitheamh 2026, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh, i gcás na grúpála trealaimh mar a leagtar amach í i dTábla I, mionsonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) liosta de na soithí iascaireachta aistarraingthe agus a n-uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) agus cumhacht an innill atá acu;

(b) an ghníomhaíocht iascaireachta a chuir na soithí iascaireachta sin in úsáid in 2003 arna ríomh ina laethanta ar muir de réir ghrúpáil an trealaimh iascaireachta.

7.5. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát aon lá breise ar muir a dheonófar a ath-chionroinnt ar na soithí iascaireachta uile nó ar chuid de na soithí iascaireachta a bheidh fágtha ina chabhlach agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealaimh rialáilte.

7.6. Nuair a chionroinnfidh an Coimisiún laethanta breise ar muir i ngeall ar scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta le linn na tréimhse bainistíochta roimhe sin, déanfar an líon uasta laethanta in aghaidh an Bhallstáit agus an trealamh a leagtar amach i dTábla I a choigeartú dá réir sin le haghaidh na tréimhse reatha bainistíochta.

8. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE hAGHAIDH CLÚDACH BREATHNÓRA EOLAÍOCH FEABHSAITHE

8.1. Féadfaidh an Coimisiún 3 lá breise ar a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici a chionroinnt idir an 1 Feabhra 2026 agus an 31 Eanáir 2027 ar Bhallstát ar bhonn clár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch i gcomhpháirt le heolaithe agus le tionscal na hiascaireachta. Díreofar i gclár den sórt sin, go háirithe, ar leibhéil aischuir agus ar chomhdhéanamh gabhála agus rachfar thar na ceanglais maidir le bailiú sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus ina rialacha cur chun feidhme a bhaineann le cláir náisiúnta.

8.2. Beidh breathnóirí eolaíocha neamhspleách ar an úinéir, ar mháistir an tsoithigh iascaireachta agus ar aon chomhalta den chriú.

8.3. Déanfaidh Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 8.1 tuairisc faoina chlár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas.

([1]) Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1139/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1004/oj).

8.4. Más rud é go ndearna an Coimisiún clár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch arna thíolacadh ag Ballstát a fhormheas roimhe seo, agus gur mian leis an mBallstát lena mbaineann go leanfar dá chlár gan aon athrú, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún go leanfar den chlár sin 4 seachtaine roimh thús na tréimhse lena mbaineann an clár.

Caibidil IV

Bainistíocht

9. OIBLEAGÁID GHINEARÁLTA

Déanfaidh na Ballstáit an iarracht uasta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 26 go 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

10. TRÉIMHSÍ BAINISTÍOCHTA

10.1. Féadfaidh Ballstát na laethanta laistigh den limistéar a leagtar amach i dTábla I a roinnt ina dtréimhsí bainistíochta a mhairfidh mí féilire amháin nó níos mó.

10.2. Is é an Ballstát lena mbaineann a shocróidh an líon laethanta nó uaireanta an chloig a fhéadfaidh soitheach iascaireachta a bheith laistigh den limistéar le linn tréimhse bhainistíochta.

10.3. I gcás ina údaraíonn Ballstát do na soithí iascaireachta atá faoina bhratach a bheith laistigh den limistéar ar feadh líon áirithe uaireanta an chloig, leanfaidh an Ballstát de chaitheamh na laethanta a thomhas mar a shonraítear i bpointe 9. Arna iarraidh sin don Choimisiún, léireoidh an Ballstát lena mbaineann go ndearna sé bearta réamhchúraim chun róchaitheamh laethanta a sheachaint laistigh den limistéar toisc go ndearna soitheach iascaireachta a láithreacht sa limistéar a fhoirceannadh sula raibh deireadh le tréimhse 24 uair an chloig.

Caibidil V

Cionrannta iarrachta iascaireachta a mhalartú

11. LAETHANTA A AISTRIÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA ATÁ FAOI BHRATACH BHALLSTÁIT

11.1. Féadfaidh Ballstát cead a thabhairt d'aon soitheach iascaireachta a mbeidh a bhratach ar foluain aici laethanta laistigh den limistéar a mbeidh údarú faighte aici ina leith a aistriú chuig soitheach iascaireachta eile a mbeidh bratach an Bhallstáit sin ar foluain aici laistigh den limistéar sin, ar choinníoll gur lú toradh líon na laethanta a fuair soitheach iascaireachta agus cumhacht a hinnill ina cileavatanna (cileavat-laethanta) ná toradh líon na laethanta a d'aistrigh an soitheach deontóra iascaireachta agus cumhacht a hinnill ina cileavatanna nó gur cothrom lena chéile iad. Is í cumhacht innill na soithí ina cileavatanna an chumhacht sin a thaifeadfar i gcás gach soithigh iascaireachta atá i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais.

11.2. Ní bheidh an líon iomlán laethanta laistigh den limistéar a aistreofar i gcomhréir le pointe 11.1, arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh iascaireachta deontóra ina cileavatanna, níos airde ná meánlíon bliantúil laethanta chuntas teiste an tsoithigh iascaireachta deontóra sa limistéar, mar a fhíoraítear leis an logleabhar iascaireachta sna blianta 2001, 2002, 2003, 2004 agus 2005 arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh iascaireachta sin ina cileavatanna.

11.3. Ceadófar an t-aistriú laethanta de bhun phointe 11.1 idir soithí iascaireachta a oibreoidh le haon trealamh rialáilte agus le linn na tréimhse céanna bainistíochta.

11.4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil maidir leis na haistrithe a rinneadh. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear formáidí scarbhileoige chun an fhaisnéis sin a bhailiú agus a tharchur. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2) den Rialachán seo.

12. LAETHANTA A AISTRIÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA ATÁ FAOI BHRATACH BHALLSTÁIT ÉAGSÚLA

Féadfaidh na Ballstáit aistriú laethanta laistigh den limistéar le haghaidh na tréimhse bainistíochta céanna agus laistigh den limistéar idir aon soitheach iascaireachta faoina mbratach a cheadú ar choinníoll go mbeidh feidhm ag pointí 4.1, 4.3, 5, 6 agus 10. I gcás ina gcinnfidh Ballstáit aistriú mar sin a údarú, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, sula ndéanfar an t-aistriú, faoi shonraí an aistrithe, lena n-áirítear an líon laethanta atá le haistriú, an iarracht iascaireachta agus, i gcás inarb infheidhme, na cuótaí iascaireachta lena mbaineann.

Caibidil VI

Oibleagáidí maidir le tuairisciú

13. TUARASCÁIL AR IARRACHTAÍ IASCAIREACHTA

Beidh feidhm ag Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le soithí iascaireachta a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhinne seo. Tuigfear gurb é an limistéar geografach dá dtagraítear san Airteagal sin an limistéar a shainítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo.

14. SONRAÍ ÁBHARTHA A BHAILIÚ

Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a bhailiú gach ráithe maidir leis an iarracht iascaireachta iomlán, laistigh den limistéar, a rinne soithí iascaireachta a úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe agus gléas iascaireachta éighníomhach, an iarracht, laistigh den limistéar, a rinne soithí iascaireachta agus cineálacha éagsúla trealaimh á gcur in úsáid acu, agus cumhacht innill na soithí iascaireachta sin ina cileavata-laethanta, ar bhonn na faisnéise a úsáidfear chun laethanta iascaireachta laistigh den limistéar a bhainistiú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

15. SONRAÍ ÁBHARTHA A CHUR IN IÚL

Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit scarbhileog ar fáil don Choimisiún ar a mbeidh na sonraí a shonraítear i bpointe 14 agus san fhormáid a shonraítear i dTáblaí II agus III tríd an scarbhileog sin a sheoladh chuig an seoladh bosca ríomhphoist iomchuí, a chuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Choimisiún, faisnéis mhionsonraithe a chur chuig an gCoimisiún maidir leis an iarracht a cionroinneadh agus an iarracht a caitheadh lena gcumhdófar tréimhsí bainistíochta 2024 agus 2025 ina n-iomláine nó codanna díobh, agus úsáid á baint as an bhformáid sonraí a shonraítear i dTáblaí IV agus V.

Tábla II

Formáid an tuairiscithe i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

Ballstát	Trealamh	Tréimhse bhainistíochta	Dearbhú iarrachta carnaí
(1)	(2)	(3)	(4)

Tábla III

Formáid na sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú [1] C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) Ballstát	3		An Ballstát (cód Alfa-3 ISO) ina bhfuil an soitheach cláraithe
(2) Trealamh	2		Ceann de na cineálacha trealaimh seo a leanas: BT = tráil bhíoma ≥ 80 mm GN = eangach gheolbhaigh < 220 mm TN = traimil nó líon fostúcháin < 220 mm
(3) Tréimhse bhainistíochta	4		Bliain amháin sa tréimhse ó thréimhse bhainistíochta 2006 go dtí an tréimhse reatha bhainistíochta
(4) Dearbhú iarrachta carnaí	7	D	Méid carnach na hiarrachta iascaireachta arna shloinneadh ina chileavata-laethanta a cuireadh in úsáid ón 1 Feabhra go dtí an 31 Eanáir sa tréimhse bhainistíochta ábhartha

[1] Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí bhíthin formáidiú aonfhaid.

Tábla IV

Formáid an tuairiscithe le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

Ballstát	CFR	Marcáil sheachtrach	Fad na tréimhse bainistíochta	Trealamh faoinar tugadh fógra				Laethanta incháilithe chun na trealaimh faoinar tugadh fógra a úsáid				Laethanta a caitheadh leis na trealaimh faoinar tugadh fógra				Laethanta a aistriú
				Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	…	Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	…	Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	…	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(5)	(5)	(5)	(6)	(6)	(6)	(6)	(7)	(7)	(7)	(7)	(8)

Tábla V

Formáid sonraí le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ([1]) C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) Ballstát	3		An Ballstát (cód Alfa-3 ISO) ina bhfuil an soitheach iascaireachta cláraithe
(2) CFR	12		Uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) Uimhir aitheantais uathúil soithigh iascaireachta An Ballstát (cód Alfa-3 ISO) agus sraith shainaitheantais (naoi gcarachtar) ina dhiaidh sin. I gcás ina mbeidh níos lú ná naoi gcarachtar sa tsraith, cuirfear nialais bhreise isteach ar thaobh na láimhe clé
(3) Marcáil sheachtrach	14	L	Faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ([2])
(4) Fad na tréimhse bainistíochta	2	L	Fad na tréimhse bainistíochta arna thomhas ina mhíonna
(5) Trealamh faoinar tugadh fógra	2	L	Ceann de na cineálacha trealaimh seo a leanas: BT = tráil bhíoma ≥ 80 mm GN = eangach gheolbhaigh < 220 mm TN = traimil nó líon fostúcháin < 220 mm
(6) Coinníoll speisialta a bhaineann leis na trealaimh faoinar tugadh fógra	3	L	An líon laethanta dá bhfuil an soitheach iascaireachta incháilithe faoi Iarscríbhinn II le haghaidh an trealaimh agus fhad na tréimhse bainistíochta ar tugadh fógra ina leith
(7) Laethanta a caitheadh leis na trealaimh faoinar tugadh fógra	3	L	An líon laethanta ar lena linn a bhí an soitheach iascaireachta laistigh den limistéar iarbhír agus úsáid á baint aici as trealamh a chomhfhreagraíonn don trealamh faoinar tugadh fógra le linn na tréimhse bainistíochta faoinar tugadh fógra
(8) Laethanta a aistriú	4	L	I gcás laethanta a aistríodh, cuirtear in iúl '– an líon laethanta a aistríodh' agus i gcás laethanta a fuarthas cuirtear in iúl '+ an líon laethanta a aistríodh'

([1]) Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí bhíthin formáidiú aonfhaid.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/404/oj).

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/249/oj

IARSCRÍBHINN III


LIMISTÉIR BAINISTÍOCHTA CORR GAINIMH I RANNA 2a AGUS 3a ICES AGUS I bhFOLIMISTÉAR 4 ICES

Chun críocha bhainistiú na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES a shocraítear in Iarscríbhinn IA, sainítear na limistéir bhainistíochta ina bhfuil feidhm ag teorainneacha gabhála sonracha mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus san Fhoscríbhinn a ghabhann léi:

Limistéar bainistíochta le haghaidh corra gainimh	Dronuilleoga staidrimh ICES
1r	31–33 E9–F4; 33 F5; 34–37 E9–F6; 38–40 F0–F5; 41 F4–F5
2r	35 F7–F8; 36 F7–F9; 37 F7–F8; 38 41 F6–F8; 42 F6–F9; 43 F7–F9; 44 F9–G0; 45 G0–G1; 46 G1
3r	41–46 F1–F3; 42–46 F4–F5; 43–46 F6; 44–46 F7–F8; 45–46 F9; 46–47 G0; 47 G1 agus 48 G0
4	38–40 E7–E9 agus 41–46 E6–F0
5r	47–52 F1–F5
6	41–43 G0–G3; 44 G1
7r	47–52 E6–F0

Foscríbhinn

Limistéir bhainistíochta le haghaidh corra gainimh



IARSCRÍBHINN IV

TRÉIMHSÍ COISCTHE SÉASÚRACHA CHUN TROISC SCEITE A CHOSAINT

Beidh cosc ar gach trealamh sna limistéir a leagtar amach sa tábla thíos, seachas trealamh peiligeach (peas-saighní agus tráil), le linn na tréimhse sainaitheanta:

Tréimhsí Teoranta Coiscthe				
Uimh.	Ainm an limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
1	Meá Stanhope	60°25'T – 01°45'O 60°25'T – 02°00'O 60°10'T – 02°00'O 60°10'T – 01°45'O	an 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán	
2	Long Hole	59°07.35'T – 0°31.04'I 59°03.60'T – 0°22.25'I 58°59.35'T – 0°17.85'I 58°56.00'T – 0°11.01'I 58°56.60'T – 0°08.85'I 58°59.86'T – 0°15.65'I 59°03.50'T – 0°20.00'I 59°08.15'T – 0°29.07'I	an 1 Eanáir go dtí an 31 Márta	
3	Coral edge	58°51.70'T – 03°26.70'O 58°40.66'T – 03°34.60'O 58°24.00'T – 03°12.4'O 58°24.00'T – 02°55.00'O 58°35.65'T – 02°56.30'O	an 1 Nollaig go dtí an 28 Feabhra	
4	Papa Bank	59°56'T – 03°08'I 59°56'T – 02°45'I 59°35'T – 03°15'I 59°35'T – 03°35'I	an 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	
5a	Foula Deeps	60°17.5'T – 01°45'I 60°11.0'T – 01°45'I 60°11.0'T – 02°10'I 60°20.0'T – 02°00'I 60°20.0'T – 01°50'I	an 1 Samhain go dtí an 31 Nollaig	

Tréimhsí Teoranta Coiscthe				
Uimh.	Ainm an limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
5b	Foula Deeps	60°21'T – 02°05'I 60°22'T – 02°27'I 60°06'T – 02°27'I 60°06'T – 02°05'I	an 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	
6	Egersund Bank	58°07.40'T – 04°33.0'O 57°53.00'T – 05°12.0'O 57°40.00'T – 05°10.9'O 57°57.90'T – 04°31.9'O	an 1 Nollaig go dtí an 31 Márta	(10 x 25 nm)
7	Lastoir d'Oileán na gCaorach	59°40'T – 01°3'I 59°40'T – 01°13'I 59°30'T – 01°20'I 59°00'T – 01°20'I 59°00'T – 01°40'I 59°10'T – 01°40'I 59°10'T – 01°28'I 59°30'T – 01°28'I 59°40'T – 01°23'I	an 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	
8	West Bank	57°15'T – 05°01'O 56°56'T – 05°00'O 56°56'T – 06°20'O 57°15'T – 06°20'O	an 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	(18 x 4 nm)
9	Revet	57°28.43'T - 08°05.66'O 57°27.44'T - 08°07.20'O 57°51.77'T - 09°26.33'O 57°52.88'T - 09°25.00'O	an 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	(1,5 x 49 nm)

Tréimhsí Teoranta Coiscthe				
Uimh.	Ainm an limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
10	Rabarberen	57°47.00'T – 11°04.00'O 57°43.00'T – 11°04.00'O 57°43.00'T – 11°09.00'O 57°47.00'T – 11°09.00'O	an 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	Lastoir de Skagen (2,7 x 4 nm)
11	Krogbund	56°56'T – 06°25'O 56°47'T – 06°25'O 56°47'T – 06°55'O 56°56'T – 06°55'O	an 1 Eanáir go dtí an 31 Márta	
12	Lille Fiskerbanke	56°50'T – 06°08'O 56°50'T – 05°52'O 56°38'T – 05°52'O 56°38'T – 06°08'O	an 1 Eanáir go dtí an 31 Márta	

IARSCRÍBHINN V

ÚDARUITHE IASCAIREACHTA

CUID A

LÍON UASTA ÚDARUITHE IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS A DHÉANANN IASCAIREACHT IN UISCÍ TRÍÚ TÍR

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Cionroinnt deiseanna iascaireachta i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann tráth ar bith
Uiscí na hIorua agus an limistéar iascaireachta timpeall Jan Mayen	Scadáin, lastuaidh de 62°00′T	59	DK	25	51
			DE	5	
			FR	1	
			IE	8	
			NL	9	
			PL	1	
			SE	10	
	Speicis ghrinnill, lastuaidh de 62°00′T	66	DE	16	41
			IE	1	
			ES	20	
			FR	18	
			PT	9	
			Neamh-chionroinnte	2	
	Speicis thionsclaíocha, laisteas de 62°00′T	450	DK	450	141

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/249/oj

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Cionroinnt deiseanna iascaireachta i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann tráth ar bith
uiscí Svalbard; uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1 agus 2b [1]	Iascach le haghaidh portáin sneachta le potaí	20	EE	1	Ní bhaineann le hábhar
			ES	1	
			LV	11	
			LT	4	
			PL	3	

[1] Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas i limistéar Spitzbergen agus Oileán na mBéar gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920.

CUID B

LÍON UASTA ÚDARUITHE IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA TRÍÚ TÍR A DHÉANANN IASCAIREACHT IN UISCÍ AN AONTAIS

An Stát Brataí	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	An líon uasta soithí a bheidh ann tráth ar bith
Veiniséala [1] [2] [3]	An sclamhaire (uiscí Ghuáin na Fraince)	45	45

[1] Ionas go bhféadfar na húdaruithe iascaireachta sin a eisiúint, cuirfear cruthúnas ar fáil go bhfuil conradh bailí ann idir úinéir an tsoithigh iascaireachta ag a bhfuil iarratas á dhéanamh ar an údarú iascaireachta agus gnóthas próiseála atá lonnaithe i Roinn Ghuáin na Fraince, agus go gcuimsítear ann oibleagáid na gabhálacha sclamhairí ón soitheach iascaireachta lena mbaineann a thabhairt i dtír sa roinn sin, agus 75 % de na gabhálacha sclamhairí uile a thugann soithigh iascaireachta i dtír á bhaint amach sa tréimhse údaraithe atá i gceist, ionas go bhféadfar iad a phróiseáil in áitreabh an ghnóthais sin. Ní mór d'údaráis na Fraince an conradh sin a fhormhuiniú, rud a áiritheoidh go bhfuil sé comhsheasmhach le cumas iarbhír an ghnóthais próiseála chonarthaigh agus leis na cuspóirí chun geilleagar na Guáine a fhorbairt araon. Cuirfear cóip den chonradh formhuinithe i gceangal leis an iarratas ar údarú iascaireachta. I gcás ina ndiúltófar don fhormhuiniú sin, tabharfaidh údaráis na Fraince fógra faoin diúltú sin agus tabharfaidh siad na cúiseanna leis do na páirtithe lena mbaineann agus don Choimisiún.

[2] Údaraítear gníomhaíochtaí iascaireachta ar bhonn féilire bliantúil. Mar sin féin, féadfaidh soitheach iascaireachta leanúint dá gníomhaíochtaí iascaireachta ón 16 Feabhra go dtí an 31 Márta 2026 tar éis dá húdarú iascaireachta dul in éag ar choinníoll go ndearna an t-oibreoir an méid seo a leanas:
— an próiseas chun a húdarú iascaireachta a athnuachan a thionscnamh;
— a cuid oibleagáidí conarthacha agus cumarsáide faisnéise ar fad a chomhlíonadh.
Rachaidh an síneadh sin in éag nuair a thiocfaidh an cinneadh ón gCoimisiún maidir le húdarú nua iascaireachta i bhfeidhm nó nuair a thabharfar fógra gur diúltaíodh an t-údarú nua iascaireachta.

[3] Ní fhéadfaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta a bhfuil na húdaruithe iascaireachta sin ina seilbh acu tarlú ach sa tréimhse ón 16 Feabhra 2026 go dtí an 14 Nollaig 2026.

IARSCRÍBHINN VI

1. An líon uasta bád baoite agus bád trollála de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh go gníomhach ar thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm san Atlantach thoir

an Spáinn	60
an Fhrainc	55
An tAontas	115

2. An líon uasta soithí iascaireachta mionscála cósta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh go gníomhach ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm sa Mheánmhuir

an Spáinn	364
an Fhrainc	154 ([1])
an Iodáil	30
an Chipir	20 ([1])
Málta	54 ([1])
An tAontas	622

([1]) Féadfaidh méadú teacht ar an líon seo má chuirtear suas le 10 soitheach spiléireachta in ionad soitheach peas-saighne i gcomhréir le pointe 4 den Iarscríbhinn seo.

3. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh go gníomhach ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm i Muir Aidriad chun críoch feirmeoireachta

an Chróit	18
an Iodáil	12
An tAontas	30

4. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid gach Ballstáit a fhéadfar a údarú le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma, lena gcoinneáil ar bord, lena dtrasloingsiú, lena n-iompar nó lena dtabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

	An líon soithí iascaireachta ([1]) ([2])							
	An Ghréig ([3])	an Spáinn	an Fhrainc	an Chróit	an Iodáil	An Chipir ([4])	Málta ([5])	an Phortaingéil
Soithí peas-saighne ([6])	0	0	0	0	0	0	0	0
Soithí spliéireachta	0	0	0	0	0	0	0	0
Báid bhaoite	0	0	0	0	0	0	0	0
Dorú láimhe	0	0	0	0	0	0	0	0
Trálaeir	0	0	0	0	0	0	0	0
Mionscála	0	0	0	0	0	0	0	0
Soithí iascaireachta mionscála eile ([7])	0	0	0	0	0	0	0	0

([1]) Bunófar na huimhreacha sa Tábla seo tar éis do CICTA plean bainistíochta iascaireachta, feirmeoireachta agus acmhainne an Aontais a fhormheas, i gcomhréir le moltaí infheidhme CICTA agus le rialacha an Aontais.
([2]) Féadfar na huimhreacha sa Tábla seo a mhéadú a thuilleadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.
([3]) Féadfar líon nach mó ná 10 soitheach spliéireachta, nó soitheach peas-saighne beag amháin agus trí shoitheach iascaireachta mionscála eile, a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin.
([4]) Féadfar líon nach mó ná 10 soitheach spliéireachta nó soitheach peas-saighne beag amháin agus líon nach mó ná trí shoitheach spliéireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin.
([5]) Féadfar líon nach mó ná 10 soitheach spliéireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin.
([6]) Is de thoradh aistrithe idir Ballstáit é líon aonair na soithí peas-saighne sa Tábla seo agus ní hionann é agus cearta stairiúla don todhchaí.
([7]) Soithí ilchuspóireacha, a bhaineann úsáid as iltrealamh (spliéar, dorú láimhe, dorú trollála).

5. An líon uasta gaistí in úsáid in iascach tuinníní gorma an Atlantaigh Thoir agus na Meánmhara arna údarú ag gach Ballstát

An líon uasta gaistí ([1])

Ballstát	An líon gaistí
an Spáinn	6
an Iodáil	6
an Phortaingéil	2

([1]) Déanfar na huimhreacha sa Tábla seo a oiriúnú tar éis do CICTA plean bainistíochta iascaireachta, feirmeoireachta agus acmhainne an Aontais a fhormheas, i gcomhréir le moltaí infheidhme CICTA agus le rialacha an Aontais.

6. An líon uasta feirmeacha údaraithe agus uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhfar go fiáin a fhéadfaidh gach Ballstát a chionroinnt ar a fheirmeacha san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir

An líon uasta feirmeacha údaraithe agus ionchur tuinníní gorma fiáine a ghabhtar ([1])

	An líon feirmeacha	Ionchur (ina thonaí)
an Ghréig	2	785
an Spáinn	10	6 300
an Chróit	4	2 947
an Iodáil	13	3 764
an Chipir	3	2 195
Málta	6	8 786
an Phortaingéil	2	350

([1]) Déanfar na huimhreacha sa Tábla seo a oiriúnú tar éis do CICTA plean bainistíochta iascaireachta, feirmeoireachta agus acmhainne an Aontais a fhormheas, i gcomhréir le moltaí infheidhme CICTA agus le rialacha an Aontais.

7. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní colgacha an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) mar spriocspeiceas, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2017/2107.

Ballstát	An líon uasta soithí
Éire	50
an Spáinn	730
an Fhrainc	151
an Phortaingéil	310

IARSCRÍBHINN VII

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN CCAMLR

Beidh an iascaireacht thaiscéalaíoch ar dhéadéisc i limistéar Choinbhinsiún CAMLR le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026 teoranta don mhéid seo a leanas:

Tábla A

Ballstáit údaraithe, folimistéir agus an líon uasta soithí iascaireachta

Ballstát	Folimistéar	An líon uasta soithí
an Spáinn	48.6	1
an Spáinn	88.1	1
an Spáinn	88.2	1

Tábla B

TACanna agus teorainneacha foghabhála

Ní chionroinntear na TACanna a leagtar amach sa Tábla thíos, a ghlac CCAMLR, ar chomhaltaí CCAMLR agus, dá bhrí sin, tá sciar an Aontais neamhchinntithe. Is í Rúnaíocht CCAMLR, a thabharfaidh fógra do na Páirtithe Conarthacha nuair a bheidh an iascaireacht le scor toisc gur ídíodh an TAC, a dhéanann faireachán ar ghabhálacha.

Folimistéar	Réigiún	Séasúr	ATMSanna nó bloic thaighde	Teorainn ghabhála déadiasc Antartach (*Dissostichus mawsoni*) (ina tonaí)/ATMSanna nó bloic thaighde	Teorainn ghabhála déadiasc Antartach (*Dissostichus mawsoni*) (ina tonaí)/folimistéar iomlán [1]	Teorainn foghabhála (ina tonaí)/ATMSanna nó bloic thaighde		
						Sciataí agus roic (*Rajiformes*)	Gránádóirí (*Macrourus* spp.) [2]	Speicis eile
48.6	Folimistéar iomlán	An 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2026	48.6_2	182	713	9	29	29
			48.6_3	60		3	9	9
			48.6_4	181		9	28	28
			48.6_5	290		14	46	46
88.1	Folimistéar iomlán	An 1 Nollaig 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2026	A, B, C, G [3] (‘N70’)	623	3 278	31	99	31
			G, H, I, J, K [4](‘S70’)	2 163		108	316	108
			Limistéar taighde speisialta (‘LTS’) an limistéir mhuirí faoi chosaint i Réigiún Mhuir Ross	428		21	72	21

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/249/oj

Folimistéar	Réigiún	Séasúr	ATMSanna nó bloic thaighde	Teorainn ghabhála déadiasc Antartach (*Dissostichus mawsoni*) (ina tonaí)/ATMSanna nó bloic thaighde	Teorainn ghabhála déadiasc Antartach (*Dissostichus mawsoni*) (ina tonaí)/folimistéar iomlán [1]	Teorainn foghabhála (ina tonaí)/ATMSanna nó bloic thaighde		
						Sciataí agus roic (*Rajiformes*)	Gránádóirí (*Macrourus* spp.) [2]	Speicis eile
88.2	Folimistéar iomlán	An 1 Nollaig 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2026	A, B [3](N70)	San áireamh sa teorainn ghabhála le haghaidh N70 i bhfolimistéar 88.1		San áireamh sna teorainneacha foghabhála le haghaidh N70 i bhfolimistéar 88.1		
			A, B [4](S70)	San áireamh sa teorainn ghabhála le haghaidh S70 i bhfolimistéar 88.1		San áireamh sna teorainneacha foghabhála le haghaidh S70 i bhfolimistéar 88.1		
			Cuid de ATMS_A laistigh den LTS	San áireamh sa teorainn ghabhála le haghaidh an LTS i bhfolimistéar 88.1		San áireamh sna teorainneacha foghabhála le haghaidh an LTS i bhfolimistéar 88.1		
			88.2_1	184	1 425	9	29	29
			88.2_2	454		22	72	72
			88.2_3	468		23	74	74
			88.2_4	319		15	51	51
		An 14 Nollaig 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2026	88.2_H	199	199	9	31	31

(1) Is é an déadiasc Antartach (*Dissostichus mawsoni*) an spriocspeiceas. Aon déadiasc Patagónach (*Dissostichus eleginoides*) a ghabhfar, áireofar mar chuid den teorainn ghabhála fhoriomlán le haghaidh déadéisc Antartacha (*Dissostichus mawsoni*) é.
(2) I limistéar 88.1 agus in ATMSanna A agus B i limistéar 88.2, i gcás ina rachaidh an ghabháil gránádóirí (*Macrourus* spp.) arna tógáil ag soitheach aonair le linn aon dá thréimhse 10 lá (i.e. ó lá 1 go dtí lá 10, ó lá 11 go dtí lá 20 nó ó lá 21 go dtí an lá deireanach den mhí) thar 1 500 kg in aon ATMS sa dá thréimhse 10 lá agus i gcás ina rachaidh an ghabháil sin thar 16 % de ghabháil déadiasc Antartach (*Dissostichus* spp.) an tsoithigh sin san ATMS sin, scoirfidh an soitheach d'iascaireacht a dhéanamh san ATMS sin don chuid eile den séasúr.
(3) Gach limistéar lasmuigh den limistéar muirí faoi chosaint i réigiún Mhuir Ross agus lastuaidh de 70°D.
(4) Gach limistéar lasmuigh den limistéar muirí faoi chosaint i réigiún Mhuir Ross agus laisteas de 70°D.

Foscríbhinn

Cuid A

Comhordanáidí bhloic taighde 48.6

Comhordanáidí bhloc taighde 48.6_2

54°00'D 01°00'O

55°00'D 01°00'O

55°00'D 02°00'O

55°30'D 02°00'O

55°30'D 04°00'O

56°30'D 04°00'O

56°30'D 07°00'O

56°00'D 07°00'O

56°00'D 08°00'O

54°00'D 08°00'O

54°00'D 09°00'O

53°00'D 09°00'O

53°00'D 03°00'O

53°30'D 03°00'O

53°30'D 02°00'O

54°00'D 02°00'O

Comhordanáidí i mbloc taighde 48.6_3

64°30'D 01°00'O

66°00'D 01°00'O

66°00'D 04°00'O

65°00'D 04°00'O

65°00'D 07°00'O

64°30'D 07°00'O

Comhordanáidí i mbloc taighde 48.6_4

68° 20' D 10° 00' O

68° 20' D 13° 00' O

69°30'D 13°00'O

69°30'D 10°00'O

69° 45' D 10° 00' O

69° 45' D 06° 00' O

69°00'D 06°00'O

69°00'D 10°00'O

Comhordanáidí i mbloc taighde 48.6_5

71°00'D 15°00'I

71°00'D 13°00'I

70°30'D 13°00'I

70°30'D 11°00'I

70°30'D 10°00'I

69°30'D 10°00'I

69°30'D 09°00'I

70°00'D 09°00'I

70°00'D 08°00'I

69°30'D 08°00'I

69°30'D 07°00'I

70°30'D 07°00'I

70°30'D 10°00'I

71°00'D 10°00'I

71°00'D 11°00'I

71°30'D 11°00'I

71°30'D 15°00'I

Comhordanáidí bhloc taighde 88.2

Comhordanáidí bhloc taighde 88.2_1

73°48'D 108°00'I

73°48'D 105°00'I

75°00'D 105°00'I

75°00'D 108°00'I

Comhordanáidí bhloc taighde 88.2_2

73°18'D 119°00'I

73°18'D 111°30'I

74°48'D 111°30'I

74°12'D 119°00'I

Comhordanáidí i mbloc taighde 88.2_3

72°12'D 122°00'I

70°50'D 115°00'I

71°42'D 115°00'

73°12'D 122°00'I

Comhordanáidí i mbloc taighde 88.2_4

72°36'D 140°00'I

72°36'D 128°00'I

74°42'D 128°00'I

74°42'D 140°00'I

Liosta aonad taighde ar mionscála (ATMSanna)

Réigiún	ATMS	Líne theorann
88.1	A	Ó 60°D 150°O, soir díreach go 170°O, ó dheas díreach go 65 D, siar díreach go 150°O, ó thuaidh díreach go 60°D.
	B	Ó 60 D 170°O, soir díreach go 179°O, ó dheas díreach go 66°40'D, siar díreach go 170°O, ó thuaidh díreach go 60°D.
	C	Ó 60°D 179°O, soir díreach go 170°I, ó dheas díreach go 70°D, siar díreach go 178°I, ó thuaidh díreach go 66°40'D, siar díreach go 179°O, ó thuaidh díreach go 60°D.
	D	Ó 65°D 150°O, soir díreach go 160°O, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 150°O, ó thuaidh díreach go 65°D.
	E	Ó 65°D 160°O, soir díreach go 170°O, ó dheas díreach go 68°3O'D, siar díreach go 160°O, ó thuaidh díreach go 65°D.
	F	Ó 68°30'D 160°O, soir díreach go 170°O, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 160°O, ó thuaidh díreach go 68°30'D.
	G	Ó 66°40'D 170°O, soir díreach go 178°I, ó dheas díreach go 70°D, siar díreach go 178°50'O, ó dheas díreach go 70°50'D, siar díreach go 170°O, ó thuaidh díreach go 66°40'D.
	H	Ó 70°50'D 170°O, soir díreach go 178°50'O, ó dheas díreach go 73°D, siar díreach go dtí an cósta, ó thuaidh feadh an chósta go 170°O, ó thuaidh díreach go 70°50'D.
	I	Ó 70°D 178°50'O, soir díreach go 170°I, ó dheas díreach go 73°D, siar díreach go 178°50'O, ó thuaidh díreach go 70°D.
	J	Ó 73°D ar an gcósta gar do 170°O, soir díreach go 178°50'O, ó dheas díreach go 80°D, siar díreach go 170°O, ó thuaidh feadh an chósta go 73°D.
	K	Ó 73°D 178°50'O, soir díreach go 170°I, ó dheas díreach go 76°D, siar díreach go 178°50'O, ó thuaidh díreach go 73°D.
	L	Ó 76°D 178°50'O, soir díreach go 170°I, ó dheas díreach go 80°D, siar díreach go 178°50'O, ó thuaidh díreach go 76°D.
	M	Ó 73°D ar an gcósta gar do 169°30'O, soir díreach go 170°O, ó dheas díreach go 80°D, siar díreach go dtí an cósta, ó thuaidh feadh an chósta go 73°D.

Réigiún	ATMS	Líne theorann
88.2	A	Ó 60°D 170°O, soir díreach go 160°O, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 170°O, ó thuaidh díreach go 60°D.
	B	Ó 60°D 160°O, soir díreach go 150°O, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 160°O, ó thuaidh díreach go 60°D.
	C	Ó 70°50'D 150°I, soir díreach go 140°I, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 150°I, ó thuaidh díreach go 70°50'D.
	D	Ó 70°50'D 140°I, soir díreach go 130°I, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 140°I, ó thuaidh díreach go 70°50'D.
	E	Ó 70°50'D 130°I, soir díreach go 120°I, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 130°I, ó thuaidh díreach go 70°50'D.
	F	Ó 70°50'D 120°I, soir díreach go 110°I, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 120°I, ó thuaidh díreach go 70°50'D.
	G	Ó 70°50'D 110°I, soir díreach go 105°I, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 110°I, ó thuaidh díreach go 70°50'D.
	H	Ó 65°D 150°O, soir díreach go 105°O, ó dheas díreach go 70°50'D, siar díreach go 150°O, ó thuaidh díreach go 65°D.
	I	Ó 60°D 150°O, soir díreach go 105°O, ó dheas díreach go 65 D, siar díreach go 150°O, ó thuaidh díreach go 60°D.
	J	Ó 60°D 170°O, soir díreach go 160°O, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 170°O, ó thuaidh díreach go 60°D.
	K	Ó 60°D 160°O, soir díreach go 150°O, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 160°O, ó thuaidh díreach go 60°D.
	L	Ó 70°50'D 150°I, soir díreach go 140°I, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 150°I, ó thuaidh díreach go 70°50'D.
	M	Ó 70°50'D 140°I, soir díreach go 130°I, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 140°I, ó thuaidh díreach go 70°50'D.

Cuid B

Fógra a thabhairt maidir le rún a bheithrannpháirteach in iascach le haghaidh crilleanna *(Euphausia superba)*

Faisnéis ghinearálta

Comhalta: . . . . . .

Séasúr iascaireachta: . . . . . .

Ainm an tsoithigh: . . . . . .

Leibhéal na gabhála a bhfuil coinne leis (ina thonaí): . . . . . .

Acmhainneacht próiseála laethúil an tsoithigh (tonaí de réir beomheáchain): . . . . . .

Na folimistéir agus na ranna iascaireachta atá beartaithe

Tá feidhm ag an mbeart caomhnúcháin sin maidir le fógraí faoin rún iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna i bhfolimistéir 48.1, 48.2, 48.3 agus 48.4 agus ranna 58.4.1 agus 58.4.2. Faoi chuimsiú Bheart Caomhnúcháin CCAMLR 21-02 (2019), ní mór fógra a thabhairt faoin rún iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna i bhfolimistéir agus ranna eile.

Folimistéar/roinn	Cuir tic sna boscaí iomchuí
48.1	☐
48.2	☐
48.3	☐
48.4	☐
58.4.1	☐
58.4.2	☐

Teicníc iascaireachta: Cuir tic sna boscaí iomchuí

☐ Gnáth-thrál

☐ Córas iascaireachta leanúnaí

☐ Caidéalú chun an soc-fhoirceann a ghlanadh

☐ Modh eile (sonraigh, le do thoil)

Cineálacha táirge agus modhanna chun measachán díreach a thabhairt ar an mbeomheáchan crilleanna a gabhadh

An cineál táirge	Modh chun measachán díreach a thabhairt ar an mbeomheáchan crilleanna a gabhadh, i gcás inarb ábhartha (féach Iarscríbhinn 21-03/B) [1]
Iomlán reoite	
Beirithe	
Min	
Ola	
Táirge eile (sonraigh)	

[1] Mura liostaítear an modh in Iarscríbhinn 21-03/B, tabhair tuairisc mhionsonraithe air.

Cumraíocht an lín

Toisí an lín	Líon 1		Líon 2		Líonta eile	
Béal an lín (béal)						
An béal ingearach uasta (m)						
An béal cothrománach uasta (m)						
Imlíne ghlan ag béal an lín ([1]) (m)						
Achar an bhéil (m^2)						
Meán-mhogallmhéid an phainéil ([3]) (mm)	Amuigh ([2])	Istigh ([2])	Amuigh ([2])	Istigh ([2])	Amuigh ([2])	Istigh ([2])
An chéad phainéal						
An dara painéal						
An tríú painéal						
…						
An painéal deiridh (an soc-fhoirceann)						

([1]) A bhfuiltear ag súil leis ó thaobh dálaí oibriúcháin de.
([2]) Méid an mhogaill sheachtraigh, agus an mhogaill inmheánaigh i gcás ina mbaintear úsáid as líneáil.
([3]) Tomhas inmheánach mogaill shínte bunaithe ar an nós imeachta i mBeart Caomhnaithe CCAMLR 22-01 (2019).

Léaráid(í) den líon:

I gcás gach lín a úsáidtear, nó i gcás aon athrú ar chumraíocht an lín, féach ar an léaráid den líon is ábhartha i leabharlann trealaimh iascaireachta CCAMLR má tá sí ar fáil (www.ccamlr.org/node/74407), nó cuir isteach léaráid agus tuairisc mhionsonraithe chuig an gcéad chruinniú eile de chuid na Meithle um Fhaireachán agus um Bainistíocht Éiceachóras (WG-EMM). Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar áireamh sna léaráidí den líon:

1. Fad agus leithead gach painéil tráil (le mionsonraithe leordhóthanacha chun go bhféadfaí uillinn gach painéil a ríomh ó thaobh an tsreafa uisce de).
2. Mogallmhéid (tomhas inmheánach mogaill shínte bunaithe ar an nós imeachta i mBeart Caomhnúcháin CCAMLR 22-01 (2019)), cruth (e.g. cruth muileatach) agus ábhar (e.g. polapróipiléin).
3. An chaoi a bhfuil an mogall déanta (e.g. snaidhmthe, chomhtháite).
4. Mionsonraí na sraoilleán a úsáidtear laistigh den trál (dearadh, áit a bhfuil siad ar na painéil, cuir 'neamhní' isteach mura bhfuil sraoilleáin á n-úsáid); mar gheall ar shraoilleáin ní shalaíonn crilleanna an mogall ná ní éalaíonn siad.

Feiste eisiaimh mamach farraige

Léaráid(í) den fheiste: . . . . . .

I gcás gach cineáil feiste a úsáidtear, nó i gcás aon athrú ar chumraíocht na feiste, féach ar an léaráid is ábhartha i leabharlann trealaimh iascaireachta CCAMLR má tá sí ar fáil (www.ccamlr.org/node/74407), nó cuir isteach léaráid agus tuairisc mhionsonraithe chuig an gcéad chruinniú eile de chuid WG-EMM.

Tabhair sonraí maidir le gach feiste eisiamh mamach farraige a úsáidtear agus sonraigh an feiste eisiamh rónta, míolta móra nó eile atá ann.

Sonraí fuaimiúla a bhailiú

Cuir faisnéis ar fáil maidir leis na sondálaithe fuaime agus na sonóirí a úsáidtear ar an soitheach

Cineál (e.g. sondálaí fuaime, sonóir)			
Monaróir			
Leagan			
Minicíochtaí trasduchtóra (kHz)			

Sonraí fuaimiúla a bhailiú (tuairisc mhionsonraithe): . . . . . .

Leag amach na céimeanna a thabharfar chun sonraí fuaimiúla a bhailiú le gur féidir faisnéis a sholáthar maidir le dáileadh agus flúirse crilleanna (*Euphausia superba*) agus speicis peiligeach eile amhail lóchrannaigh agus salpidae (SC-CAMLR-XXX, mír 2.10).

TREOIRLÍNTE CHUN AN BEOMHEÁCHAN CRILLEANNA A GABHADH A MHEAS

Modh	Cothromóid (kg)	Paraiméadar			
		Tuairisc	Cineál	Modh meastacháin	Aonad
Toirt an umair coinneála	W*L*H*ρ*1 000	W = leithead an umair	Seasmhach	Tomhas ag tús na hiascaireachta	m
		L = fad an umair	Seasmhach	Tomhas ag tús na hiascaireachta	m
		ρ = fachtóir coinbhéartachta toirt go mais	Athraitheach	Coinbhéartú toirt go mais	kg/lítear
		H = doimhneacht crilleanna san umar	Dol-sonrach	Grinniú díreach	m
Sreabhmh-éadar ([1])	$V*F_{krill}*\rho$	V = toirt crilleanna agus uisce le chéile	Dol ([1]) -sonrach	Grinniú díreach	lítear
		F_{krill} = codán crilleanna sa sampla	Dol ([1]) -sonrach	Ceartúchán ar thoirt an tsreabhmhéadair	—
		ρ = fachtóir coinbhéartachta toirt go mais	Athraitheach	Coinbhéartú toirt go mais	kg/lítear
Sreabhmh-éadar ([2])	(V*ρ)–M	V = toirt an taois crille	Dol ([1]) -sonrach	Grinniú díreach	lítear
		M = an méid uisce a cuireadh leis an bpróiseas, coinbhéartaithe go mais	Dol ([1]) -sonrach	Grinniú díreach	kg
		ρ = dlús an taois crille	Athraitheach	Grinniú díreach	kg/lítear
Sreabhscála	M*(1–F)	M = mais crilleanna agus uisce le chéile	Dol ([2]) -sonrach	Grinniú díreach	kg
		F = codán uisce sa sampla	Athraitheach	Ceartúchán maise sreabhscála	—
Meáphláta	$(M–M_{tray})*N$	M_{tray} = mais meáphláta fholaimh	Seasmhach	Grinniú díreach roimh iascaireacht	kg
		M = meánmhais crilleanna agus meáphláta le chéile	Athraitheach	Grinniú díreach, roimh reo agus an t-uisce síothlaithe	kg
		N = líon meáphlátaí	Dol-sonrach	Grinniú díreach	—

Modh	Cothromóid (kg)	Paraiméadar			
		Tuairisc	Cineál	Modh measatacháin	Aonad
Coinbhéartú mine	M_{meal}*MCF	M_{meal} = mais na mine arna tairgeadh	Dol-sonrach	Grinniú díreach	kg
		MCF = fachtóir coinbhéartachta mine	Athraitheach	Coinbhéartú mine in aghaidh crill iomlán	—
Toirt an tsoc-fhoircinn	W*H*L*ρ*π/4*1 000	W = leithead an tsoc-fhoircinn	Seasmhach	Tomhas ag tús na hiascaireachta	m
		H = airde an tsoc-fhoircinn	Seasmhach	Tomhas ag tús na hiascaireachta	m
		ρ = fachtóir coinbhéartachta toirt go mais	Athraitheach	Coinbhéartú toirt go mais	kg/lítear
		L = fad an tsoc-fhoircinn	Dol-sonrach	Grinniú díreach	m
Eile	Sonraigh				

(1) Dol aonair agus úsáid á baint as gnáth-thrál, nó ar bhealach comhtháite le linn tréimhse 6 uair an chloig agus úsáid á baint as an gcóras iascaireachta leanúnaí.
(2) Dol aonair agus úsáid á baint as gnáth-thrál, nó ar bhealach comhtháite le linn tréimhse 2 uair an chloig agus úsáid á baint as an gcóras iascaireachta leanúnaí.

	Céimeanna sa ghrinniú agus minicíocht an ghrinnithe
Toirt an umair coinneála	
Ag tús na hiascaireachta	Déan tomhas ar leithead agus fad an umair coinneála (murar umar dronuilleogach atá ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh tomhais bhreise de dhíth; beachtas ± 0,05 m)
Gach mí [1]	Déan an coinbhéartú toirt go mais a mheas arna dhíorthú ón mais shíothlaithe crilleanna a bhfuil toirt aitheanta inti (e.g. 10 lítear) a tógadh as an umar coinneála
Gach dol	Déan tomhas ar dhoimhneacht na gcrilleanna san umar (má choinnítear crilleanna san umar idir dola, déan an difríocht ó thaobh doimhneachta de a thomhas; beachtas ± 0,1 m) Déan an beomheáchan crilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)
Sreabhmhéadar [1]	
Roimh iascaireacht	Áirithigh go bhfuil crilleanna iomlána á dtomhas ag an sreabhmhéadar (i.e. sula ndéantar iad a phróiseáil)
Níos mó ná uair amháin in aghaidh na míosa [1]	Déan an coinbhéartú toirt go mais (ρ) a mheas arna dhíorthú ón mais shíothlaithe crilleanna a bhfuil toirt aitheanta inti (e.g. 10 lítear) a tógadh ón sreabhmhéadar
Gach dol [2]	Faigh sampla ón sreabhmhéadar agus: — déan an toirt (e.g. 10 lítear) crilleanna agus uisce le chéile a thomhas, — déan an ceartúchán ar thoirt an tsreabhmhéadair a mheas arna dhíorthú ón toirt shíothlaithe crilleanna Déan an beomheáchan crilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)

Sreabhmhéadar ([2])	
Roimh iascaireacht	Áirithigh go bhfuil an dá shreabhmhéadar (ceann amháin le haghaidh an táirge crille agus ceann eile le haghaidh an uisce a cuireadh leis) calabraithe (i.e. go bhfuil an léamh céanna ceart orthu)
Gach seachtain ([1])	Déan dlús (ρ) an táirge crille a mheas (taos crille meilte) trí mhais an táirge crille a bhfuil toirt aitheanta inti a thomhas (e.g. 10 lítear) a tógadh ón sreabhmhéadar comhfhreagrach
Gach dol ([2])	Léigh an dá shreabhmhéadar, agus déan toirt iomlán an táirge crille (taos crille meilte) agus toirt iomlán an uisce a cuireadh leis a ríomh; glactar leis gurb é 1 kg/lítear dlús an uisce Déan an beomheáchan crilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)
Sreabhscála	
Roimh iascaireacht	Áirithigh go bhfuil crilleanna iomlána á dtomhas ag an sreabhscála (i.e. sula ndéantar iad a phróiseáil)
Gach dol ([2])	Faigh sampla ón sreabhscála agus: — déan an mhais crilleanna agus uisce le chéile a thomhas, — déan an ceartúchán maise sreabhscála a mheas arna dhíorthú ón toirt síothlaithe crilleanna Déan an beomheáchan crilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)

Meáphláta	
Roimh iascaireacht	Déan mais na meá a thomhas (murab ionann na meánna ó thaobh deartha de, déan mais gach cineáil meá a thomhas; beachtas ± 0,1 kg)
Gach dol	Déan an mhais crilleanna agus mais an mheáphláta le chéile a thomhas (beachtas ± 0,1 kg)
	Déan an líon meáphlátaí a úsáideadh a chomhaireamh (murab ionann na meáphlátaí ó thaobh deartha de, déan líon na meáphlátaí i gcás gach cineáil meáphláta a chomhaireamh)
	Déan an beomheáchan crilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)
Coinbhéartú mine	
Gach mí [1]	Déan coinbhéartú na mine go crill iomlán a mheas trí 1 000 go 5 000 kg (mais shíothlaithe) de chrilleanna iomlána a phróiseáil
Gach dol	Tomhais mais na mine a tháirgtear
	Déan an beomheáchan crilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)
Toirt an tsoc-fhoircinn	
Ag tús na hiascaireachta	Tomhais leithead agus airde an tsoc-fhoircinn (beachtas ± 0,1 m)
Gach mí [1]	Déan an coinbhéartú toirt go mais a mheas arna dhíorthú ón mais shíothlaithe crilleanna a bhfuil toirt aitheanta inti (e.g. 10 lítear) a tógadh as an soc-fhoirceann
Gach dol	Tomhais fad an tsoc-fhoircinn ina bhfuil crilleanna (beachtas ± 0,1 m)
	Déan an beomheáchan crilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)

(1) Cuirfear tús le tréimhse nua nuair a bhogfaidh an soitheach go folimistéar nó roinn nua.
(2) Dol aonair agus úsáid á baint as gnáth-thrál, nó ar bhealach comhtháite le linn tréimhse 6 uair an chloig agus úsáid á baint as an gcóras iascaireachta leanúnaí.

IARSCRÍBHINN VIII

LIMISTÉAR INNIÚLACHTA IOTC

1. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní trópaiceacha i Limistéar Inniúlachta IOTC

Ballstát	An líon uasta soithí	Toilleadh (olltonnáiste)
an Spáinn	22	61 364
an Fhrainc	27	45 383
an Phortaingéil	5	1 627
an Iodáil	1	2 137
An tAontas	55	110 511

2. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar cholgáin (*Xiphias gladius*) agus tuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*) i Limistéar Inniúlachta IOTC

Ballstát	An líon uasta soithí	Toilleadh (olltonnáiste)
an Spáinn	27	11 590
an Fhrainc	41 ([1])	7 882
an Phortaingéil	15	6 925
An tAontas	83	26 397

([1]) Ní chuimsítear soithí atá cláraithe in Mayotte sa liosta sin; d'fhéadfaí cur leis amach anseo i gcomhréir le plean forbartha cabhlaigh Mayotte.

3. Beidh na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 údaraithe freisin le hiascaireacht a dhéanamh ar cholgáin agus tuinníní colgacha i Limistéar Inniúlachta IOTC.

4. Beidh na soithí dá dtagraítear i bpointe 2 údaraithe freisin le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní trópaiceacha i Limistéar Inniúlachta IOTC.

IARSCRÍBHINN IX

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN WCPFC

1. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a úsáideann spiléir agus atá údaraithe chun an colgán (*Xiphias gladius*) a iascach i limistéir laisteas de 20° D de limistéar Choinbhinsiún WCPFC

an Spáinn	14
An tAontas	14

2. An líon uasta soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní trópaiceacha i limistéir idir 20 T agus 20 D de limistéar Choinbhinsiún WCPFC

an Spáinn	4
An tAontas	4

IARSCRÍBHINN X

LIMISTÉAR CHOMHAONTÚ SIOFA

Ní rachaidh iarracht iascaireachta grinnill bhliantúil soithí iascaireachta de chuid an Aontais i Limistéar Chomhaontú SIOFA thar na teorainneacha seo a leanas:

an Fhrainc	237 lá iascaireachta
an Spáinn	2 shoitheach
Ballstáit eile	0

IARSCRÍBHINN XI

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NPFC

An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht ghrinnill a dhéanamh i limistéar Choinbhinsiún NPFC:

An tAontas	0